Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Treochlár um an Ionchuimsiú Sóisialta 2020 - 2025

## Pleananna, Spriocanna, Gealltanais



# Clár Ábhair


**Brollach leis an Taoiseach ........ 8**

**Brollach leis an Aire ........ 9**

**Réamhrá ........ 10**

An Próiseas Comhairliúcháin ........ 11

Pleananna agus Gealltanais ........ 11

**Caibidil 1: Na Pleananna atá againn maidir leis an Ionchuimsiú Sóisialta ........ 15**

**Caibidil 2: Deiseanna Fostaíochta a Leathnú Amach ........ 21**

Deiseanna Fostaíochta ar Ardchaighdeán a Chruthú ........ 22

An Oiliúint agus an tOideachas - Scileanna don Fhostaíocht ........ 23

Ár Straitéis um Sheirbhísí Fostaíochta Poiblí a Athnuachan ........ 24

Aghaidh a thabhairt ar na Bacainní atá Curtha ar Theaghlaigh
Chun Páirt a Ghlacadh sa Mhargadh Saothair ........ 25

Sochair Leasa Sholúbtha - Cumarsáid Níos Fearr A Dhéanamh ........ 26

Oibleagáidí i leith Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige
- Ag Cuidiú le Tuismitheoirí Cothromaíocht Oibre is Saoil A Bhaint Amach ........ 26

Costas Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige -
Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige atá Inacmhainne a Thabhairt Isteach ........ 26

Deiseanna do Chúramóirí a Mhéadú ........ 26

Bacainní atá le Sárú ag Grúpaí Imeallaithe ........ 27

Ráiteas maidir le Gealltanais ........ 28

**Caibidil 3: Ag Tacú le hOibrithe agus le Teaghlaigh -
Ag Cinntiú gur Fiú an Luach Saothar a Bheith ag Obair ........ 31**

Coinníollacha Oibre Cothroma a Chur Chun Cinn ........ 31

Íosphá Cothrom a Chinntiú ........ 32

Feabhas a Chur ar na Tacaíochtaí Ioncaim do Theaghlaigh a bhfuil Leanaí Acu ........ 34

Tacaíochtaí chun Cuidiú le Daoine a gcuid Airgeadais a Bhainistiú a Leathnú Amach ........ 35

Ráiteas maidir le Gealltanais ........ 36

**Caibidil 4: Ag Tacú le Daoine Aosta - A nIoncam a Dhearbhú ........ 39**

An Tagarmharcáil: An Bonn Atá Leis ........ 39

Ráiteas maidir le Gealltanais ........ 42

Cur Chuige Féideartha Amháin Atá Ann: Tagarmharc *Tuilleamh Chothromaithe* do Phinsin ........ 40

Tacaíochtaí agus Seirbhísí Eile do Dhaoine Scothaosta ........ 42

## Clár Ábhair

**Caibidil 5: Ag Tacú le Teaghlaigh agus le Leanaí ... 45**

Seirbhísí agus Tacaíochtaí Leanaí a Fhorbairt sa Bhreis ... 45

Tábhacht Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige ... 46

Saoire do Thuismitheoirí/Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige ... 48

An tOideachas ... 48

Clár um Béilí Scoile ... 49

An Cúram sláinte ... 49

Tacaíochtaí Ioncaim agus Íocaíochtaí ... 50

An Sprioc Náisiúnta maidir leis an mBochtaineacht Leanaí Náisiúnta ... 51

Ráiteas maidir le Gealltanais ... 52

**Caibidil 6: Ag Tacú le Daoine faoi Mhíchumas ... 55**

An Leibhéal d'Uaillmhian Atá Againn A Shocrú - Spriocanna Nua ... 55

An Cumas agus an Costas a Aithint ... 56

Ráiteas maidir le Gealltanais ... 57

**Caibidil 7: Tacaíocht A Thabhairt Do Phobail ... 59**

Earnáil an Phobail agus an Earnáil Dheonach a Mhaoiniú ... 59

An Obair Dheonach agus an Rannpháirtíocht Shóisialta a Spreagadh ... 60

An Bonneagar Áitiúil ... 60

Ag Éisteacht agus ag Foghlaim ... 63

Pobal Uile-Oileáin: Ag freagairt Brexit ... 63

Ráiteas maidir le Gealltanais ... 64

**Caibidil 8: Bunriachtanais: An Cúram Sláinte, an Tithíocht, an Fuinneamh agus an Bia ... 67**

An Cúram sláinte ... 67

An Tithíocht ... 68

Tacaíochtaí chun Costais Fuinnimh a Bhainistiú ... 69

An Bhochtaineacht Bia ... 70

Ráiteas maidir le Gealltanais ... 70

# Clár Ábhair

**Caibidil 9: An Cur i bhFeidhm agus Rialachas 73**

An Rialachas 73

Measúnú/Meastóireacht 74

Tuairisc agus Athbhreithniú a Dhéanamh 74

Córais Faireacháin agus Meastóireachta 74

Ráiteas maidir le Gealltanais 76

**Aguisíní: Cáipéisí Tacaíochta 77**

# Na Pleananna atá againn do 2025

An ráta bochtaineachta seasta a laghdú síos go dtí 2% nó níos lú den daonra agus,

Gníomhú le go mbeidh Éire ar cheann de na Stáit is cuimsithí go sóisialta san AE

| 7 Spriocanna Ardleibhéil | 66 Gealltanais, lena n-áirítear: |
|---|---|
| **1** Deiseanna fostaíochta a leathnú amach do gach aon duine atá in ann obair a dhéanamh | Seirbhísí fostaíochta a fheabhsú do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach agus do ghrúpaí imeallaithe. |
| **2** A Chinntiú gur Fiú an Luach Saothar as a Bheith ag Obair - an pá cothrom agus coinníollacha córa d'oibrithe | Coinníollacha fostaíochta a fhorfheidhmiú ar bhonn níos déine. Leanúint ar aghaidh ag cur le ráta an íosphá. |
| **3** Slándáil ioncaim a sholáthar do dhaoine scothaosta | Rátaí pinsin a thagarmharcáil ar thuarastail agus an ráta boilscithe. Coimisiún um rátaí pinsin a chur i mbun. |
| **4** Tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh - an bhochtaineacht leanaí a laghdú | Tús áite a thabhairt do mhéaduithe ar íocaíochtaí a bhaineann le teaghlaigh. Tacaíochtaí teaghlaigh nua a thabhairt isteach agus a leathnú amach. |
| **5** An bhochtaineacht a laghdú i measc daoine faoi mhíchumas - cuidigh leo cur lena gcumas | Struchtúr na n-íocaíochtaí leasa a bhaineann leis an míchumas a athchóiriú. Tacaíochtaí fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas a fheabhsú. |
| **6** Pobail chuimsitheacha a thógáil - an tsaoránacht ghníomhach a ghríosú | Scéimeanna agus seirbhísí uile-Éireann a chosaint tar éis Brexit. An Plean Náisiúnta Leathanbhanda a chur i bhfeidhm. |
| **7** A chinntiú go bhfuil rochtain ag gach aon duine ar sheirbhísí ardchaighdeáin | Sláintecare a Chur i bhFeidhm. An bhochtaineacht bia agus an bhochtaineacht bhreosla a laghdú. |

## Gníomhartha spriocdhírithe, lena gcuimsítear:


- Seandaoine
- Daoine nach bhfuil fostaithe
- Oibrithe
- Teaghlaigh
- Daoine faoi mhíchumas
- Pobail

## Agus 66 gealltanas taobh thiar de sin, á thiomáint:

- Rátaí leasa
- An pá
- An cruthú fostaíochta
- A tOideachas agus an Oiliúint
- Tacaíochtaí fostaíochta
- Tacaíochtaí teaghlaigh agus tacaíochtaí fhoghlaim agus chúram na luath-óige
- Seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas
- An fhorbairt pobail

## Arna rianú i gcoinne 22 Sprioc, lena gcuimsítear:

- An bhochtaineacht (an bhochtaineacht leanaí san áireamh)
- An Díth
- Dáileadh an Ioncaim
- An Tithíocht
- An tSláinte
- Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige
- An Rannpháirtíocht Shóisialta/An tSaoránacht Ghníomhach



## Brollach leis an Taoiseach

Tá an geilleagar agus an tsochaí ag athrú go tapa in Éirinn faoi láthair na huaire. Tá dul chun cinn suntasach déanta againn le blianta beaga anuas chun an tír seo a chur ar an mbóthar ceart agus tá an t-ionchas eacnamaíocha atá againn agus ár n-infheistíocht i seirbhísí poiblí agus sóisialta ag dul i méid. Tá laghduithe suntasacha bainte amach sna rátaí bochtaineachta, bochtaineachta leanaí, díthe agus eisiata sóisialta dá bharr, go háirithe ó bhí 2014 ann.

Ba mhaith linn cur leis an dul chun cinn sin sna blianta beaga atá amach romhainn. Seo é an t-am chun beart nua de ghealltanais a leagan síos sinn féin gur mhian linn a bhaint amach don tír seo faoin bhliain 2025.

Leis an Treochlár um an Ionchuimsiú Sóisialta, táthar ag déanamh iarracht na dúshláin sin atá os ár gcomhair a shainaithint, agus bearta daingne a chur i bhfeidhm chomh maith ar fud an Rialtais. Creidimid go bhfuil na gealltanais atá leagtha amach sa Treochlár réalaíoch agus uaillmhianach ag an am céanna, agus tá ár gclár oibre soiléir: go mbeadh Éire ar cheann de na tíortha is cuimsithí san AE ó thaobh cúrsaí sóisialta de laistigh den tréimhse cúig bliana atá amach romhainn.

Chuige sin, táthar ag athrú an bhéim sa Treochlár ionas nach mbeidh sé dírithe ar an ioncam amháin go deo. Tá breac-chuntas tugtha ann ar bhearta agus spriocanna sonracha ar féidir leo an dul chun cinn atá déanta a ghabháil thar go leor gnéithe den ionchuimsiú sóisialta: an tithíocht, an cúram sláinte, an cúram leanaí agus an t-iomchuimsiú sóisialta. Tá sé mar aidhm ag an Treochlár go gcuirfear sinn ar an mbealach ceart chun fíor-athrú agus fíorsheachadadh a bhaint amach sna réimsí is mó tábhacht dár saoránaigh agus ar féidir leo a bheith mar bhuntacú dúinn le cáilíocht beatha níos fearr do chách a bhaint amach.

Mar bhuille scor, ní féidir é seo a bheith mar cháipéis statach nach ndéanfar í a leasú ag annamh go leor, agus ní amhlaidh a bheidh, leoga. Ina ionad sin, is é an aidhm atá againn ná a chinntiú gur straitéis bheo atá ann, straitéis a fhorbraítear agus a fhásann de réir a chéile, le himeacht ama de réir mar a thugaimid ar thuiscint ar cad iad na bearta atá ag obair, agus fiú cad iad na cinn nach n-oibríonn. Tá rún daingean againn na bearta agus na gealltanais atá againn a athchalabrú sa tréimhse cúig bliana atá amach romhainn ionas gur féidir linn a bheith cinnte de go ndéantar gach uile dheis a thapú.

**Leo Varadkar**

An Taoiseach

Eanáir 2020



## Réamhrá an Aire

Is léir go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta againn maidir leis an feachtais i gcoinne na bochtaineachta agus an eisiata sóisialta in Éirinn le blianta beaga anuas ach tá ceisteanna fós ag seasamh amach. Cén chineál dul chun cinn a dhéanfaimid sna blianta atá amach romhainn? Cén tslí ar éireoidh linn é sin a dhéanamh? Conas a chuirfimid na hathruithe sin ar aghaidh gur mian linn a chur i gcrích? Rinneadh an Treochlár um an Ionchuimsiú Sóisialta a fhorbairt tar éis tréimhse sínte den chomhairliúchán agus tá sé mar aidhm aige freagraí a thabhairt dor na ceisteanna seo.

Ó thaobh an cuma atá air agus na mothúcháin a spreagann leis, is ionann an Treochlár nua agus aistriú as an nua ó na tionscnaimh a bhí ann roimhe seo. Roimhe seo, d'fhéadfaí breathnú ar cháipéisí straitéise dá leithéid mar athráiteas mionsonraithe ar ghníomhartha agus ar phleananna atá ar fud gach Roinn Rialtais gan aon ábhar nua a bheith iontu. Ach sa chás seo, tá an cháipéis seo níos sruthlínithe agus tá ar intinn aici struchtúr uileghabhálach a sholáthar do na cineálacha cur chuige éagsúla den ionchuimsiú sóisialta agus laghdaithe bochtaineachta atá leagtha amach i straitéis earnála na Roinne uile.

Straitéis cúig bliana a bheidh ann le hathbhreithniú meántéarmach neamhspleách chun an mheastóireacht ar thionchar na ngealltanas sin atá sa Treochlár a éascú. Táthar chun í a chur i bhfeidhm trí phleananna gníomhaíochta bliantúla lena dtabharfar breac-chuntas ar na príomhghníomhartha atáthar le déanamh gach uile bhliain agus an bealach a leithdháiltear iad ar na gníomhaireachtaí / Ranna uile lena gcuimseofar gach uile ghné den ionchuimsiú sóisialta.

Is é breisluach an Treochláir an soláthar creata le haghaidh ghníomhaíochtaí na Ranna Rialtais éagsúla. De réir mar atá cúrsaí faoi láthair na huaire, tugann gach Roinn Rialtais aghaidh ar laghdú na bochtaineachta agus ar an ionchuimsiú sóisialta ina cuid straitéisí féin. Is é ról an Treochláir ná creat níos leithne a sholáthar don obair seo agus an treo meántéarmach a shocrú ar bhonn uile-Rialtais, ag aithint na n-idirnasc agus na spleáchas i measc na bpáirithe leasmhara éagsúla uile.

Tá 7 gcuspóir ardleibhéil, 22 sprioc agus 66 gealltanas uathúla leagtha amach sa Treochlár. Tá an Treochlár dírithe ar chur i gcrích an ionchuimsithe shóisialta, ag úsáid cur chuige leathnaithe a théann níos faide ná an bhéim traidisiúnta ar an mbochtaineacht ioncaim. Cuimsítear sa straitéis seo athdhearbhú den ghealltanas fadtéarmach ata tugtha ag an Rialtais an ráta bochtaineachta seasta a laghdú síos go dtí 2% nó níos lú den daonra agus é sin a dhéanamh sa tréimhse idir seo agus 2025.

Cuimsítear leis éagsúlacht de spriocanna uile-Eorpacha freisin, lena gclúdaítear an tithíocht, an cúram sláinte, an cúram leanaí agus an lánpháirtiú sóisialta. Aithníonn an Treochlár go bhfuil grúpaí áirithe sa tsochaí curtha i níos mó baoil agus cuireann sé spriocanna cohóirt-shonracha i leith daoine atá faoi mhíchumas agus leanaí.

Tá gealltanas tugtha sa Treochlár go ndéanfaidh an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí tograí a scrúdú agus a fhorbairt don Rialtas chun tagarmharc foirmiúil a shocrú agus próiseas a thionscnamh lena mbeidh athruithe ar rátaí íocaíochta pinsin nasctha go sainráite le hathruithe ar an innéacs praghsanna tomhaltóirí agus meánphá amach anseo.

Mar fhocal scoir, sa Treochlár seo, tá creat láidir chun an mhonatóireacht agus an tuairisciú a dhéanamh ar an dul chun cinn lena dtabharfar an Rialtas chun cuntais agus lena gcuirfear bonn eolais faoi athnuachan atá faoi na straitéisí earnála cheana féin chomh maith leis an fhorbairt atáthar le cur ar na hearnála amach anseo.

**Regina Doherty, TD**

An tAire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, Eanáir 2020

## Réamhrá

*"Deirtear go bhfuil daoine ag maireachtáil i mbochtaineacht más rud é go bhfuil a n-ioncam agus a n-acmhainní (idir acmhainní ábhartha, cultúrtha agus sóisialta) chomh neamhleor sin go gcoisceann siad caighdeán maireachtála a bheith ag na daoine a mheasfá iad a bheith inghlactha go ginearálta i sochaí na hÉireann. Mar gheall ar ioncam agus acmhainní nach leor iad a bheith acu, féadfar daoine a eisiamh agus a imeallú óna bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí a mheastar iad a bheith mar ghnáthnós do dhaoine eile sa tsochaí."*

An Straitéis Náisiúnta in aghaidh na Bochtaineachta, 1997

Sa sainmhíniú seo ar an mbochtaineacht agus an eisiamh sóisialta atá ann le fada an lá, tugtar aitheantas go mbíonn tionchar mór ag cúrsaí n tsaoil agus ag an tuiscint faoin fholláin atá le fáil sa tsochaí i gcoitinne ar an taithí shaoil agus ar an tuiscint ar an fholláine a bhíonn ag an duine aonair sa tsochaí sin. Déanaimid comparáid idir muid féin agus daoine eile agus úsáidimid an t-eolas sin mar shlat tomhais chun ár bhfolláine féin agus ár n-áit laistigh dár bpobal agus sa tsochaí níos leithne a thomhas.

Mar sin féin, ní féidir an leas nó an leibhéal 'folláine' a thomhas le haon slat tomhais amháin a bunaithe ar an ioncam, cé gur féidir an bhochtaineacht ioncaim arna thomhas i dtéarmaí coibhneasta a bheith ina tháscaire láidir ar leas an duine. Is tosca iad an t-oideachas, an tsláinte, an tithíocht, an fhostaíocht agus an comhtháthú sóisialta (is é sin le rá tuiscint an duine ar "an gcomhnascacht" idir é féin agus an bpobal i gcoitinne) a chuireann le braistint folláine an duine agus lena leas foriomlán. Is tosca iad seo freisin atá de chuidiú chun easnaimh ioncaim a chúiteamh. Sa tslí chéanna, féadfar nach mbeidh baint ag leibhéil arda ioncaim (leibhéil ísle bochtaineachta ioncaim) le leibhéil leasa níos airde má tá seirbhísí droch-chaighdeán nó ardchostas ag gabháil leo, leibhéil ísle den chomhtháthú sóisialta, laghdú ar an muintearas nó ar luach an phobail ach oiread.

Tá an tuiscint níos leithne seo ar cad iad an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta le feiceáil sa sainmhíniú ar an Eisiamh Sóisialta atá leagtha amach i gComhaontú Comhpháirtíochta 2000:

*"Is féidir cur síos beacht gonta a dhéanamh ar an eisiamh sóisialta mar imeallú carnach ón ngníomhaíocht táirgeachta (an dífhostaíocht), ón tomhaltas (an bhochtaineacht ioncaim), ó líonraí sóisialta (an pobal, an teaghlach agus comharsana), ón gcinnteoireacht agus ó cháilíocht beatha leordhóthanach"*

Tá an cur chuige seo maidir leis an sainmhíniú ar an mbochtaineacht agus an eisiamh sóisialta le brath sa straitéis AE2020 freisin, go háirithe sa tionscnamh "Ardán Eorpach in aghaidh na Bochtaineachta", ina bhfuil cur síos ar an mbochtaineacht déanta sa tslí seo a leanas:

*"Cuimsítear leis an bhochtaineacht, ina gcruthanna iolracha, an t-easpa ioncaim agus an t-easpa dóthain acmhainní ábhartha chun maireachtáil le dínit; rochtain neamhleor ar sheirbhísí bunúsacha, dála an chúraim shláinte, na tithíochta agus an oideachais; an t-eisiamh ón margadh saothair agus an obair ar íseal-chaighdeán. "*

Tá na sainmhínithe seo ar an mbochtaineacht agus an eisiamh sóisialta lárnach i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta freisin, ina léirítear, trí 'dhálaí oibre cothroma' a bheith luaite mar cheann de na trí phríomhghnéithe lárnacha chun tacú leis an fhás uilechuimsitheach agus inbhuanaithe a chur san áireamh, a réitíonn go maith leis an beart atá déanta ag an Ardán Eorpach in aghaidh na Bochtaineachta an 'obair ísealchaighdeáin' a áireamh mar tháscaire ar an mbochtaineacht agus eisiamh sóisialta.

## Réamhrá

Cé go bhfuiltear sásta go bhfuil na roimh na mionchoigeartuithe seo curtha le sainmhíniú na bochtaineachta/an eisiata sóisialta, fós féin tá siad dírithe go deo ar an rud sin atáimid ag iarraidh a iarraidh a sheachaint. Cé nach ndéantar faillí sna sainmhínithe seo tá an Treochlár seo dírithe ar a bhfuil muid ag iarraidh a bhaint amach; agus béim ann ar an difríocht dhearfach gur féidir, agus gur cheart, a bhaint amach leis an mbeartas do shaol an duine agus dá shochaí chomh maith.

Dá bharr sin, tá an Treochlár nua seo leagtha amach i gcoinne na sprice go mbainfear amach an Ionchuimsiú Sóisialta, atá sainmhínithe againn mar seo a leanas:

> *"Is í an uair a mbaintear an tIonchuimsiú Sóisialta amach ná nuair a bhíonn daoine in ann teacht ar a dhóthain ioncam, acmhainní agus seirbhísí chun a chumasú dóibh páirt ghníomhach a ghlacadh ina bpobail agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí a mheastar a bheith mar ghnáthnós do dhaoine sa tsochaí i gcoitinne."*

Mar gheall ar an bhéim seo atá curtha ar an eisiamh sóisialta mar chuspóir lárnach, éascaítear ailíniú níos fearr a bheith déanta leis an gcur chuige 'An tIonchuimsiú Gníomhach' arna ghlacadh ag an Aontas Eorpach, ar a ndearna an Coimisiún Eorpach tagairt dó mar "cur chuige lena gcuirtear ar chumas gach uile shaoránach, go háirithe iad atá faoi mhíbhuntáiste is mó, páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí, lena n-áirítear post a bheith acu". Déanfaimid gach iarracht é seo a bhaint amach trí mheascadh de roinnt cineálacha éagsúla den chur chuige atá leagtha amach sa cháipéis seo.

### Próiseas Comhairliúcháin

Is í an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí a d'fhorbair an Treochlár seo, agus ionchur ó roinnt ranna Rialtais eile curtha leis, tar éis tréimhse de chomhairliúchán poiblí.
Lorgaíodh tuairimí ó dhaoine atá ag fuascailt faoin mbochtaineacht agus faoin eisiamh sóisialta agus ó ghrúpaí sna hearnálacha Pobail agus Deonacha atá ag obair i gcomhar leo ar roinnt bealaí: trí phróiseas comhairliúcháin phoiblí ar líne a tharla i mí Feabhra 2018; ag Fóram bliantúil ar an Ionchuimsiú Sóisialta[1] in 2017 agus in 2018 agus trí chruinnithe rialta a thionóltar idir an Roinn agus an earnáil Pobail agus Deonach.

Bhí tionchar ag an mbeartas reatha Eorpach agus idirnáisiúnta ar an Treochlár chomh maith, idir an Straitéis dar teideal Eoraip 2020, Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, an Chairt Shóisialach Eorpach agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe. Tá tuilleadh faisnéise faoi na tionscnaimh AE agus idirnáisiúnta seo ar fáil ar líne ar shuíomh na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí ar www.gov.ie.

### Pleananna agus Gealltanais

Sa tréimhse 23 bhliain ata imithe siar ón am ar foilsíodh an chéad Straitéis Náisiúnta Frithbhochtaine (NAPS) in 1997 tá na rialtais go léir a tháinig ina dhiaidh sin, aon cheann i ndiaidh a chéile, tar éis pleananna mionsonraithe earnála a fhorbairt ina bhfuil an t-ionchuimsiú sóisialta agus laghdú na bochtaineachta mar phríomhchuspóirí iontu; mar shampla, tá an Straitéis Náisiúnta do Mhná agus do Chailíní tiomanta do chomhionannas socheacnamaíoch a chur chun cinn do mhná agus do chailíní agus chun an comhionannas inscne a dhaingniú sa chinnteoireacht. Tá *Torthaí Níos Fearr Todhchaí Níos Gile* agus straitéis *an Chéad 5*, araon,

[1] Is ócáid í an Fóram um an Ionchuimsiú Sóisialta a thionóltar uair sa bhliain, arna eagrú ag an Roinn Gnóthaí Fostaíochta & Coimirce Sóisialaí, lena dtugtar an deis do dhaoine atá ag maireachtáil i mbochtaineacht agus faoin eisiamh sóisialta agus do ghrúpaí de chuid na hearnála pobail agus deonaí a dhéanann ionadaíocht orthusan teagmháil dhíreach a dhéanamh le hoifigigh bheartais ó raon de ranna rialtais agus a bpríomhábhair imní a phlé agus béim a chur orthu.


11

## Réamhrá

dírithe air go mbainfear amach torthaí níos fearr do leanaí agus do dhaoine óga, agus tá sé mar aidhm ag *an Straitéis nua Náisiúnta maidir le Cuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach* cabhrú chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní a bhíonn curtha ar na pobail seo a bhíonn imeallach chomh minic sin. Tugtar gealltanas sa *Straitéis Náisiúnta um an gCuimsiú do Dhaoine Faoi Mhíchumas* agus sa *Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas* don Rialtas idirdhealú dearfach a ghlacadh chun a chinntiú go mbeidh an deis agus na tacaíochtaí atá de dhíth do dhaoine faoi mhíchumas chun páirt iomlán a ghlacadh i sochaí na hÉireann.

Tá an t-ionchuimsiú sóisialta anois ina chuspóir lárnach sna straitéisí seo agus i straitéisí eile maidir le leasa, leis an tsláinte, leis an oideachas, an tithíocht, an fiontar agus an fhorbairt pobail, mar is léir ó straitéisí nua a foilsíodh in 2019 ar nós *Pobail Inbhuanaithe, Uilechuimsitheacha agus Cumhachtaithe: straitéis chun tacú leis an bpobal agus earnálacha deonacha in Éirinn agus an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú LGBTI + 2019-2021.* Anuas air sin táthar tar éis poist shonracha a chruthú agus leithdháileadh freagrachtaí ar an leibhéal Aireachta lena chinntiú go bhfuil an leibhéal béime agus údarás cinnteoireachta iomchuí ag baint le feidhmiú na bpleananna seo.

Níl de chuspóir ag an Treochlár um an Ionchuimsiú Sóisialta seo na straitéisí náisiúnta eile seo a dhúbláil nó a chur in ionad na straitéisí náisiúnta eile sin atá fós, agus mar is ceart, ríthábhachtach lena chinntiú go bhfuil an t-ionchuimsiú sóisialta curtha i gcroílár an bheartais phoiblí agus na straitéise seirbhíse ar fud na ranna agus seirbhísí Rialtais go léir. Dá réir sin, tá trí aidhm ag baint leis an Treochlár seo:

- Leibhéal uaillmhian a leagan síos maidir leis an méid atáimid ag iarraidh a bhaint amach agus an uaillmhian sin a chur ar an eolas agus a léiriú le pleananna earnála agus seirbhíse ar fud an Rialtais, agus í a léiriú sna pleananna siúd, de réir mar a dhéantar iad a athnuachan agus a nuashonrú sna blianta atá amach romhainn.

- Gealltanais ar leith a shainaithint, go háirithe gealltanais a bhaineann le tacaíochtaí ioncaim agus le seirbhísí fostaíochta, lena gcuirfear leis na bealaí éagsúla cur chuige earnála agus áirithigh go n-íoslaghdaítear an baol den bhochtaineacht agus den díothachta atá ann, agus tús áite tugtha do riachtanais na ndaoine sin atá ag thíos leis nó atá i mbaol go mairfidís agus na torthaí is measa acu.
 Tagann an fhorbairt straitéisí agus uaillmhianta faoi réir an chlúdaigh chaiteachais atá ar fáil agus idirbheartaíocht le linn na dtimthriallta buiséadacha thar thréimhse an Treochláir seo.


- Creat láidir fianaise-bhunaithe a chur i mbun chun an mhonatóireacht agus an tuairisciú a dhéanamh ar an dul chun cinn lena dtabharfar an sinn féin chun cuntais agus lena gcuirfear bonn eolais faoi athnuachan atá faoi na straitéisí earnála cheana féin chomh maith leis an fhorbairt atáthar le cur ar na hearnála amach anseo.


Dá bhrí sin, tá an méid ***uaillmhian*** atá againn leagtha amach sa cháipéis seo, chomh maith le ***spriocanna*** sonracha atá le bheith bainte amach i gcoinne tacar cuimsitheach de slataí tomhais, agus an dí-chomhbhailiú iomchuí curtha leis sin, lena n-áirítear an comhbhailiú de réir inscne, i gcásanna a bhfuil sonraí ar fáil. I gcás gach aon uaillmhian, tá ***gealltanais*** príomhúla sonraithe ann, agus amlínte leagtha amach inar cheart iad a bheith bainte amach. Tá leagtha amach ann an cur chuige maidir leis ***an rialachas*** chun monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn freisin. Tá 66 gealltanas uathúla ann, agus tá trí cinn díobh le feiceáil ar fud an iliomad caibidlí ina bhfuil struchtúr an Treochláir léirithe.


I mbeagán focal, sa Treochlár seo rinneamar iarracht a bheith uaillmhianach inár n-intinn agus sainiúil maidir leis na gealltanais a thugamar, agus beidh sé sin de chabhair dúinn agus muid ag déanamh iarrachta an t-ionchuimsiú sóisialta sa tír a fheabhsú ionas go bhfuil Éire ar cheann de na tíortha is ionchuimsithí ó thaobh sóisialta de san Eoraip.

## An tIonchuimsiú Sóisialta -

## Gníomhaithe Forbartha Beartais agus Seirbhíse Príomhúla ar fud an Rialtais






































# Caibidil 1

## Na Pleananna atá againn maidir leis an Ionchuimsiú Sóisialta

# Caibidil 1: Na Pleananna atá againn maidir leis an Ionchuimsiú Sóisialta

**Uaillmhian:** An bhochtaineacht sheasta a laghdú síos go dtí 2% nó níos lú agus cás an ionchuimsithe shóisialta a fheabhsú sa tír seo ionas go mbeidh Éire ar cheann de na tíortha is cuimsithí san AE ó thaobh sóisialta de

Ní hé an iarracht is mó atá á dhéanamh ná fiú an iarracht atá á déanamh an príomhbheart dul chun cinn ach na 'torthaí' a bhaintear amach. Chuige sin, athdhearbhaíonn an Rialtas an tiomantas atá aige an uaillmhian fhadbhunaithe, ach nach bhfuil réadaithe go fóill, chun an bhochtaineacht sheasta a laghdú síos go dtí 2% nó níos lú ná sin.

Caithfimid dul níos faide ná sin, mar sin féin. Ní féidir le méadracht atá bunaithe ar an ioncam den chuid is mó, amhail an bhochtaineacht sheasta, toisí ilghnéitheacha an eisiata shóisialta a ghabháil a sháraíonn theorannacha inscne, aoise, an stádas sibhialta agus teaghlaigh, an eitneachais, an mhíchumais agus an chlaonta ghnéasaigh, nó gur duine den Lucht Siúil thú, i measc toisí eile. Más é an cuspóir atá againn dul chun cinn dáiríre a bhaint amach chun sochaí uilechuimsitheach a chur chun cinn, caithfimid cur leis an mian atá againn agus na slataí tomhais a úsáidtear chun an mhonatóireacht agus an tuairisciú a dhéanamh ar an dul chun cinn chun i slí ina gcuirtear na dearcaí sin san áireamh.

Mar gheall air sin, táthar tar éis glacadh le cur chuige éagsúil sa Treochlár seo i gcomparáid leis an gcur chuige atá glactha i bpleananna a tháinig roimhe seo sa tslí ina bhfuil na spriocanna atá le baint amach sonraithe ann. Seachas díriú ar bhearta a bhaineann leis an ioncam amháin, tá spriocanna leagtha amach ann in éadan roinnt slataí tomhais éagsúla lenar féidir an dul chun cinn a ghabháil thar roinnt príomhghnéithe den ionchuimsiú sóisialta: an tithíocht, an cúram sláinte, foghlaim agus cúram na luath-óige agus an comhtháthú sóisialta. Tá na spriocanna seo leagtha síos ionas go mbeidh Éire ar cheann de na tíortha is fearr san Eoraip maidir le leibhéil arda ionchuimsithe shóisialta a chur chun cinn agus a bheith bainte amach.

Den chuid is mó, tógtar na spriocanna nua ó na staidrimh atá foilsithe ag Eurostat in *Living Conditions in Europe*[2] agus leanann siad struchtúr na staidreamh sin. Chomh maith leis an ghné leathan, ilghnéitheach den ionchuimsiú sóisialta a léiriú, tá buntáistí eile ag baint leis an gcur chuige seo:

- Éascaíonn sé an tuairisciú neamhspleách caighdeánaithe agus iontaofa ar fheidhmíocht an bheartais in Éirinn i gcomparáid le stáit eile de chuid an AE.
- Caithfidh é a chur i gcuimhne go bhfuil inniúlacht na hÉireann chun an bhochtaineacht a laghdú agus an t-ionchuimsiú sóisialta a fheabhsú, mar gheilleagar réigiúnach beag laistigh den AE a bhraitheann go mór ar an trádáil agus an infheistíocht idirnáisiúnta, nasctha go tréan le feidhmíocht gheilleagar na hEorpa ar bhonn níos leithne.
- Beidh sé le brath cé chomh éifeachtach is atá sé gur roghnaíodh na huirlisí beartais in Éirinn laistigh den sainchúram atá ag an tír sa dul chun cinn atá déanta i dtreo an bhochtaineacht a laghdú agus an t-eisiamh sóisialta a fheabhsú in Éirinn in éadan le tíortha eile de chuid an AE agus é sin ráite, beifear ag coimeád in aigne go mbíonn beartais shóisialta agus eacnamaíochta deartha leaistigh de thionscnaimh agus rialacháin AE.

Tá na spriocleibhéil atá beartaithe don bhliain 2025 leagtha amach i dTábla 1A agus i dTábla 1B. Tá spriocanna rangaithe agus cainníochtúla araon áirithe i dTábla 1A, agus léiríonn an dara ceann, na spriocanna cainníochtúla, na leibhéil iomlána feidhmíochta a bhfuil gá ann a bheith bainte amach i ndáil le gach aon cheann de na bearta d'fhonn an sprioc rangaithe a bhaint amach, de réir ar shonraí 2018. Socraítear na spriocanna leis an uaillmhian atá ann chun áit a bhaint amach d'Éirinn mar tír ar cheann de na 5 thír is fearr san AE, ar a laghad, i dtaca leis na bearta sin ina bhfuil sí lasmuigh den leibhéal seo faoi láthair agus sa suíomh barr nó dara rangú tíortha maidir le bearta ina bhfuil sí cheana féin ar cheann de na 5 thír is fearr[3].

[2] Féach See Living Conditions In Europe Eagrán 2018 ag https://ec.europa.eu/eurostat/web/products-statistical-books/-/KS-DZ-18-001. Sa tuarascáil seo comhdhlúthaítear na sonraí a thuairiscítear faoin SILC, agus suirbhéanna eile, i ngach uile bhallstát.

[3] Maidir leis an ráta Ró-ualaigh ar Chostas Tithíochta agus an ráta Plódaithe is é an sprioc atá ann ná an áit atá againn sna 5 Is Fearr, ar a laghad

# Caibidil 1: Na Pleananna atá againn maidir leis an Ionchuimsiú Sóisialta

Rud atá tábhachtach, tá an uaillmhian atá againn chun leibhéal na Bochtaineachta Seasta in Éirinn a laghdú síos go dtí 2%, nó níos lú ná sin fiú, chomh maith, agus tá ár dtiomantas don chroí-Sprioc Shóisialta Náisiúnta um Laghdú Bochtaineachta le brath san uaillmhian sin. Féachfaidh an Treochlár leis an gcuid bochtaineachta leanaí den Sprioc Sóisialta Náisiúnta um Laghdú Bochtaineachta a sheachadadh (faoina bhfuil plé níos mionsonraithe le fáil i gCaibidil 5: Ag Tacú le Teaghlaigh agus le Leanaí).

Tá sé soiléir cé chomh mór is atá an dúshlán atá i gceist chun na spriocanna a bhaint amach, idir spriocanna nua agus spriocanna atá ann cheanna féin. De réir na sonraí is déanaí atá ar fáil, tá Éire sa 15ú háit san AE i dtaobh na príomhsprice chun riosca na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta (AROPE) a laghdú. Measadh gurbh ionann riosca na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta a bhí ann in Éirinn in 2018 agus 21.1%; chun a bheith áirithe mar cheann de na cúig thír is fearr rangaithe, beidh gá ann an riosca seo a laghdú síos go dtí thart ar 16.7%, is ionann sin agus feabhsú de bhreis is ceithre phointe céatadáin (nó thart ar 21%).

Tá sé seo cosúil leis an ráta feabhsúcháin a baineadh amach an tréimhse deich mbliana is deireanaí, ó bhí 2009 ann. Is léir go bhfuil an sprioc seo uaillmhianach agus beidh sé deacair í a bhaint amach. Mar sin féin, tá na huaillmhianta agus na gealltanais atá ag an Rialtas luaite go breá soiléir aige i ndáil leis na spriocanna atá leagtha amach.

## Tábla 1A: Treochlár um an Ionchuimsiú Sóisialta 2020 -2025 Bearta agus Spriocanna an AE

| **Tábla 1A: Bearta agus Spriocanna AE Absalóideacha** | | **Rangú AE** | | **Leibhéal** | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Aidhm** | **Slat Tomhais** | **Iarbhír (2018)** | **Sprioc (2025)** | **Iarbhír (2018)** | **Sprioc (2025)** |
| **Riosca na Bochtaineachta agus an Eisiata Sóisialta** Éirí linn a bheith ar cheann de na 5 thír is fearr | Sciarr na ndaoine atá i mbaol den bhochtaineacht nó den eisiaimh shóisialta (AROPE) - Beart Príomhúil | 15 | 5 | 21.1% | 16.7% |
| **Dáileadh an Ioncaim** Éirí linn a bheith ar cheann de na 5 thír is fearr | An cóimheas scaireanna ioncaim cúigil | 10 | 5 | 4.2:1 | 3.8:1 |
| **An Bhochtaineacht Ioncaim** A Bheith ar cheann de na 5 thír is fearr nó an chéim ar a bhfuilimid a fheabhsú mar cheann díobh | Sciar na ndaoine atá i mbaol den bhochtaineacht roimh aistrithe sóisialta (pinsin san áireamh) | 10 | 5 | 41% | 37.9% |
| | Sciar na ndaoine atá i mbaol den bhochtaineacht tar éis aistrithe sóisialta | 11 | 5 | 14.9% | 12.8% |
| | An sciar daoine atá i mbaol den bhochtaineacht, bunsocraithe ar 2017 ^^ | 11 | 5 | 15.6% | 13.3% |
| | An ráta daoine atá ag obair agus ata i mbaol den bhochtaineacht | 3 | 2 | 4.8% | 3.5% |
| | An ráta AROPE do leanaí atá faoi 18 mbliana d'aois | 20 | 5 | 23.9% | 16% |
| | An ráta AROPE do dhaoine faoi mhíchumas | 21 | 10 | 36.9% | 28.7% |
| **Cáilíocht na Tithíochta** An rangú atá againn laistigh de na 5 thír is fearr a choimeád | An ráta ró-ualaigh costas tithíochta | 3 | An 5 Cinn Is Fearr | 3.4% | 2% |
| | An ráta plódaithe | 2 | An 5 Cinn Is Fearr | 2.7% | 2.5% |
| **Na Gnéithe Socheacnamaíocha de Dhálaí Maireachtála** A Bheith ar cheann de na 5 thír is fearr nó an chéim ar a bhfuilimid a choimeád nó a fheabhsú mar cheann díobh | An sciar den daonra a chuireann i bhfios go bhfuil a sláinte go maith nó go han-mhaith | 1 | 1 | 84.2% | 84.2% |
| | An sciar den daonra a chuireann i bhfios go bhfuil riachtanais chúraim sláinte acu nach bhfuiltear ag tabhairt aghaidh orthu mar gheall ar an gcostas. | 18 | 5 | 0.9% | 0.1% |
| | An sciar den daonra atá i líon tí ina bhfuil | 26 | 5 | 13.1% | 5.5% |

**Nóta: Tá an rangú bunaithe ar an AE-27 (An AE-28 gan an RA a áireamh)**

^^ Ní raibh sonraí don bhliain 2018 ar fáil le linn dó seo a bheith á scríobh - Is iad sonraí 2017 a d'úsáideadh

*Mar gheall ar shaincheisteanna teicniúla maidir leis an sampláil (An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, 2015[4]) níl an táscaire 'déine an-íseal oibre' den EU-SILC oiriúnach chun líonta tí in Éirinn nach bhfuil aon duine iontu fostaithe a thomhas. Tá sé beartaithe gur cheart go ndéanfar na suirbhéanna sóisialta seo a chomhoiriúnú ar leibhéal teicniúil leis an rialachán Staidrimh Shóisialta Chomhtháite Eorpach (IESS), ó 2020 ar aghaidh, tráth a dtabharfar isteach é.

**Ó 3 bliana d'aois go dtí an aois scoile éigeantach íosta (fad: 1-29 uair an chloig)

***Baineann na sonraí le modúl ad-hoc (2015 amháin) agus tá an tuairisciú amach anseo ag brath ar na modúil bhreise a bheith ar fáil



[4] https://www.esri.ie/publications/technical-paper-on-the-measurement-of-household-joblessness-in-silc-and-qnhs-2004-2012-an-analysis-of-the-cso-survey-on-income-and-living-conditions-silc-and-the-quarterly-national-household-surve

## Tábla 1B: Treochlár um an Ionchuimsiú Sóisialta 2020 -2025 Bearta agus Spriocanna Náisiúnta

| Tábla 1B: Bearta agus Spriocanna | | Iarbhír | Sprio |
|---|---|---|---|
| **Sprioc Sóisialta Náisiúnta maidir leis an Laghdú Bochtaineachta** | An sciar den daonra atá ag maireachtáil sa bhochtaineacht sheasta | 5.6% | 2% (2025) |
| **Sáinn na Bochtaineachta Leanaí (BOBF)** | Coinnigh leis an plean atá beartaithe le breis is 70,000 leanbh (0-17 mbliana d'aois) a thógáil amach as an mbochtaineacht sheasta faoi 2020, is é sin le rá laghdú de dhá thrian ar a laghad ar leibhéal 2011 (107,000 leanbh) | 92,000 | 37,000 (2020) |
| **An Sprioc Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas** | Méadú ar an leibhéal fostaíochta de dhaoine faoi mhíchumas de réir mar a thomhaistear iad le sonraí an Daonáirimh, thar dhá thréimhse dhaonáirimh | 22.3% (Daonáireamh 2016) | 25% (Daonáireamh 2021) 33% (Daonáireamh 2026) |
| **Oideachas** | Leanúint ar aghaidh ag feabhsú na rátaí coinneála ag an dara leibhéal i scoileanna DEIS ionas go mbainfear amach an norm náisiúnta (91.6% faoi láthair) | 85% | 91.6% nó an norm náisiúnta |
| **An Tithíocht Shóisialta** | Ar aon dul le hAtógáil Éireann, 50,000 teach sóisialta nua a sheachadadh trí iad a thógáil, a athchóiriú, a cheannach agus a fháil amach ar léas, agus 12,000 teach breise den tithíocht sóisialta a sheachadadh in aghaidh na bliana le cláir thógála, athchóirithe, éadála agus léasaithe. | 85% | 50,000 faoi 2021; 12,000 in aghaidh na bliana ó 2021 amach |

# Caibidil 2

## Deiseanna Fostaíochta a Leathnú Amach

# Caibidil 2: Deiseanna Fostaíochta a Leathnú Amach

## **Sprioc:** An deis post a fháil a thabhairt do gach uile dhuine atá in ann obair a dhéanamh chun folláine an duine a fheabhsú

Cé go nglactar leis gurb í an fhostaíocht an bealach is fearr chun an bhochtaineacht a sheachaint, glactar leis freisin nach féidir linn brath ar an margadh chun poist inbhuanaithe agus ardchaighdeáin a chruthú, gan ghníomhú muid féin, mar a shamhlaítear faoi Chlár Oibre 2030 um an Fhorbairt Inbhuanaithe de chuid na Náisiún Aontaithe. Sa chomhairliúchán poiblí a chuir bonn eolais le forbairt an Treochláir seo, bhí cúig phríomhcheist curtha maidir le conas is féidir linn torthaí uilechuimsitheachta sóisialta a fheabhsú leis an fhostaíocht.

- D'fhéachadh ar an soláthar de dheiseanna fostaíochta ardchaighdeáin socra mar thoisc ríthábhachtach chun daoine a mhealladh chun phost a fháil agus chun iad a choimeád san fhostaíocht.

- Ní amháin gur chóir go gcuirfeadh an oiliúint an t-oideachas agus scileanna an duine, bíodh sé fear nó bean ar a chumas post a dhéanamh, anuas air sin ba cheart go mbeadh na 'tras-scileanna' aige nó aici chun ligean dóibh oiriúnú de réir mar a athraíonn an margadh fostaíochta, cur leis an cumas atá acu a ghairm a chur ar aghaidh agus an acmhainneacht chun tuilleamh a fháil a chur i méid, tríd an teagasc ar feadh an tsaoil agus teagasc in-oibre san áireamh.

- Tugadh le fios gur cheart do na seirbhísí fostaíochta poiblí (Intreo) tús áite a thabhairt do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, agus ina measc siúd daoine óga nach raibh post acu riamh chomh maith le daoine nach bhfuil aitheanta faoi láthair mar dhaoine dífhostaithe, go háirithe daoine faoi mhíchumas agus cúramóirí baile. Rinneadh plé chomh maith ar an fhéidearthacht atá ann go leathnófar amach seirbhísí Intreo, chun tacú le hoibrithe atá ann faoi láthair a phost a athrú agus tacaíocht a thabhairt d'iontrálaithe nua sa mhargadh saothair nó do dhaoine atá ar tí dul isteach sa mhargadh saothair.

- Tá roinnt constaicí braite ann ar an rannpháirtíocht san fhórsa saothair, a bhaineann go príomha le tarraingt siar tacaíochtaí leasa shóisialaigh agus teidlíochtaí eile nuair a fhaightear post, agus luadh iad mar chúis imní.

- Cuireadh in iúl go raibh imní ann freisin faoi ghrúpaí imeallaithe a d'fhéadfadh a bheith faoi réir na claontachta go minic, bíodh sí sin an chlaontacht neamhfhiosach nó comhfhiosach, agus mná, imircigh, daoine den lucht Siúil agus Romach, daoine den lucht LGBTI + agus iarphríosúnaigh i measc na daoine siúd.

Déanfaidh an Rialtas iarracht aghaidh a thabhairt ar gach aon cheann de na hábhair imní seo le linn fráma ama an Treochláir seo.

Má chuirfear na beartais, na straitéisí agus na ngealltanais atá mionsonraithe sa chaibidil seo i bhfeidhm i gceart, beidh sé sin de chúnamh chun cur le cumas daoine chun deiseanna fostaíochta, oideachais agus oiliúna a thapú agus a fheabhsú. Is féidir cur leis na ionchais fostaíochta atá ag na daoine siúd a fheabhsú le himeacht ama dá bharr, chomh maith lena gcumas chun ioncam leordhóthanach a thabhairt isteach chun iad féin agus a dteaghlaigh a chothú. Is gné thábhachtach í seo d'aon chur chuige beartais chun an bhochtaineacht a laghdú agus an t-ionchuimsiú sóisialta in Éirinn a chur i méid.

# Caibidil 2: Deiseanna Fostaíochta a Leathnú Amach

## Deiseanna Fostaíochta ar Ardchaighdeán a Chruthú

Beidh na céimeanna atá á nglacadh ag an Rialtas chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní maidir leis an méadú atá measta a bheith tagtha ar an neamhchinnteacht faoi chúrsaí oibre leagtha amach i gCaibidil 3. Níl i gceist leis sin ach cuid den réiteach iomlán.
Chomh maith leis sin, leanfaidh an Rialtas ar aghaidh lena chuid straitéisí fiontraíochta, oideachais agus oiliúna chun na sprice atá aige a bhaint amach go dtacófar le postanna ardluacha a bheith cruthaithe agus cothaithe in Éirinn. Tá achoimre orthu sin le fáil ag seo thíos.

### Future Jobs Ireland

Tá cúig chrann taca príomhúla sainaitheanta ag Future Jobs Ireland mar bhealach chun an t-iomaíochas a fheabhsú agus chun cur leis an líon post agus, rud atá tábhachtach, chun a chinntiú gur phoist ardchaighdeáin a bheidh i gceist le han-chuid de na poist atá le cruthú, agus go mbeidh siad buan seasta amach anseo agus:

- Ag freastal ar an nuálaíocht agus ar an athrú teicneolaíochta
- Ag cur le Táirgiúlacht FBManna
- Ag feabhsú scileanna agus ag forbairt agus ag mealladh an tallann
- Ag cur leis an rannpháirtíocht san fhórsa saothair
- Ag aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin

Tá na huaillmhianta agus na spriocanna atá le bheith bainte sa mheántéarma sonraithe i dtéarmaí na crainn taca ar leith. Mar shampla, tá sé mar sprioc ag Future Jobs Ireland na rátaí rannpháirtíochta san fhoghlaim ar feadh an tsaoil a dhúbailt agus na rátaí rannpháirtíochta san fhórsa saothair a mhéadú trí phointe céatadáin faoi 2025. Gach bliain, leagfaimid amach na céimeanna atá le glacadh chun na huaillmhianta seo a bhaint amach le tiomantais ón Rialtas uile. In 2019, mar shampla, bhí níos mó ná 120 de na spriocanna inghnóthaithe seo ann.

### Fiontraíocht 2025

In 'Fiontraíocht 2025', tá breac-chuntas tugtha ar straitéis fiontair náisiúnta meántéarmach an Rialtais agus fís ann ina mbeidh Éire ar cheann de na háiteanna is fearr ar domhan chun gnólacht rathúil a chur i bhfeidhm, agus ina mbainfear amach an fhostaíocht inbhuanaithe agus caighdeáin mhaireachtála níos airde do chách.'

Tá raon bearta áirithe in 'Fiontraíocht 2025 Athnuaithe', agus ina measc:

- Aghaidh a thabhairt ar an éileamh méadaithe ar scileanna nua tar éis Brexit gur dóchúil, lena n-áirítear na custaim; an lóistíocht; an bhainistíocht riosca; bainistíocht an tslabhra soláthair; an margadh díolta idirnáisiúnta agus cumas teicniúil teanga eachtrach, bunaithe ar an anailís chun na gníomhaíochtaí sonracha atá de dhíth a shainaithint.
- Rochtain, rannpháirtíocht agus tionchar na bhFóram Scileanna Réigiúnacha a leathnú amach chun cur leis an dul chun cinn atá déanta go dtí seo.

# Caibidil 2: Deiseanna Fostaíochta a Leathnú Amach

- Roghanna malartacha maidir leis an oideachas agus an oiliúint a sholáthar trí mheánscoileanna, áiteanna oibre srl., chun cabhrú le daoine na roghanna cearta a dhéanamh dóibh féin agus chun an fhoghlaim leanúnach a spreagadh faoi dhúshláin dhomhanda.

Geallann an Rialtas a chinntiú go dtuairisceofaí an dul chun cinn maidir leis na straitéisí seo mar chuid den phróiseas Rialachais le haghaidh an Treochláir seo.

## An Oiliúint agus an Teagasc Scileanna don Mhargadh Saothair

Tarraingíodh aird ar na tuairimí a bhí pléite sa chomhairliúchán i bhfóraim eile roinnt uaireanta, sa Chomhairle Náisiúnta Scileanna agus sna Fóraim Scileanna Réigiúnacha ina measc. Tá na tuairimí sin tar éis bonn eolais dá bharr a chur cheanna féin faoi fhorbairt bheartais agus straitéisí na hearnála oideachais agus oiliúna, lena n-áirítear:

### An Straitéis Náisiúnta um Scileanna 2025 - Todhchaí na hÉireann

Forbraíodh an straitéis seo chun córas níos dinimiciúla, níos freagraí, atá ar ardchaighdeán a chinntiú lena mbeifear in ann an t-eolas agus na scileanna atá de dhíth orthu do gach uile foghlaimeoir chun páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí agus sa gheilleagar. Tá breis is 150 beart áirithe sa Straitéis agus breis is 50 geallsealbhóir éagsúla agus tá creat forbartha scileanna inti a chabhróidh leis an fhás in Éirinn a spreagadh ó thaobh eacnamaíocha agus go sóisialta sna deich mbliana amach romhainn. Tá an treoir agus an cheannaireacht a chuireann an *Chomhairle Náisiúnta um Scileanna* agus na naoi *bhFóram Scileanna Réigiúnacha* ar fáil de thábhacht lárnach don straitéis. Soláthraíonn siad fóraim ina gcomhoibríonn cleachtóirí, abhcóidí, ceannairí gnó, daoine den lucht déanta beartais agus soláthraithe seirbhíse chun tionscnaimh oideachais agus oiliúna a aithint, a dhearadh, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar an mbonn náisiúnta agus ar an mbonn áitiúil araon.

### Plean Gníomhaíochta chun Printíseachtaí agus an Oiliúint a Leathnú Amach 2016-2020

Tá sraith gníomhartha agus spriocanna bliantúla chun soláthar printíseachta agus oiliúna a mhéadú leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta. Tá sé ar spriocdhírithe ar 31,000 clárúchán nua ar chláir phrintíseachta agus ar 19,000 clárúchán ar chúrsaí oiliúna thar a shaolré. Is ionann sin agus breis is méadú dhá oiread an méid gníomhaíochta atá i gceist thar thréimhse iomlán an phlean.

Anuas air sin, tá an t-athbhreithniú ar na bealaí chun an rannpháirtíocht i bprintíseachtaí curtha i gcrích ag SOLAS (an tÚdarás Breisoideachais agus Oiliúna). Is é an aidhm atá ag an athbhreithniú ná a dhéanamh cinnte de go gcuirfear ionadaíocht don éagsúlacht atá le fáil sa phobal i gcoitinne sa chóras printíseachta náisiúnta, go bhfuil cúlraí agus cumais éagsúla níos cuimsithí ann agus go mbeidh rochtain níos éasca ar fáil ag gach aon duine ar na deiseanna printíseachta atá ann.

### Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna (BOO) don tréimhse 2014-2019

Tá fís leagtha amach sa straitéis seo chun an earnáil a athrú, agus chun béim a chur leis na tosaíochtaí maoinithe agus infheistíochta bliantúla, chun córas comhtháite breisoideachais agus oiliúna den scoth a chur ar fáil a bheidh ina thacaíocht don fhorbairt eacnamaíoch, a chuirfidh leis an ionchuimsiú sóisialta, agus a fhreastalóidh ar na riachtanais uile atá ag na daoine éagsúla a bhíonn bainteach le BOO. Bhí breis is 50 beart ar leith sonraithe ann agus iad go léir ag rangaithe de réir an chúig sprioc straitéiseacha atá sa straitéis:

# Caibidil 2: Deiseanna Fostaíochta a Leathnú Amach

- An Cuimsiú Gníomhach
- Scileanna don Gheilleagar
- An Soláthar Ardchaighdeáin
- An Phleanáil agus an Maoiniú Comhtháite
- Riocht an BOO

Foilsíodh athbhreithniú ar an dul chun cinn atá déanta ar Straitéis BOO i mí an Mheithimh 2018. Ba é cuspóir an athbhreithnithe ná measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht, tosaíocht agus ábharthacht leanúnach na gcuspóirí agus na ngníomhartha straitéiseacha, ag féachaint d'athchóiriú suntasach na hearnála, beartas an Rialtais san earnáil *(lena n-áirítear an Straitéis Náisiúnta Scileanna (2025), an Plean Gníomhaíochta. don Oideachas, an Plean Gníomhaíochta do Phoist, Conairí chun Oibre 2016-20)* chomh maith leis na forbairtí eacnamaíocha agus margaidh saothair níos leithne atá curtha i gcrích ón tráth ar foilsíodh an straitéis den chéad uair in 2014. Táirgeadh roinnt moltaí ann a gcuirfear ar aghaidh agus an chéad straitéise BOO eile á forbairt, a chuimseoidh na cúig bliana amach anseo, 2020 san áireamh.

Tá Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna nua don tréimhse cúig bliana amach romhainn ó 2020 le foilsiú agus tá geallta ag an Rialtas go gcuimseoidh an straitéis seo forálacha sonracha chun grúpaí 'neamhghníomhacha' mar a thugtar orthu a ghríosú chun páirt a ghlacadh san oideachas agus san oiliúint mar bhunchloch ag tosach an bhealaigh chun na fostaíochta. Tacóidh sé seo le Crann Taca 2 agus 3 de chuid Future Jobs Ireland - Táirgiúlacht FBManna a Fheabhsú, Scileanna a Fheabhsú agus an Tallann a Fhorbairt agus a Mhealladh, faoi seach - trí scileanna digiteacha a fhorbairt ar bhealaí leithéidí na BOOanna agus Skills to Advance.

### An Straitéis Náisiúnta don Aos Óg, 2015-2020

Chomh maith leis na straitéisí níos leithne sin, tá sainchuspóir áirithe sa Straitéis Náisiúnta don Aos Óg a thugann aitheantas dó go bhfuil daoine óga in ann páirt nach mó a ghlacadh sa mhargadh saothair ach scileanna agus inniúlachtaí feabhsaithe a fháil a oibríonn i gcomhar a chéile le cáilíochtaí foirmiúla foghlama agus oiliúna agus le deiseanna fiontraíochta. Cuireann sé seo leis an aidhm níos leithne atá sa straitéis chun daoine óga a chur ar a gcumas a lánacmhainneacht a bhaint amach.

## Ár Straitéis um Sheirbhísí Fostaíochta Poiblí a Athnuachan

Cé go raibh sé mar aidhm ag an bPlean Gníomhaíochta do Phoist, ag Future Jobs Ireland agus ag Fiontraíocht 2025 poist inbhuanaithe a chruthú, sa straitéis um sheirbhísí fostaíochta, Conairí Chun Oibre, rinneadh iarracht a chinntiú go bhféadfadh an oiread is gur féidir de na poist sin a chur ar fáil do dhaoine nach bhfuil post acu faoi láthair; do dhaoine atá fostaithe, ach nach bhfuil post buanseasta acu, nó a bhfuil post acu ar ísealphá; agus do dhaoine nach raibh post acu riamh go dtí seo, go háirithe dóibh siúd atá den tuairim go raibh bacainn ann a bhí dá gcosc chun post a fháil.

# Caibidil 2: Deiseanna Fostaíochta a Leathnú Amach

Le linn thréimhse an chúlaithe eacnamaíochta bhí Conairí Chun Oibre dírithe ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais daoine a bhí dífhostaithe agus, go háirithe, ar iarracht a dhéanamh chun stad a chur ar an dífhostaíocht ag an bpointe nuair nach raibh i gceist leis ach an dífhostaíocht ghearrthéarmach, ionas nach an dífhostaíocht fhadtéarmach a bheadh i gceist. De réir mar a tháinig an tír slán as an gcúlú eacnamaíochta, d'athraigh an bhéim a bhí sa straitéis le bheith dírithe ar dhaoine a bhí dífhostaithe go fadtéarmach, agus chun cur leis an ráta rannpháirtíochta sa mhargadh saothair mar bhealach chun tacú leis an gcuimsiú gníomhach.

Táthar i mbun athbhreithnithe a dhéanamh ar an chur chuige Chonairí Chun Oibre faoi láthair na huaire. Déanfar measúnú ar an dul chun cinn atá déanta faoin straitéis reatha san athbhreithniú agus mar thoradh air sin forbrófar cur chuige nuashonraithe i leith an soláthar de sheirbhísí fostaíochta. Go háirithe, déanfar measúnacht ar:

- Cad iad na catagóirí de chuardaitheoirí poist ba cheart tosaíocht a thabhairt dóibh maidir leis an tacaíocht agus an cúnamh de réir mar a thagann feabhas ar an ngeilleagar
- Conas is féidir seirbhís fostaíochta poiblí an Stáit (Intreo) a leathnú amach chun a bheith de chabhair chun cur leis an rochtain ar an mhargadh saothair agus an rannpháirtíocht an m.sh. i ndáil leis an lucht déanta tí 'cois teallaigh', daoine atá faoi mhíchumas, an Lucht Siúil, an pobal imirceach, luath-fhágálaithe scoile chomh maith le grúpaí eile atá faoi mhíbhuntáiste lena n-áirítear príosúnach
- Conas is féidir, más féidir ar aon bhealach, an tseirbhís Intreo a leathnú amach go le seirbhísí a thairiscint do dhaoine atá i bhfostaíocht (go háirithe iad siúd atá i bhfostaíocht ar phá íseal nó ócáideach) agus do dhaoine atá ar tí dul isteach sa mhargadh saothair d'fhonn cabhrú leo dul ar aghaidh lena gcuid gairmeacha beatha
- Conas is féidir na seirbhísí éagsúla atá ar fáil (cúnamh agus comhairle um chuardach poist, cláir taithí oibre, socrúcháin gairme, an oiliúint agus an t-oideachas, dreasachtaí earcaíochta agus fóirdheontais srl.) a oiriúnú agus a fheabhsú chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais athraitheacha atá sa mhargadh saothair sa bhealach is fearr is féidir

Mar chuid den phróiseas seo, tionólfar Comhairle Chomhairleach um an Margadh Saothair chun cabhrú le heolas a chur ar an Rialtas agus chun comhairle a thabhairt dóibh maidir leis na straitéisí is oiriúnaí agus is éifeachtaí gur cheart glacadh leo sa tréimhse trí go cúig bliana atá amach romhainn.

## Aghaidh a thabhairt ar na Bacainní atá Curtha ar Theaghlaigh Chun Páirt a Ghlacadh sa Mhargadh Saothair

Beidh ról suntasach ag na straitéisí seirbhísí fiontraíochta, scileanna agus fostaíochta poiblí atá leagtha amach thuas chun deiseanna fostaíochta a chruthú agus chun cabhrú le daoine ullmhú do na deiseanna seo agus chun teacht a fháil orthu. Cuideoidh na tacaíochtaí ioncaim agus na dreasachtaí fostaíochta éagsúla eile atá luaite sa doiciméad seo le daoine atá díreach ag imeall na bochtaineachta nó gar leis sin caighdeán maireachtála a choinneáil atá leordhóthain. Tá sé curtha in iúl ag go leor rannpháirtithe sa phróiseas comhairliúcháin, áfach, go bhfuil constaicí agus cúiseanna imní praiticiúla ann, a bhaineann le conas sochair leasa choimhdeacha a choinneáil, mar shampla, agus leis na costais a bhaineann le foghlaim agus cúram na luath-óige, gur féidir leo dul i gcoinne an duine atá ag iarraidh dul ar aghaidh óna a bheith ag brath ar an córas leasa, nó óna bheith neamhghníomhach, chun post a fháil.

# Caibidil 2: Deiseanna Fostaíochta a Leathnú Amach

## Sochair Leasa Sholúbtha - Cumarsáid Níos Fearr A Dhéanamh

Soláthraíonn an córas leasa shóisialaigh solúbthacht do dhaoine agus iad déanamh iarracht post a fháil, mar shampla trí dhaoine a ligean an cárta leighis a choimeád ar feadh trí bliana, ach critéir cháilithe áirithe a chomhlíonadh, a luaithe a fhaigheann siad post (agus ar feadh tréimhse níos faide ná sin, ag brath ar an ioncam atá á thabhairt isteach acu); trí thacaíocht a thabhairt don fhostaíocht pháirtaimseartha; trí dhaoine a cheadú an ghné den íocaíocht leasa a bhaineann le leanbh cleithiúnach a choimeád ar feadh dhá bhliain le linn dóibh post a bheith acu; trí thacaíochtaí ioncaim in-oibre a chur ar fáil leis an Íocaíocht do Theaghlaigh i bhFostaíocht; agus leis an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP), lena ndéanfar cinnte de gur féidir leanúint ar aghaidh ag íoc tacaíochtaí cíosa a bhaineann le hioncam. Mar sin féin, mar atá cruthaithe go breá soiléir sa phróiseas comhairliúcháin, níl dóthain feasachta ann faoi na tacaíochtaí seo agus is féidir níos mó a dhéanamh chun cur in iúl conas teacht a fháil orthu ar bhealach níos éifeachtaí. Dá réir sin, forbrófar feachtas cumarsáide chun daoine a chur ar an eolas níos fearr maidir lena gcearta agus a dteidlíochtaí agus iad ag fágáil an chórais leasa chun dul leis an fhostaíocht.

## Oibleagáidí Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige - Cuidiú le Tuismitheoirí i ndáil leis an gCothromaíocht Oibre is Saoil

Tá sé measta gur ceann de na príomhthosca atá ina chúis leis an ráta fostaíochta níos ísle atá ann i dtaca le mná na hÉireann ná an riachtanas, a dhéanann mná freastal air den chuid is mó, aire a thabhairt do leanaí chomh maith leis na deacrachtaí a bhaineann leis an riachtanas sin mar gheall ar an easpa soláthair seirbhísí fhoghlaim agus chúram na luath-óige, agus na costais arda atá i gceist leo.

Tá an Rialtas tiomanta go gcuirfear leis na teidlíochtaí saoire do thuismitheoirí, íoctha agus gan phá araon, ar bhealach lena spreagtar an bheirt thuismitheoirí na dualgais cúram leanaí a roinnt eatarthu féin chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna sin. In 2019, tugadh isteach dhá sheachtain bhreise de shaoire do thuismitheoirí íoctha agus táthar chun é sin a shíneadh amach go seacht seachtaine breise san iomlán sna trí bliana atá amach romhainn. Tá sé seo sa bhreis ar na teidlíochtaí saoire atharthachta agus máithreachais atá ann cheana féin, an síneadh a fógraíodh in 2019 san áireamh. Tá níos mó sonraí faoi le fáil i gCaibidil 5.

## Costas Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige – Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige Inacmhainne a Thabhairt Isteach

Maidir leis an gcostas, thug an Rialtas isteach fóirdheontais níos sruthlínithe in 2019 tríd an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí. Tá an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí nua tar éis a bheith tógtha isteach in ionad na gclár fóirdheontais spriocdhírithe a bhí ann cheana ionas go bhfuil aon scéim amháin ann atá sruthlínithe agus níos soláimhsithe lena n-áireofar cúram “uileghabhálach” do leanaí réamhscoile agus do leanaí ar aois scoile araon.

## Na Deiseanna Atá Ann Do Chúramóirí a Mhéadú

Cuireann cúramóirí go mór leis an tsochaí, ag soláthar an chúraim 24/7 don teaghlach agus do dhaoine eile a d’fhéadfadh a bheith ag brath go hiomlán ar an Stát murach sin. Mar sin féin, is dúshlán seasta é a gcuid bhfreagrachtaí cúraim a chothromú le cúrsaí fostaíochta, oideachais nó oiliúna. Cé go bhfuil tacaíochtaí ioncaim ar fáil tríd an gcóras leasa shóisialaigh agus tacaíochtaí cúram baile chomh maith chun cabhrú leo lena ról ag tabhairt cúraim ar fáil, fós féin bíonn sé deacair an t-athrú a dhéanamh dul leis an fhostaíocht lánaimseartha, leis an oideachas agus oiliúint lánaimseartha nó an

## Caibidil 2: Deiseanna Fostaíochta a Leathnú Amach

méid rannpháirtíochta iontu a ghlacann siad a mhéadú, go háirithe i gcás daoine a raibh ról cúraim acu le blianta fada anuas. I measc na dtacaí atá ann cheanna féin do chúramóirí ar mian leo filleadh ar an obair, tá an clár Springboard+ a chuireann áiteanna ardoideachais saor in aisce ar fáil agus an Clár Gníomhachtaithe Pobail um an Ionchuimsiú Sóisialta (SICAP) a chuireann dian-thacaíocht ar fáil ar bhonn aonair nó ar bhonn grúpa dóibhsean nach bhfuil gníomhach sa mhargadh saothair.

Tá an Roinn Sláinte freagrach as an Straitéis Náisiúnta maidir le Cúramóirí agus tá geallta ag an roinn sin Mheasúnú Riachtanas Cúramóra a dhéanamh laistigh d’eagraíocht cúram sláinte pobail chun riachtanais chúramóirí teaghlaigh a mheas i ngach uile ghrúpa cúraim. Chomh maith leis sin, tá an Roinn chun scéim rialála reachtúil nua don chúram baile a thabhairt isteach atá saincheaptha chun tacú le cúramóirí teaghlaigh agus chun comhtháthú le seirbhísí sláinte agus le cúraim shóisialta eile.

Rinneadh foráil i mBuiséad 2020 chun cur le líon na n-uaireanta gur féidir le cúramóirí obair gan a gceart chun íocaíocht Liúntais Cúramóra a fháil a chailliúint. Mar chuid dá fheasacht athnuachana ar an straitéis dá chuid Conairí Chun Oibre, scrúdóidh an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí na roghanna atá ann chun tacú le cúramóirí ar mian leo cur leis an méid rannpháirtíochta atá á glacadh acu san fhostaíocht agus san oideachas nó oiliúint lánaimseartha.

### Bacainní atá le Sárú ag Grúpaí Imeallaithe

Tá roinnt grúpaí sa tsochaí a bhfuil constaicí breise, agus uaireanta constaicí nach mbíonn aon trácht fúthu, orthu chun teacht a fháil deiseanna fostaíochta a rochtain agus chun na deiseanna sin a thapú. Tá noirm chultúrtha agus shóisialta, claontachtaí oidhreachta agus easnaimh seirbhíse leagáide ag dul i gcoinne daoine ó ghrúpaí mionlaigh inaitheanta a nglactar leo mar rannpháirtithe comhionanna sa mhargadh saothair agus is féidir leis sin tionchar diúltach a imirt ar spreagadh an duine aonair agus ar iompar an duine aonair, ní nach ionadh.

I measc na ngrúpaí seo tá daoine ón Lucht Siúil agus ón bpobal Romach, daoine ó roinnt náisiúntachtaí imirceacha, daoine den phobal LGBTI + agus iarphríosúnaigh. In ainneoin líon na dtionscnamh beartais atá curtha ar bun (m.sh. an *Straitéis Náisiúnta maidir le Cuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach*; an *Straitéis um Imeascadh Imirceach*) agus roinnt scéimeanna spriocdhírithe atá curtha i bhfeidhm (m.sh. scéimeanna fostaíochta pobail saincheaptha, an Clár um Chuimsiú Sóisialta agus an Clár um Ghníomhachtú Pobail), tá rátaí na fostaíochta íseal agus tá rátaí na bochtaineachta ró-ard.

Tá sé geallta ag an Rialtas anois athbhreithniú a dhéanamh ar na cláir atá ann cheana féin agus go ndéanfar cláir agus seirbhísí feabhsaithe a fhorbairt chomh maith, mar chuid de straitéis na fostaíochta poiblí agus de chuid na straitéise um an mbreisoideachais agus oiliúna, agus é mar aidhm acu cur leis an rannpháirtíocht sa mhargadh saothair agus leis na torthaí fostaíochta atá ann. Beidh forbairt na seirbhísí seo (lena n-áirítear, mar shampla seirbhísí sroichte inmheánacha do phríosúnaigh, seirbhísí ‘for-rochtana' don Lucht Siúil, dreasachtaí earcaíochta fostóirí agus socrúcháin oibre srl.) mar chuid scoite den straitéis um sheirbhísí fostaíochta atá bheith curtha isteach in ionad an beartas *Conairí Chun Oibre*.

# Caibidil 2: Deiseanna Fostaíochta a Leathnú Amach

## Ráiteas na nGealltanas

Ag seo, sa tábla thíos, tá leagtha amach na gealltanais atá tugtha ag an Rialtais agus atá leagtha amach sa chaibidil seo, agus a bheidh ag teacht faoi réir monatóireachta agus tuairiscithe faoi phróiseas rialachais an Treochlár seo:

| Uimh. | Gealltanas | Ranna Freagracha | Amlíne |
|---|---|---|---|
| 1 | A chinntiú go ndéantar monatóireacht agus tuairisciú ar an dul chun cinn atá déanta maidir le Future Jobs Ireland; Fiontraíocht 2025; an Plean Gníomhaíochta um Printíseachtaí; agus ar an Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna mar chuid de chlár monatóireachta an Treochláir. | RGFCS; RGFN; ROS | Fós ar siúl |
| 2 | Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna nua a fhorbairt agus a fhoilsiú don chéad tréimhse cúig bliana atá le teacht, ag tosú in 2020, chun cinntiú go mbeidh forálacha sonracha ann chun tacú le grúpaí atá eisiata go sóisialta rochtain a fháil ar thacaíochtaí oiliúna agus oideachais. | ROS | R1 2020 |
| 3 | Straitéis um sheirbhísí fostaíochta a fhorbairt agus a fhoilsiú le tabhairt isteach mar chomharba do Chonairí Chun Oibre, agus béim curtha sa straitéis sin ar an iarracht chun an rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a mhéadú agus aistrithe fostaíochta a fheabhsú. | RGFCS | R1 2020 |
| 4 | Athbhreithniú a dhéanamh ar chláir atá ann cheana mar chuid den straitéis um sheirbhísí fostaíochta nua, chun freastal ar riachtanais grúpaí imeallaithe/daoine atá eisiata go sóisialta. | RGFCS; ROS | R1 2020 |
| 5 | Comhairle Chomhairleach an Mhargaidh Saothair a thionól chun comhairle a thabhairt maidir le plean comharba a fhorbairt le haghaidh Chonairí Chun Oibre. | RGFCS | R1 2020 |

| Uimh. | Gealltanas | Ranna Freagracha | Amlíne |
|---|---|---|---|
| 6 | Feachtas cumarsáide a fhorbairt chun aird a tharraingt ar chumas daoine príomhshochair leasa a choinneáil agus iad ag tosach post a bheith acu. | RGFCS | R4 2019 |
| 7 | Coicís bhreise den tsaoire íoctha do thuismitheoirí a chur i bhfeidhm in 2019 agus é sin a shíneadh amach go seacht seachtaine sna trí bliana ina dhiaidh sin *(féach gealltanas 29 thíos freisin)* | RDCC; RGFCS | R4 2019 |
| 8 | Cuir an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí nua i bhfeidhm, ar seoladh í i mí na Samhna 2019 *(féach gealltanas 30 thíos freisin)* | RLGÓ | R4 2019 |
| 9 | Tabhairt faoi Mheasúnú ar Riachtanais na Cúramóirí laistigh d'eagraíochtaí cúraim sláinte pobail chun riachtanais chúramóirí teaghlaigh a mheas sna grúpaí cúraim uile. | RS | Beartaithe tús a bheith curtha leis an obair in 2020 |
| 10 | Scéim rialála reachtúil nua don chúram baile a thabhairt isteach atá saincheaptha chun tacú le cúramóirí teaghlaigh agus chun comhtháthú le seirbhísí sláinte agus le cúraim shóisialta eile. | RS | Beartaithe tús a bheith curtha leis an obair in 2019 |
| 11 | Scrúdaigh na roghanna atá ann chun tacú le cúramóirí ar mian leo cur leis an méid rannpháirtíochta atá acu san fhostaíocht, san oideachas nó san oiliúint lánaimseartha. | RGFCS | R2 2020 |

# Caibidil 3

## Ag Tacú le hOibrithe agus le Teaghlaigh - Ag Cinntiú gur Fiú an Luach Saothar a Bheith ag Obair

# Caibidil 3: Ag Tacú le hOibrithe agus le Teaghlaigh - Ag

**Sprioc:** Chun cinntiú go gcaitear go cóir le hoibrithe agus go n-íoctar gur cóir an luach saothar a bhfaigheann siad agus, anuas air sin, gurb í an obair an tslí is fearr chun an t-ionchuimsiú sóisialta a bhaint amach i gcónaí

Tá sé mar cheann de na bealaí chur chuige chun an bhochtaineacht sheasta a laghdú ná tacaíocht a chur le hioncaim trí leibhéal na fostaíochta a ardú an oiread is gur féidir. Tá sé soiléir ón bhfianaise gur leor an leibhéal ioncaim a thagann ón fhostaíocht i gcás formhór na ndaoine in Éirinn chun tacú leo caighdeán maireachtála atá inghlactha a bheith acu agus gurb é an táscaire aonair is mó tábhacht ar cibé an dóchúil é go mbeidh siad faoin mbochtaineacht nó faoin díothacht, is cuma más rud é go bhfuil post acu nó nach bhfuil. Tá sé oiriúnach go ngníomhaíonn an Rialtas chun leibhéal an ioncaim in-oibre a chosaint agus a fheabhsú agus chun a chinntiú gur fiú luach an saothar don duine as an obair a dhéanann sé.

Tá trí chur chuige phríomhúla atá ann chun é seo a bhaint amach:

- Dálaí oibre cothroma a chur chun cinn, ag cinntiú nach bhfuil an obair neamhchinnte nó neamhbhuana agus gur foinse iontaofa ioncaim í; is é sin le rá go bhfuil dóthain soiléireachta agus cinnteachta ag oibrithe maidir lena ráta pá, a n-uaireanta oibre agus na coinníollacha fostaíochta atá acu
- Íosphá leordhóthanach a chinntiú mar buntheorann nár cheart go dtitfeadh an tuilleamh faoina bhun
- Tacú le teaghlaigh a bhfuil ioncaim ísle acu agus tacaíochtaí ioncaim agus seirbhísí tacaíochta curtha ar fáil díobh chuige sin

## Coinníollacha Oibre Cothroma a Chur Chun Cinn

Tá an lucht atá ar son cearta oibrithe an-ghníomhach le blianta beaga anuas ag tarraingt airde ar na contúirtí a bhaineann le dhá threocht atá ag teacht chun cinn: méaduithe atá le brath ar an oiread is a bhfuil díbhuanú tagtha ar an lucht oibre, den chéad dul síos, agus ina dhiaidh minicíocht tarlúintí den féinfhostaíochta bhréagach mar a thugtar air; an dara ceann mar bhealach d'fhostóirí oibleagáidí fostaíochta a sheachaint agus íocaíochtaí árachais shóisialta don fhoireann a laghdú.

Tá gníomh déanta ag an Rialtas cheana féin san Acht um Fhostaíocht (Forálacha Ilghnéitheacha) 2018 chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a tharlaíonn mar gheall ar an méadú a fheictear sa 'díbhuanú' atá tagtha ar an lucht oibre agus chun cosaintí a thabhairt isteach in éadan conarthaí 'náid-uaireanta' agus conarthaí 'nuair is ann dó, más dó' mar a thugtar orthu. Chomh maith le cosc a chur ar chonarthaí náid uaireanta (seachas amháin i gcásanna an-teoranta) i bhforálacha lárnacha an Achta déantar oibrithe a chur i dteideal le:

- Ráiteas i scríbhinn faoina téarmaí fostaíochta lárnacha laistigh de chúig lá i ndiaidh tús a bheith curtha acu lena bpost nua
- Íocaíochtaí íosta a bheith ar fáil le haghaidh na hoibre nuair a éilítear orthu  nó sa chás go n-iarrtar orthu chun oibre ach nach mbíonn an obair sin ann sa deireadh
- Uaireanta oibre ráthaithe seachtainiúla ar conradh laistigh de bhandaí a bhfuil a gcuid uaireanta oibre iarbhír le brath iontu

## Caibidil 3: Ag Tacú le hOibrithe agus le Teaghlaigh - Ag

Is athruithe tábhachtacha iad seo a thugann fíorchosaint d'oibrithe. Tá imní ann fós, áfach, gur féidir le roinnt fostóirí gan aon urrús ar bith a chur ar fáil dá gcuid oibrithe agus iad a rangú mar dhaoine féinfhostaithe: fadhb na féinfhostaíochta 'bréagaí' mar a thugtar air.

Cé nach bhfuil mórán fianaise ann gur fadhb shuntasach í seo in Éirinn, ba mhaith leis an Rialtas a chinntiú go gcuirfear deireadh leis an bhféidearthacht go dtarlódh an cleachtas seo go forleathan. Dá réir sin, tiomnaíonn sé:

- Cód cleachtais reachtúil a bhunú atá infheidhmithe ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, chun stádas fostaíochta an oibrí a chinneadh.
- An fhoireann iniúchta dírithe a bunaíodh le déanaí sa Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí a bhunú agus a leathnú amach chun scrúdú a dhéanamh ar chásanna amhrasta den dearbhú bréagach maidir le hárachas sóisialta fostaí a bheith dearbhaithe mar árachas sóisialta féinfhostaí.
- Cur leis an méid fostóirí a dhéantar iad a ionchúiseamh mar gheall ar é a bheith faighte amach go bhfuil siad ag leasú stádas fostaíochta d'oibrithe go bréagach d'aon ghnó.
- Reachtaíocht a fhorfheidhmiú chun a fhoráil go mbeidh íocaíochtaí moillithe árachais shóisialta ag fostóirí, a dhéanann mí-aicmiú ar fhostaithe mar dhaoine féinfhostaithe, faoi réir pionóis úis ar an mbonn céanna le híocaíochtaí moillithe cánacha.

Ina theannta sin, toisc go bhfuil imní curtha in iúl nach bhfuil an méid iomlán de shocruithe fostaíochta ócáideacha agus bréagacha atá léirithe go cruinn sna sonraí arna bhfoilsiú, geallann an Rialtas anailís agus meastóireacht neamhspleách a dhéanamh ar threochtaí atá i socruithe fostaíochta in Éirinn.

Thug an Rialtas isteach scéim nua Sochair Cuardaitheora Poist le haghaidh daoine atá féinfhostaithe i mí na Samhna 2019. Cuirfidh an beart seo líontán slándála airgeadais ar fáil do na mílte gnóthas beag agus meánmhéide ar fud na tíre sa chás go dteipeann ar an gnólacht.

### An tÍosphá Cothrom a Chinntiú

Is éard atá i gceist leis an Íosphá Náisiúnta (NMW) ná an ráta pá in aghaidh na huaire is ísle agus is féidir le fostóir a íoc le fostaí atá ceadaithe sa dlí.

Féachann an cur chuige um an íosphá náisiúnta le cothromaíocht a bhaint amach idir an ráta pá as obair atá ar luach atá cóir agus cothrom d'oibrithe ach nach mbeidh iarmhairtí diúltacha aige d'fhostóirí agus d'iomaíochas nach beag iad. Féachann sé freisin le tionchar an íosphá ar an leibhéil bochtaineachta agus díotha a chur san áireamh. Is féidir breathnú air mar chur chuige pragmatach lena gcuirtear íosráta pá in aghaidh na huaire ar fáil atá sainithe go soiléir d'fhostaithe gan teorainn a chur le cumas an fhostóra rátaí níos airde ná sin a íoc. Déantar 'urlár pá' a chur i mbun leis, nach ceart d'aon duine a bheith ag obair le haghaidh pá atá níos ísle ná é. De réir na fianaise atá ann, áfach, ní leor an íosphá amháin mar straitéis maolaithe bochtaineachta.

## Caibidil 3: Ag Tacú le hOibrithe agus le Teaghlaigh - Ag

De réir an Achta um Pá Íosta Náisiúnta, cuireann an Coimisiún Pá Íseal[5] (LPC) moltaí maidir le leibhéal iomchuí an NMW ar fáil don Aire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Ón tráth ar bunaíodh an LPC in 2015, tá a chuid moltaí curtha i bhfeidhm go seasta ag an Rialtas. Idir 2007 agus 2019, rinneadh an NMW a mhéadú ó €8.30 in aghaidh na huair suas go dtí €9.80 in aghaidh na huaire, méadú gurb ionann is díreach os cionn 18% le linn tréimhse ina raibh an boilsciú cothrom agus inar tháinig méadú de thimpeall 9% ar an meánráta pá. Tá daoine atá ag fáil an íosphá tar éis méaduithe an-suntasach a fháil i gcomparáid leis an ráta boilscithe agus i gcomparáid leis an ráta pá a thugann oibrithe eile isteach. Chomh maith leis an NMW, tá oibrithe áirithe ann atá in ann tairbhe a bhaint amach as rátaí pá agus dálaí oibre níos fearr trí chreataí seanbhunaithe dála orduithe rialála fostaíochta, comhchoistí saothair, comhaontuithe fostaíochta cláraithe agus orduithe fostaíochta earnála.

Tá meastóireacht déanta ag an Rialtas faoinar cheart dlús a chur leis na méaduithe a chur ar leibhéal urlár an Íosta Pá. Mar sin féin, fuarthas i dtaighde a rinne an ESRI le déanaí[6] nach raibh an oiread sin comhnasc ann idir an ísealphá i gcás an duine aonair agus an bhochtaineacht tí, agus go raibh sé níos dóchúla don té atá ar an ísealphá a bheith lonnaithe i lár an dáilte ioncaim (seachas sna grúpaí rangaithe ioncaim is ísle, mar a bheifí ag súil leis, b'fhéidir). Nuair a rinneadh scrúdú níos mine air, ba lú an seans don té atá ar an ísealphá a bheith i riosca bochtaineachta más rud é go raibh siad ina gcónaí i líon tí a bhfuil roinnt saothraithe ann nó nach raibh mórán cleithiúnach ann.

### Tábla 3.1: Ráta Pá Íosta Náisiúnta In Aghaidh na hUaire 2007-2019

| Dáta | An Ráta Pá Íosta Náisiúnta | Méadú ar NMW € | % |
|---|---|---|---|
| 1 Eanáir 2007 | €8.30 | 0.65 | 8.5% |
| 1 Iúil 2007 | €8.65 | 0.35 | 4.2% |
| 19 Eanáir 2011 | €7.65 | - 1.00 | -11.6% |
| 1 Iúil 2011 | €8.65 | 1.00 | 13.1% |
| 1 Eanáir 2016 | €9.15 | 0.50 | 5.8% |
| 1 Eanáir 2017 | €9.25 | 0.10 | 4.2% |
| 1 Eanáir 2018 | €9.55 | 0.30 | 3.2% |
| 1 Eanáir 2019 | €9.80 | 0.25 | 2.6% |



[5] Curtha i mbun faoin Acht um Pá Íosta Náisiúnta (An Coimisiún um Pá Íseal) 2015

[6] Logue, C. agus Callan, T. (2016). 'Low Pay, Minimum Wages and Household Income: Evidence for Ireland', Budget Perspectives 2017/3, Baile Átha Cliath: An Institiúid Taighde Eacnamaíochta Agus Sóisialta

# Caibidil 3: Ag Tacú le hOibrithe agus le Teaghlaigh - Ag

Tá an toradh seo le brath chomh maith sa tslí ina bhfuil Éire rangaithe go fabhrach cheana féin maidir leis an 'ráta de dhaoine atá i mbaol bochtaineachta' ann, agus an tríú ráta is ísle de dhaoine atá ag obair agus atá i mbaol san AE ann, 4.8% i gcomparáid le 9.6%, an meán don AE 28 in 2018.

Tugann an fhianaise atá ar fáil le tuiscint go bhfuil an cur chuige chun an NMW a shocrú trí phróiseas an Choimisiúin um Pá Íseal fós oiriúnach. Dá réir sin, tá gealltanas tugtha ag an Rialtas leanúint le feabhsuithe a chur chun cinn san NMW de réir mholtaí an LPC. Ina theannta sin, coimisiúnóidh sé nuashonrú 'meántéarmach' ar thaighde na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta a foilsíodh le déanaí chun bonn eolais a chur faoi chur chuige beartais amach anseo, in 2022.

## Ag Tacú le Teaghlaigh ar Ioncaim Íseal

Cé go bhfuil fianaise ann nach bhfuil an chuid is mó d'oibrithe ar an NMW i mbaol den bhochtaineacht nó den eisiaimh sóisialta, aithnítear freisin nach leor an cur chuige chun an NMW a shocrú chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais teaghlach ar ioncaim ísle: teaghlaigh ina bhfuil riosca na bochtaineachta agus na díothachta tromchúiseach. D'fhonn freastal ar na costais mhaireachtála ó lá go lá, teastaíonn leibhéal ioncaim indiúscartha anuas ar an ioncam sin a sholáthraíonn an NMW do theaghlaigh. Ina theannta sin, teastaíonn rochtain fhóirdheonaithe nó saor in aisce uathu ar sheirbhísí ardchaighdeáin dála na tithíochta, an oideachais, fhoghlaim agus chúram na luath-óige agus seirbhísí sláinte, seirbhísí nach mbeadh siad in ann teacht orthu murach sin. Caithfidh aghaidh a thabhairt ar an gceist faoin mbearna ioncaim ag tús barra, áfach.

## Feabhas a Chur ar na Tacaíochtaí Ioncaim do Theaghlaigh a bhfuil Leanaí Acu

Tá raon de thacaíochtaí ioncaim curtha ar fáil ag an Stát cheana féin chun cabhrú le feabhas a chur ar na torthaí do theaghlaigh atá ar ioncaim ísle. Tá íocaíocht an tSochair Linbh ar bhonn uilíoch; an foráil maidir leis an tástáil acmhainne le haghaidh liúntais i leith cleithiúnaigh aosach agus leanaí le daoine a fhaigheann íocaíochtaí leasa shóisialaigh; agus an soláthar d'íocaíochtaí leasa forlíontacha le haghaidh riachtanais eisceachtúla nó phráinneacha go léir de thacaíocht le teaghlaigh a bhfuil leanaí acu. Anuas air sin, déanann íocaíochtaí, dála na hÍocaíochta um Theaghlaigh i bhFostaíocht agus na Díbhinne Teaghlaigh um Fhilleadh ar Obair ioncam an teaghlaigh a fhorlíonadh i gcás teaghlaigh a bhfuil tuismitheoir/caomhnóir amháin nó níos mó ann fostaithe. Ar an mbealach céanna, tá an tsolúbthacht maidir le socruithe oibre páirtaimseartha (íocaíochtaí don obair ócáideach mar a thugtar orthu agus an scéim Dreasachta um Poist Páirtaimseartha, mar shampla) cuimsithe sa chóras leasa shóisialaigh agus éascaíonn sé do theaghlaigh an cárta leighis agus na tacaíochtaí cíosa a choinneáil nuair a théann siad i mbun oibre. D'fhonn a chur leis an fheasacht agus an ráta a ghlactar leis na híocaíochtaí agus na tacaíochtaí in-oibre seo, tá geallta ag an Rialtas d'fheachtas cumarsáide a fhorbairt agus a reáchtáil atá dírithe ar theaghlaigh atá ar ioncam íseal agus ar theaglaigh ina bhfuil duine fásta amháin nó níos mó ag fáil íocaíochtaí leasa shóisialaigh. Tá sé geallta ag an Rialtas chomh maith go ndéanfar athbhreithniú ar na tairseacha ioncaim lena nglactar chun cáiliú do na híocaíochtaí seo uair gach tréimhse dhá bhliain chun athruithe ar thuilleamh a chur san áireamh; is in 2020 a dhéanfar an chéad athbhreithniú dá leithéid.

D'ainneoin na n-íocaíochtaí seo a bheith ar fáil, tá sé léirithe sna sonraí suas go dtí 2018 ó Shuirbhé an AE I Leith Ioncaim Agus Dálaí Maireachtála (SILC) go bhfuil leanaí i níos mó baoil bhochtaineachta ná aon ghrúpa eile sa tsochaí seo againne (ag baint úsáide as slat tomhais an AE maidir leis an mbaol bochtaineachta agus an eisiamh sóisialta). Ba léir, mar sin, go raibh gá ann le níos mó a dhéanamh chun bunioncam teaghlach a bhfuil leanaí acu a fhorlíonadh. Dá réir sin, tá athruithe spriocdhírithe curtha i gcrích ag an Rialtas i

## Caibidil 3: Ag Tacú le hOibrithe agus le Teaghlaigh - Ag

mbuiséid éagsúla le blianta beaga anuas chun feabhas a chur ar thorthaí do theaghlaigh a bhfuil leanaí acu agus méaduithe acu ar liúntais i leith leanaí cleithiúnacha, tairseacha ioncaim don íocaíocht teaghlaigh oibre agus neamhaird tuillimh don íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora.

Cé nach raibh tionchar na n-athruithe seo léirithe go dtí seo i sonraí SILC (baineann na sonraí SILC is déanaí le 2018), tá geallta ag an Rialtas go leanfar ar aghaidh na rátaí bochtaineachta níos airde i measc leanaí i dteaghlaigh atá ar ioncam íseal agus i líonta tí tuismitheoirí aonair a chur san áireamh agus an ráta leasa a shocrú mar chuid den phróiseas buiséid gach uile bhliain. Is é aidhm an Rialtais é seo a dhéanamh ná an chaighdeán beatha agus na torthaí saoil do theaghlaigh atá ar ioncaim ísle agus a leanaí a fheabhsú. Mar atá mionsonraithe i gcaibidlí níos faide anonn, leanfaidh an Rialtas leis ag leathnú seirbhísí amach chun tacú le teaghlaigh a bhfuil leanaí acu (féach Caibidil 5).

Táthar chun an dul chun cinn i dtaca le spriocanna a thomhas trí iarracht a dhéanamh rangú na hÉireann i ndáil na bochtaineachta leanaí (leanaí faoi 18 mbliana d’aois atá i mbaol bochtaineachta nó eisiata shóisialta) a fheabhsú, ón 20ú tír is fearr san AE suas go dtí an 5ú tír is fearr, nó rangú níos fearr ná sin, fiú, (is ionann sin agus céatadán na leanaí atá faoi 18 mbliana d’aois atá i mbaol bochtaineachta agus eisiata shóisialta a laghdú síos ó 23.9%, in 2018, go dtí 16%.).

### Tacaíochtaí A Leathnú Amach Chun Cuidiú Le Daoine A gCuid Airgid A Bhainistiú

Is táscaire é an strus eacnamaíoch a fhéachann ar níos mó ná an t-ioncam amháin, agus a gcuirtear tosca éagsúla san áireamh dála an fhiachais, an chostais tithíochta agus na deacrachtaí is na struis atá i gceist lena bheith ag mair ar ioncaim teaghlaigh laghdaithe. Mar a tuairiscíodh i Monatóireacht um an Ionchuimsiú Sóisialta na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí 2017, d’ardaigh ráta an strus eacnamaíoch ar ráta seasta le linn an chúlaithe eacnamaíochta, agus shroich sé buaicphointe in 2013. Faoi 2017, bhí ráta an struis eacnamaíoch laghdaithe ón mbuaicphointe sin ach fós féin d’fhan sé os cionn an leibhéal ag a raibh sé roimh don chúlú eacnamaíochta.

Tá gaol ann idir an strus eacnamaíoch agus choincheap an ‘eisiata airgeadais’, a shainmhínítear é mar eisiamh an duine a mbíonn deacrachtaí aige teacht ar sheirbhísí agus táirgí airgeadais agus / nó na seirbhísí sin a úsáid[7]. I gcás na hÉireann, shroich an ráta seo a bhuaicphointe ag 11.9% in 2013, agus ansin thit sé síos go dtí 5.8% in 2018. Mar sin féin, i bhfianaise an cheanglais atá ann rochtain a bheith ag daoine ar sheirbhísí baincéireachta d’fhonn a bheith iomlán rannpháirteach i sochaí ina ndéantar idirbhearta gan airgead tirim níos mó is níos mó de réir a chéile, is ábhar imní é go bhfuil an cuma ar an scéal nach bhfuil socruithe baincéireachta príobháideacha ag beagnach 6% den daonra.

Tá roinnt acmhainní saor in aisce / ar chostas íseal arna maoiniú ag an Stát iad i bhfeidhm chun cabhrú le daoine a gcuid gnó airgeadais a bhainistiú agus rochtain a fháil ar sheirbhísí airgeadais. Ina measc siúd, tá an tSeirbhís Buiséadaithe agus Comhairle Airgid (MABS), an Scéim Airgeadais Pearsanta Micrea-Chreidmheasa chomh maith leis an tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais agus an tOmbudsman do Phinsin. Mar sin féin, d’fhonn an bhainistíocht airgeadais agus an tuiscint airgeadais a fheabhsú tuilleadh, go háirithe i measc teaghlaigh atá ar ioncam íseal, tá an Rialtas tiomanta iniúchadh a dhéanamh ar na roghanna chlár um an oideachas airgeadais atá ar fáil do dhaoine atá ar ioncaim ísle d’fhonn clár dá leithéid a lainseáil le linn thréimhse feidhme an Treochláir seo.

[7] Is é an slat tomhais a ghlactar leis ná an céatadán de dhaoine aonair/teaghlaigh nach bhfuil aon chuntas reatha bunúsach acu.

# Caibidil 3: Ag Tacú le hOibrithe agus le Teaghlaigh - Ag

## Ráiteas na nGealltanas

Ag seo, sa tábla thíos, tá leagtha amach na gealltanais atá tugtha ag an Rialtais agus atá leagtha amach sa chaibidil seo, agus a bheidh ag teacht faoi réir monatóireachta agus tuairiscithe faoi phróiseas rialachais an Treochlár seo:

| Uimh. | Gealltanas | Ranna Freagracha | Amlíne |
|---|---|---|---|
| 12 | Cód iompair reachtúil a chur i mbun chun stádas fostaíochta oibrithe a chinneadh. | RGFCS | R1 2020 |
| 13 | Forbair agus leathnaigh amach an fhoireann um an iniúchadh dírithe a bunaíodh chun cásanna inar dtugann oibrithe fógairt bhréige go bhfuil siad féinfhostaithe chun críocha árachais shóisialta a iniúchadh agus a ionchúiseamh de réir mar is cuí. | RGFCS | Fós ar siúl |
| 14 | Reachtaíocht a fhorfheidhmiú ina bhfuil foráil déanta do mhuirir úis a ghearradh ar íocaíochtaí ranníocaíochtaí árachais shóisialta déanacha sa chás go raibh oibrí dearbhaithe mar 'fhéinfhostaithe' ar bhonn bréagach mícheart. | RGFCS | Fós ar siúl |
| 15 | Rinne an Coimisiún, le tacaíocht a fuair sé ón gComhairle Chomhairleach um an Margadh Saothair, staidéar ar threochtaí i socruithe fostaíochta in Éirinn. | RGFCS | R2 2020 |
| 16 | Feachtas cumarsáide a fhorbairt agus a reáchtáil chun cur leis an fheasacht ar íocaíochtaí tacaíochta ioncaim in-oibre a do theaghlaigh atá ar ioncaim ísle. | RGFCS | R4 2019 |
| 17 | Athbhreithniú débhliantúil a thionscnamh ar na tairseacha tuillimh a úsáidtear chun cáiliú le tacaíochtaí ioncaim do theaghlaigh atá ag obair agus atá ar ioncaim ísle. | RGFCS | R3 2020 |

| Uimh. | Gealltanas | Ranna Freagracha | Amlíne |
|---|---|---|---|
| 18 | Leanúint ar aghaidh ag díriú ar an bhochtaineacht i measc leanaí agus teaghlaigh ar ioncaim ísle a laghdú mar chuid den phróiseas buiséadach bliantúil. | RGFCS; RCPA | Fós ar siúl |
| 19 | Sprioc nua a bhunú don Bhochtaineacht Leanaí, agus tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtaca leis an sprioc sin, chun rangú na hÉireann a fheabhsú ón 20ú tír is fearr suas go dtí an 5ú tír is fearr, ar a laghad, faoi bhliain tuairiscithe SILC an AE le haghaidh 2025. Is ionann sin agus céatadán na leanaí atá faoi 18 mbliana d'aois atá i mbaol bochtaineachta agus eisiata shóisialta a laghdú síos ó 23.9% go dtí 16%. | RGFCS | R1 2020 – R4 2025^^ |
| 20 | Sprioc nua a leagadh síos chun rangú AE na hÉireann i dtéarmaí na 'bochtaineachta in-oibre' a fheabhsú tuilleadh, suas ón 3ú rangú go dtí an 2ú rangú trí ráta na bochtaineachta in-oibre a laghdú síos go dtí 2%, agus tuairisc a dhéanamh i ndáil leis an sprioc sin. | RGFCS | R1 2020 – R4 2025^^ |
| 21 | Athbhreithniú a dhéanamh ar roghanna atá ann chun an inniúlacht roimh an mbainistíocht airgeadais agus an tuiscint/rochtain ar an mbainistíocht airgeadais a fheabhsú i gcás daoine atá ar ioncaim ísle agus tuairisc a chur faoi bhráid an Rialtais agus moltaí maidir le cur chuige ann. | RGFCS; ROS; RFTP | R2 2020 |

^^ Tá sé beartaithe go mbeidh na sonraí ábhartha SILC ar fáil faoi 2026/27

# Caibidil 4

## Ag Tacú le Daoine Scothaosta - A nIoncam a Dhearbhú

# Caibidil 4: Ag Tacú le Daoine Aosta - A nIoncam a

## Sprioc: Ioncam daoine scothaosta a chosaint leis an gealltanas chun íocaíochtaí pinsin Stáit a thagarmharcáil a bhaint amach agus a fhíorú

Is ábhar mór imní do dhaoine scothaosta iad slándáil agus luach íocaíochtaí pinsin Stáit, agus tá an imní sin le brath sa phróiseas comhairliúcháin don Treochlár seo. Tá sé seo le brath san fhíric go bhfuil daoine atá ag brath go mór ar íocaíochtaí pinsin Stáit, agus a bhféadfadh srian mór a chur ar a gcumas ioncam eile a thuilleamh, leochaileach roimh aon riosca ann go bhféadfadh luach an phinsin Stáit a bheith curtha i mbaol mar gheall ar athruithe eacnamaíocha agus polaitiúla.

Tá na hábhair imní sin fós ann, chomh maith leis an creidiúint go bhfuil leochaileacht i gceist, in ainneoin an bheartais atá ann le cúpla rialtas éagsúla i ndiaidh a chéile luach na bpinsean Stáit a chosaint agus a fheabhsú. Tá sé seo léirithe go soiléir sna méaduithe fíor-shuntasacha atá tagtha ar luach na n-íocaíochtaí pinsin sa tréimhse ó dheireadh na 1990í suas go dtí 2009, an chosaint ar tugadh dóibh le linn thréimhse an chúlaithe agus na méaduithe ar cuireadh leo ina dhiaidh sin, ó 2013 amach. Mar shampla, in 1997, €95.23 ab ea an ráta íocaíochta pinsin caighdeánach i ndáil le duine singil. In 2007, bhí méadú tagtha ar sin, suas go €209.30, is é sin le rá méadú 120% le linn tréimhse ina raibh méadú de 38% sa ráta boilsciú. Idir 2009 agus 2019, mhéadaigh an ráta seo arís, suas go €248.30, nó thart ar 19%, i gcomparáid leis an leibhéal boilscithe comhiomlán thar don tréimhse a bhí thart ar 4%. Mar gheall ar na méaduithe sin, is é córas aistrithe sóisialta na hÉireann anois an ceann is éifeachtaí in aon tír de chuid an AE ná de chuid an OECD chun tionchar na bochtaineachta a mhaolú agus an neamhionannas a laghdú, go háirithe i measc daoine scothaosta.

Cé go bhféadfadh an scéal mar a bhí sé roimhe seo a bheith ina ábhar spéise do go leor pinsinéirí, is léir nach dtugann sé mórán cinnteachta maidir leis an mbeartas a bheidh ann amach anseo. Chun aghaidh a thabhairt ar an ábhar imní seo, agus chun freagairt ar mholtaí a rinne comhlachtaí ionadaíochta éagsúla agus grúpaí éagsúla eile, tá an Rialtas seo tiomanta do chóras a thabhairt isteach chun rátaí íocaíochta pinsin a thagarmharcáil i dtaca leis an meánphá agus an mboilsciú.
Ar an mbealach seo beidh daoine atá ag fáil pinsin cheana féin a bheith cinnte de go gcoinneofar a n-ioncam, agus is féidir leosan atá fós i mbun oibre a gcuid socruithe scoir féin a phleanáil agus a bheith cinnte iontaobhach ar bhealach áirithe faoi luach todhchaíoch an phinsin Stáit.

## An Tagarmharcáil: An Bonn Atá Leis

Faoi láthair, déantar na rátaí íocaíochta leasa shóisialaigh a chinneadh uair sa bhliain mar chuid den phróiseas buiséadach. De ghnáth, tugtar méaduithe comhréire do dhaoine fásta cáilithe agus do dhaoine atá ag fáil rátaí íocaíochta laghdaithe. Cé gur oibrigh an córas seo go maith go ginearálta i dtéarmaí an tionchar a bhí ag na haistrithe sóisialta ar an leibhéal bochtaineachta atá ann, tá deacrachtaí bunúsacha ann:

- Níl aon nasc follasach ann idir rátaí leasa agus rátaí tuillimh, agus fágann sé sin gur féidir le fíorluach na rátaí leasa athrú i gcoibhneas le tuilleamh margadhbhunaithe ó bhliain go bliain. Is féidir tionchar a bheith aige sin, dá réir, ar dhreasachtaí oibre agus ar mhaolú na bochtaineachta.
- Ar an mbealach céanna, níl aon nasc follasach ann idir rátaí leasa agus praghsanna agus, arís, fágann sé sin gur féidir le fíorluach na rátaí leasa dul i méad nó dul thar chúl in éadan praghsanna. Is féidir tionchar a bheith aige seo, dá réir, ar mhaolú na díothachta.
- Ní féidir le daoine atá ag fáil íocaíochtaí leasa shóisialaigh, go háirithe iad siúd atá ag brath ar íocaíochtaí fadtéarmacha (amhail an pinsean Stáit), pleanáil nó buiséad a dhéanamh go hiontaobhach sa mheántéarma nó san fhadtéarma ach oiread.

# Caibidil 4: Ag Tacú le Daoine Aosta - A nIoncam a Dhearbhú

- Ní féidir le daoine atá in aois oibre a gcuid socruithe pinsin phearsanta féin a phleanáil go hiontaobhach maidir le luach todhchaíoch an phinsin Stáit.
- Is féidir an ráta a bheith socraithe mar chuid den phróiseas margála polaitiúil agus fágann sé sin go d'fhéadfadh athruithe a bheith curtha leis nach bhfuil bunús ceart leo, ná torthaí atá cothrom ach oiread.
- Toisc go bhfuil sé éasca athruithe ar rátaí leasa a chur i bhfeidhm agus toisc gur féidir coigilteas a dhéanamh astu láithreach bonn, is féidir le daoine atá ag fáil leasa a bheith eaglach roimh laghduithe a d'fhéadfadh a bheith curtha leis na rátaí le linn tréimhsí cúlaithe eacnamaíochta.

Ní nach ionadh, agus na deacrachtaí sin curtha san áireamh, go bhfuil próiseas foirmiúil innéacsaithe rátaí agus / nó tagarmharcála curtha ar bun i bhformhór na dtíortha mar bhealach chun luach na n-íocaíochtaí leasa shóisialaigh a chinntiú. Níl ach dhá thír san OECD nach bhfuil córas tagarmharcála foirmiúil acu, agus tá Éire ar cheann den dá thír sin.
Ós rud é go bhfuil rátaí íocaíochta leasa anois ag na leibhéil tagarmharcála atá molta, nó gar dóibh siúd, tá sé oiriúnach go ndéanfaí machnamh foirmiúil ar phróiseas chun rátaí íocaíochta leasa a nascadh leis na rátaí tuilleamh margaidh agus le gluaiseachtaí i bpraghsanna.

## Cur Chuige Féideartha Amháin Atá Ann: Tagarmharc Tuilleamh Chothromaithe do Phinsin

In 2018, foilsíodh gealltanas go ndéanfar tograí a fhorbairt chun an Pinsean Stáit a thagarmharcáil sa Treochlár um an Athchóiriú ar Phinsin 2018 - 2023:

> *"Agus ráta an phinsin Stáit á socrú, tá an cur chuige a bhfuiltear tar éis glacadh leis in Éirinn neamhghnách i gcomhthéacs thíortha an AE maidir le méaduithe lánroghnacha a chur i bhfeidhm trí chinntí polaitiúla sa phróiseas buiséadach bliantúil. Ar an mbonn idirnáisiúnta, tá sé i bhfad níos coitianta córas níos foirmiúla d'arduithe uathoibríocha nó leath-uathoibríocha a bheith i bhfeidhm. Déantar méaduithe a innéacsú de réir táscaire eacnamaíoch, go hiondúil, an fás boilscithe agus tuillimh, mar shampla. Tá an Rialtas den tuairim go mbeadh ár gcuid pinsinéirí níos cinnte faoi cad a bhí i ndán dóibh go fada amach anseo más rud é go raibh córas innéacsaithe uathoibríoch i bhfeidhm. Bheadh sé de thairbhe daoine aonair freisin fíorluach buan seasta a bheith curtha leis an bPinsean Stáit mar gheall orthu a bheith in ann níos mó soiléireachta a bheith acu don phleanáil airgeadais agus níos mó iontaoibh a bheith acu maidir le haon choigiltis scoir phríobháidigh a theastaíonn chun an pinsean Stáit a fhorlíonadh." (lch.8)*

Mar chuid den Treochlár sin, iarradh ar an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí tograí a scrúdú agus a fhorbairt don Rialtas chun sprioc tagarmharcála foirmiúil de 34% den mheán-thuilleamh a leagan síos le haghaidh na n-íocaíochtaí ranníocacha Pinsean Stáit, agus chun próiseas a chur i mbun feidhme i gcomhar leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe lena mbeidh athruithe a chuirfear i mbun amach anseo ar rátaí pinsin nasctha go sainráite le hathruithe a thagann ar innéacs na bpraghsanna tomhaltóirí chomh maith le hathruithe ar an meánphá.

Tá cur chuige féideartha amháin atá ann, agus a bhfuiltear i mbun é a bhreithniú faoi láthair na huaire, ina n-úsáidtear an córas a dtugtar córas na dtuilleamh cothromaithe, agus ina gceanglaítear ráta na híocaíochta pinsin ar an gcéad dul síos leis an meánphá ach, na blianta sin ina bhfuil an méadú ar an meánphá níos lú ná ráta na méaduithe ar phraghsanna, bíonn sé nasctha le ráta an bhoilscithe. Tá achoimre ar shampla de chur chuige dá leithéid le fáil i mBosca 1 thall.

# Caibidil 4: Ag Tacú le Daoine Aosta - A nIoncam a

### Bosca 1: An Tuilleamh Cothromaithe - Cur Chuige Féideartha

Tugtar aghaidh i gcóras na dtuilleamh cothromaithe don dá phríomhdhúshlán atá roimh an gcóras tagarmharcála/innéacsaithe. Is é an chéad cheann de na dúshláin siúd ná gur féidir le tagarmharc atá nasctha le haon bheart amháin (praghsanna, mar shampla) a bheith mar chúis leis an bearna idir ioncaim daoine atá ag brath ar phinsin Stáit agus daoine eile sa tsochaí a bheith leathnaithe amach. Ar an taobh eile den scéal, bíonn 'tionchar raicíneach' ag córais ina n-úsáidtear tagarmharcanna iolracha, na córais glasála dúbailte mar a thugtar orthu, mar shampla, lena sáraíonn na méaduithe ar phinsin na praghsanna agus an pá, chun dúnadh isteach ar rátaí pá, nó fiú chun iad a shárú.

Is mar seo a leanas a sháraíonn córas na dtuilleamh cothromaithe na deacrachtaí seo:

- Bheadh íocaíochtaí pinsin tagarmharcáilte, mar réamhshocrú, dá bharr i gcoinne slat tomhais na meántuilleamh, ag baint úsáide as an sprioc tagarmharc de 34% mar atá geallta sa Treochlár um an Athchóiriú Pinsean.
- Leanfar ar aghaidh leis an innéacsú seo atá bunaithe ar an tuilleamh go dtí an chéad tréimhse/tréimhsí ina sáraíonn an boilsciú praghsanna an ráta fáis tuilleamh. D'fhonn a bhfíorluach a choinneáil, d'athrófaí na híocaíochtaí pinsin de réir athruithe sa tomhas praghais (HICP / CPI).
- I dtréimhsí ina dhiaidh sin, i gcásanna a sáraíonn an fás tuilleamh an boilsciú arís, déanfar rátaí pinsin daingnithe leis an mboilsciú praghsanna go dtí go bhfuil an tagarmharc tuillimh athcurtha.
- Leis sin, cuirfear ar ais an t-innéacsú mar an tagarmharc tuilleamh go dtí go mbeadh an fás tuilleamh ag maolú taobh thiar den bhoilsciú arís, agus cuirfear an timthriall d'athruithe i bhfeidhm mar atá luaite thuas a d den athuair.

Beifear in ann cinnte a dhéanamh de, le cur chuige dá leithéid a bheith i bhfeidhm, go gcoinneofaí luach coibhneasta na n-íocaíochtaí leasa shóisialaigh i gcomparáid le ráta tuilleamh margaidh san fhadtéarma agus go mbeifear in ann fíorluach, nó cumhacht ceannaigh, na n-íocaíochtaí seo a chosaint dá bharr sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma araon.

D'fhonn an trédhearcacht agus an neamhspleáchas a chinntiú i gcur i bhfeidhm an chur chuige tuillimh cothromaithe 'glas dúbailte' seo, agus d'fhonn a chumasú roinnt meastóireachta a dhéanamh ar na cúinsí eacnamaíocha agus fioscacha níos leithne a bhíonn ábhartha in aon bhliain amháin, d'fhéadfadh grúpa saineolaithe an próiseas tagarmharcála seo a chur san áireamh a gceapfaidh an tAire iad uair sa bhliain. Bheadh an toradh faoi réir a dhaingnithe ag an Rialtas leis sin, ar an mbealach céanna a bhíonn an daingniú de dhíth i gcás méaduithe ar an íosphá arna moladh ag an gCoimisiún um Pá Íseal.

# Caibidil 4: Ag Tacú le Daoine Aosta - A nIoncam a Dhearbhú

Tá an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí ag leanúint ar aghaidh, i gcomhar le chéile leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, chun an rogha seo tuilleamh cothromaithe a iniúchadh agus cuireadh de chúram ar an Roinn sin togra a thabhairt ar aghaidh go ndéanfaidh an Rialtas breithniú a dhéanamh air d'fhonn cur chuige a thabhairt chun críche le linn R1 2020.

## Tacaíochtaí agus Seirbhísí Eile do Dhaoine Scothaosta

Cé gurbh í an tslándáil ioncaim an cheist is mó tábhacht ar ardaíodh le linn an phróisis chomhairliúcháin, bhí údair imní eile ardaithe ann freisin. Ina measc siúd, áirítear an soláthar de thacaíochtaí cúraim fadtéarmacha chun ligean do dhaoine scothaosta maireachtáil agus dul in aois le dínit ina dtithe féin a raibh ceist faoi rochtain ar sheirbhísí ag baint leis, go háirithe seirbhísí sláinte, pobail agus iompair.

Is saincheisteanna iad seo a bhfuil an bhéim lárnach den Straitéis Náisiúnta um an Aosú Dearfach (NPAS) dírithe uirthi agus a bhfuil sé mar aidhm aici tacaíochtaí deas éasca a chur ar fáil do dhaoine scothaosta. Tá siad le brath freisin i dtosaíochtaí an Rialtais faoi Thionscadal Éireann 2040, lena n-áirítear, mar shampla, sna gealltanais atá tugtha maidir le hinfheistíocht shuntasach sa chúram cónaithe fadtéarmach agus i seirbhísí agus tithe altranais pobalbhunaithe chomh maith le hionaid chúraim phríomhúil agus phobail. Éascóidh na hinfheistíochtaí seo an soláthar de sheirbhísí sláinte riachtanacha ar an mbonn áitiúil, agus rachaidh sé sin chun leasa daoine scothaosta, agus chun leas an phobail i gcoitinne, chomh maith. Cuirfear daoine scothaosta ar a gcumas fanacht ina bpobal féin agus a bheith cinnte go mbeidh seirbhísí áitiúil ar fáil ina gceantar féin mar gheall ar na hinfheistíochtaí seo, chomh maith le tionscnaimh eile atá ann cheana féin, lena n-áirítear an maoiniú sruthlínithe le haghaidh seirbhísí tacaíochta baile, deontais oiriúnaithe tithíochta, an tithíocht tacaithe, seirbhísí iompair de chuid an Naisc Áitiúil agus scéimeanna rabhaidh pobail/seanóirí.

## Ráiteas na nGealltanas

Ag seo, sa tábla thíos, tá leagtha amach na gealltanais atá tugtha ag an Rialtais agus atá leagtha amach sa chaibidil seo, agus a bheidh ag teacht faoi réir monatóireachta agus tuairiscithe faoi phróiseas rialachais an Treochlár seo:

| Uimh. | Gealltanas | Ranna Freagracha | Amlíne |
|---|---|---|---|
| 22 | Cur chuige a thabhairt chun críche don Rialtas maidir le híocaíochtaí pinsin a thagarmharcáil go ndéanfaidh siad cinneadh ina leith. | RGFCS | R1 2020 |
| 23 | Faoi réir chinneadh an Rialtais, aon athruithe riachtanacha ar an reachtaíocht a fhorbairt agus a ullmhú chun cur chuige tagarmharcála a chur i bhfeidhm. | RGFCS | R1 2020 |

| Uimh. | Gealltanas | Ranna Freagracha | Amlíne |
|---|---|---|---|
| 24 | Bain úsáid as an tagarmharc chun na hathruithe pinsin a choigeartú i mBuiséad 2021. | RGFCS; RCPA | R4 2020 |
| 25 | Déan machnamh ar na bealaí féideartha atá ann chur chuige tagarmharcála a chur i bhfeidhm maidir le híocaíochtaí leasa eile, agus ullmhú tuarascáil maidir leis sin le bheith curtha faoi bhráid an Rialtais. | RGFCS | R3 2020 |
| 26 | Lean ar aghaidh ag traenáil Dochtúirí Teaghlaigh agus foirne cúraim phríomhúil sa bhainistíocht néaltraithe faoi na tionscadail a bhaineann leis an Oideachas um an Cúraim Phríomhúil, le Conairí agus le Taighde ar an Néaltrú (ULLMHAITHE). | RS | Fós ar siúl |
| 27 | 4,500 leaba cúraim chónaithe breise, idir leabaí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha, a sholáthar ar fud an chórais phoiblí in Aonaid Altranais Pobail agus in áiseanna eile chun tarraingt siar.[8] | RS | 2027 |
| 28 | Leanúint ar aghaidh leis an obair atá á déanamh in 90 aonad altranais pobail phoiblí agus saoráidí cúraim chónaithe fadtéarmacha do dhaoine aosta ar fud na tíre, idir iad a athchóiriú agus ionaid nua a thógáil ina n-ionad. | RS | Fós ar siúl |

[8] Is é an tomhas an céatadán de dhaoine aonair/líonta tí nach bhfuil aon chuntas reatha bunúsach acu.

# Caibidil 5

## Ag Tacú le Teaghlaigh agus le Leanaí

# Caibidil 5: Ag Tacú le Teaghlaigh agus le

## **Sprioc:** An bhochtaineacht leanaí in Éirinn a laghdú agus a chinntiú go mbeidh an deis ag gach uile theaghlach páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí

Glactar leis go ginearálta go bhfuil ról láidir ag trí ghné idirghaolmhara maidir leis an leibhéal den bhochtaineacht leanaí agus teaghlaigh a chinneadh: na tuismitheoirí a bheith fostaithe / ceangailte leis an margadh saothair; rátaí ísle den bhochtaineacht i measc daoine atá fostaithe; agus córais éifeachtacha tacaíochta ioncaim a bheith ann dóibh siúd nach féidir leo obair[9].

Mar sin féin, tá tionchar mór ag an timpeallacht teaghlaigh iad féin ar na gnéithe seo. Is é an timpeallacht teaghlaigh, bíodh sé sin teaghlach tuismitheoir aonair nó teaghlach bheirt thuismitheoirí, fós an t-aonad is tábhachtaí chun an t-ionchuimsiú sóisialta a chinneadh, i gcás daoine aosacha agus leanaí araon. Tá na deiseanna a mbeidh rochtain ag leanbh orthu agus an dul chun cinn a dhéanann siad le linn a saoil ag brath go mór ar na hacmhainní atá ar fáil dá mhuintir nó dá muintir. Ar an gcaoi chéanna, is féidir na héilimh agus na costais a bhaineann le bheith i do thuismitheoir a bheith mar thosc cinnteoireachta, de ghnáth, ar chumas aon tuismitheora timpeallacht chobhsaí a sholáthar dá leanaí, an deis a thabhairt dóibh a an rath a bhaint amach sa saol agus ag an am céanna a gcáilíocht beatha atá acu féin a fhorbairt agus a chothú. Is féidir leis an saol sa bhaile, ann féin, teorainn a chur leis an gcumas atá ag an duine ioncam a thabhairt isteach, post a fháil, nó dul leis an oideachas, agus bíonn iarmhairtí sin a mbíonn tionchar acu ar tuismitheoirí agus leanaí araon. Ansin is féidir leis na héifeachtaí seo a bheith féinchothabhálach toisc gur féidir neamhionannas a bheith curtha ar aghaidh ó ghlúin go glúin.

Ba théamaí coitianta iad seo a tháinig chun cinn le linn an phróisis chomhairliúcháin mar bhonn eolais d'fhorbairt an Treochláir seo agus mar gheall orthu tharla sé go ndearnadh glaonna ar ghealltanais faoi thrí cheannteideal:

- An gá atá ann le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar sheirbhísí agus ar thacaíochtaí a bhaineann le leanaí chun cabhrú le teaghlaigh páirt níos gníomhaí a ghlacadh sa tsochaí bíodh sé sin le poist, leis an oideachas/oiliúint nó gníomhaíocht dheonach agus phobail.
- An gá atá ann le córais tacaíochta ioncaim a chothabháil agus, a oiread agus is indéanta, le hidirdhealú a dhéanamh idir íocaíochtaí agus seirbhísí tacaíochta ioncaim i bhfianaise na héilimh éagsúla a bhíonn curtha orthu maidir leis an méid ama atá i gceist agus na costais a thabhaítear ag brath ar más rud é go bhfuil an leanbh faoi 12 bliana d'aois nó níos sine ná sin.
- An gá lena chinntiú go leanfaidh an Rialtas ar aghaidh le bheith dírithe ar na saincheisteanna seo tríd an bhochtaineacht leanaí a choinneáil mar sprioc shonrach.

## Seirbhísí agus Tacaíochtaí Leanaí a Fhorbairt sa Bhreis

Is i Roinn tiomnaithe Rialtais faoi cheannas Aire leibhéal comh-aireachta atá an fhreagracht fhoriomlán as an fhorbairt bheartais agus sheirbhíse i leith seirbhísí leanaí dílsithe, is é sin an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, agus tá an tábhacht a chuireann an Rialtas do thacaíocht a thabhairt do theaghlaigh agus do leanaí le brath sa mhéid sin.

Faoin gCreat *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile: an creat beartais náisiúnta do leanaí agus do dhaoine óga 2014-2020 (BOBF)*,  tá ceannaireacht tugtha ag an Roinn chun cur chuige uile-Rialtais le haghaidh seirbhísí a fhorbairt chun thacaíocht a chur ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga, agus táthar ag leanúint ar aghaidh leis an ceannaireacht sin a thabhairt. Den chéad uair riamh, tá sraith de bhealaí cur chuige comhleanúnach le haghaidh seirbhísí agus tacaíochtaí leanaí mar thoradh ar an straitéis seo, arna maoirsiú ag an gCuibhreannas Beartais do Leanaí agus Daoine Óga.

[9] Féach, mar shampla, Gábos, A. (2013), Successful policy mixes to tackle child poverty: an EU-wide comparison, AIAS, GINI Discussion Paper 76. http://econpapers.repec.org/paper/aiaginidp/76.htm

# Caibidil 5: Ag Tacú le Teaghlaigh agus le Leanaí

An Chéad 5: Tá an Plean Uile-Rialtais do Naíonáin, Leanaí Óga Agus a dTeaghlaigh (2019-2028) dírithe ar bhealach ar leith ar bhearta a chur i gcrích lena neartófar eispéiris leanaí agus torthaí do leanaí ón uair a bheirtear iad suas go dtí go bhfuil siad cúig bliana d'aois thar réimsí éagsúla de shaoil leanaí. Sa Chéad 5, tá rún an Rialtais maidir leis an tsaoire teaghlaigh agus maidir leis an rochtain ar obair a oireann do theaghlaigh a leathnú amach; agus seirbhísí sláinte leanaí; tacaíochtaí tuismitheoireachta; pobail a thacaíonn le leanaí agus seirbhísí fhoghlaim agus chúram na luath-óige chomh maith. Clúdaíonn an Chéad 5 Phlean Forfheidhmithe, a foilsíodh i mí na Bealtaine 2019, an chéad chéim den chur i bhfeidhm agus sainaithníonn sé garspriocanna tábhachtacha i ndáil leis na bearta uile do 2019, 2020 agus 2021 chomh maith leis an bpríomh-aschur do na bearta atá le déanamh faoi 2021. Téama lárnach atá le fáil in an Chéad 5 is ea an t-uilíochas forásach, an chreidiúint gur chóir go mbeadh tacaíocht éigin ag gach uile leanbh agus teaghlach ach go mbeadh tacaíocht bhreise ag teastáil ó roinnt leanaí agus teaghlaigh agus tá sé le brath sa smaointeoireacht atá mar bhonn agus taca le go leor bearta.

## Tábhacht Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige

Cothaíonn cothromaíocht mhaith foghlama agus cúraim folláine fhoriomlán leanaí agus tacaíonn sé le sláinte mhaith choirp agus mheabhrach, foghlaim dhearfach agus torthaí soch-mhothúchánach agus féiníomhá agus féiniúlacht dhearfach.

Faigheann leanaí ó ghrúpaí leochaileacha na buntáistí is fearr ó fhoghlaim agus cúram na luath-óige, teaghlaigh atá ar ioncam íseal, teaghlaigh inimirceach agus iadsan a bhfuil tuismitheoirí ar bheagán oideachais acu ina measc. Is fada fairsing na buntáistí atá le buachan ó fhoghlaim agus cúram na luath-óige.

Ligeann sé do thuismitheoirí páirt a ghlacadh sa mhargadh saothair, san oideachas agus san oiliúint agus a fhios a bheith acu go bhfuil a gcuid leanaí slán sábháilte agus sona sásta, go bhfuil siad ag fáil cúram maith agus go bhfuil deiseanna curtha ar fáil dóibh chun súgartha agus idirghníomhaíocht a dhéanamh lena gcuid piaraí. Méadaíonn rannpháirtíocht sa mhargadh saothair ioncam teaghlaigh dá réir sin, agus laghdaíonn sé baol na bochtaineachta atá ann.

Sa *Chur Chuige Uile-Rialtais chun Déileáil leis an mBochtaineacht Leanaí*, ar foilsíodh é i mí Dheireadh Fómhair 2017, rinneadh 48 mbeart a shainaithin lenar cheart, iad uile i dteannta le chéile, Toradh4 den BOBF (an tSlándáil Eacnamaíoch) a chur ar fáil agus torthaí feabhsaithe a bhaint amach do leanaí agus dá dteaghlaigh. Tá roinnt forbairtí tábhachtacha atá ann cheana féin, agus cinn eile atá fós le teacht, lena n-áirítear:

An Scéim Náisiúnta Cúraim[10]: Scéim nua atá ann chun an foirdheonú a dhéanamh ar na costais a bhíonn ag tuismitheoirí a chun i soláthar rialáilte foghlaim agus cúram na luath-óige a chur ar fáil dá leanaí, lena n-áirítear gné spriocdhírithe agus gné uilíoch araon, le bheith curtha i bhfeidhm déanach in 2019. Den chéad uair riamh, beidh teidlíocht reachtúil ar fhóirdheontais chun cabhrú le tuismitheoirí costas fhoghlaim agus an chúram na luath-óige agus an chúraim leanaí in aois scoile atá curtha ar fáil ag seirbhísí atá cláraithe le Tusla.

An clár Cúraim agus Oideachais Luath-Óige (réamhscoile uilíche) (ECCE):
Is clár uilíoch saor in aisce den soláthar réamhscoile atá é ECCE atá ar fáil do gach uile leanbh atá sa raon aoise incháilithe agus feidhmíonn sé thar 38 seachtaine in aghaidh na Bliana idir Meán Fómhair agus Meitheamh.
Ó Mheán Fómhair 2018 i leith, is féidir le gach aon leanbh laistigh den raon aoise incháilithe leas a bhaint as dhá bhliain cláir iomlána sula dtéann siad ar scoil sa bhunscoil.

An tSamhail Rochtana agus Chuimsithe (AIM)[11]: Clár de thacaíochtaí is é AIM (idir tacaíochtaí uilíocha agus tacaíochtaí spriocdhírithe araon) a bhfuil sé de chuspóir aige a chinntiú gur féidir le leanaí faoi mhíchumas rochtain a fháil ar an gClár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige i dtimpeallachtaí príomhshrutha réamhscoile agus gur féidir leo páirt iomlán a ghlacadh sa churaclam réamhscoile in éineacht lena gcomhghleacaithe.



10 https://ncs.gov.ie/
11 https://www.aim.gov.ie

## Caibidil 5: Ag Tacú le Teaghlaigh agus le

Clár Óige Ceantar-Bhunaithe: Tá sé mar aidhm ag an gclár Óige Ceantar-Bhunaithe (ABC) torthaí do leanaí a fheabhsú trí chláir um chosc agus idirghabháil a chur ar siúl i 12 limist faoi mhíbhuntáiste ainmnithe.

Scéim Maoinithe don Aos Óg Spriocdhírithe: Tá sé mar aidhm ag an scéim seo tacaíochtaí lasmuigh den scoil a chur ar fáil do dhaoine óga ina bpobail féin chun iad a chur ar a gcumas deacrachtaí a shárú agus barr a gcumas a bhaint amach as a n-inniúlachtaí pearsanta agus sóisialta a neartú.

Saoire Atharthachta Íoctha: Faoin scéim seo, ar tugadh isteach in 2016 í agus arna maoiniú tríd an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, íoctar €245 in aghaidh na seachtaine le haithreacha incháilithe ar feadh tréimhse suas le coicís chun cabhrú leo am a thógáil saor ón obair le linn na chéad 6 mhí den leanbh a bheith ar an saol.

Leanfar ar aghaidh leis an obair seo chun tacaíochtaí a bhaineann le leanaí a leathnú agus a fheabhsú chun an bhochtaineacht a laghdú agus an t-ionchuimsiú sóisialta a fheabhsú agus tionscnaimh nua á chur leis a bhaineann leis an tsaoire do thuismitheoirí/ le foghlaim agus cúram na luath-óige, leis an oideachas agus leis an tsláinte. Mar chuid den obair sin, beidh i bhfad níos mó béime curtha ar dhaoine óga/an óige (10-24 bliana) mar ghrúpa ar leith agus é mar aidhm aige sin torthaí, an rannpháirtíocht agus an folláine a fheabhsú.

Cuirfidh sé sin leis an dul chun cinn atá déanta go dtí seo. Tá BOBF, An Chéad 5 agus an Treochlár um an Ionchuimsiú Sóisialta saor in aisce agus féachann siad leis na cuspóirí céanna a bhaint amach, chun an bhochtaineacht leanaí agus an t-eisiamh sóisialta a laghdú agus an fholláine leanaí a chur chun cinn. I mBosca 2 thíos tá breac-chuntas tugtha ar na torthaí náisiúnta agus ar na spriocanna bunathraithe a ndírítear orthu sa BOBF.

### Bosca 2: Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile: an creat beartais náisiúnta do leanaí agus do dhaoine óga 2014-2020 (BOBF)

Torthaí Náisiúnta:

1. Folláine ghníomhach agus shláintiúil, idir an folláine coirp agus an mheabhairshláinte
2. Barr chumas an duine a bhaint amach i ngach aon réimse den fhoghlaim agus den fhorbairt
3. Sábháilte agus slán ó dhíobháil
4. An tslándáil eacnamaíoch agus deiseanna eacnamaíocha
5. Comhnasctha, measta agus ag glacadh rannpháirtíocht ina dtimpeallacht

Spriocanna Claochlaithe:

1. Tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí
2. Idirghabháil agus cosc níos luaithe
3. Éist le daoine óga agus le leanaí agus lig dóibh páirt a ghlacadh
4. Seirbhísí ardchaighdeáin a áirithiú
5. Aistrithe a neartú
6. Comhoibriú agus comhordú tras-Rialtais agus tras-ghníomhaireachta

# Caibidil 5: Ag Tacú le Teaghlaigh agus le

Mar chuid den Treochlár seo, tá geallta ag an Rialtas athbhreithniú a dhéanamh ar an straitéis seo agus mar chuid den athbhreithniú sin machnamh a dhéanamh ar conas is féidir dul chun cinn maidir le laghdú na bochtaineachta leanaí a bhaint amach níos tapúla. Beidh an indéantacht smaointe ar nós deontas nua do leanaí a thástáil de réir acmhainne agus incháilitheacht an Liúntais um Éadaí agus Coisbheart Don Scoilbhliain Nua a leathnú amach mar chuid d'athbhreithniú dá leithéidl.

## Saoire do Thuismitheoirí/Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige

Is tosaíocht i gcónaí é an brú atá ar thuismitheoirí a laghdú, go háirithe sa chéad bhliain chriticiúil don leanbh a bheith ar an saol. Ar an mbealach céanna, cuideoidh sé má ghlacann aithreacha páirt níos mó chun féachaint le freagrachtaí cúram an linbh a roinnt chun dul i ngleic le braistintí gur dualgas 'bhan' é an cúram leanaí agus, tríd é a leathadh amach, gur mó an bhacainn atá i gceist leis an tógáil leanaí ná an fhostaíocht do mhná. Dá bhrí sin, mar atá luaite roimhe seo i gCaibidil 2, tá an Rialtas tar éis a thiomantas tréimhsí den tsaoire do thuismitheoirí íoctha a thabhairt isteach agus a leathnú amach. Ó bhí mí na Samhna 2019 ann, tá gach uile thuismitheoir i dteideal coicíse breise de shaoire do thuismitheoirí, agus beidh sé sin ag dul i méid de réir a chéile suas go seacht seachtaine in aghaidh na bliana sna tréimhse trí bliana atá amach romhainn, ar aon dul leis an straitéis *An Chéad 5*. Anuas ar na teidlíochtaí le saoire atharthachta agus saoire mháithreachais atá ann cheana, beidh tuismitheoirí incháilithe, idir an mbeirt acu, le 40 seachtain den tsaoire do thuismitheoirí íoctha a ghlacadh le linn na chéad bhliana dá leanbh a bheith ar an saol. Má chuirtear gnáth-theidlíochtaí saoire san áireamh, ciallaíonn sé sin go mbeidh an rogha ag go leor tuismitheoirí aire a thabhairt dá leanbh sa bhaile le linn an chéad bhliain de shaol a linbh. Tá sé indéanta go mbeifear in ann na brúnna ama agus costais atá ar thuismitheoirí a laghdú go suntasach agus torthaí do leanaí a fheabhsú dá bharr.

## Oideachas

Tá sé de chumhacht ag an oideachas saol an duine a athrú ó bhonn, daoine a thabhairt amach as an mbochtaineacht agus timthriallta míbhuntáiste a bhriseadh. Tá sé ríthábhachtach eispéireas foghlama ar ardchaighdeán a sholáthar a thugann dúshlán do gach foghlaimeoir barr a chumas a bhaint amach. Tá sé mar cuspóir ríthábhachtach den bheartas oideachais le blianta beaga anuas, go háirithe ag leibhéal na bunscoile agus na meánscoile, chuir leis an ionchuimsiú sóisialta maidir le leanaí atá faoi mhíbhuntáiste, i gcás leanaí a bhfuil míchumas intleachtúil agus leanaí a bhfuil míchumas fisiciúil orthu araon (agus aghaidh tugtha orthu le Tacaíochtaí Oideachais Speisialta) nó faoi threoir an mhíbhuntáiste eacnamaíochta (a dtugtar aghaidh ar leis an gclár um *Comhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh* (DEIS), clár atá fós mar bheartas bunthábhacht de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna chun aghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste oideachais). Tá Plean DEIS 2017 bunaithe ar chúig phríomhsprioc agus tá sé mar aidhm aige gníomhú ionas go mbeidh Éire ar cheann de na tíortha is fearr san Eoraip chun tairbhe a bhaint as an oideachas chun fáil réidh bacainní trí na foghlaimeoirí a chur ar a gcumas cur leis an tsochaí go héifeachtach.Cuimsíonn Plean DEIS tacar uaillmhianach cuspóirí agus bearta chun tacú leis na leanaí sin is mó atá i mbaol den mhíbhuntáiste oideachais.

*An Plean Gníomhaíochta don Oideachas 2019 - Cumasú* Tá plean gníomhaíochta uaillmhianach leagtha amach sa phlean seo chun torthaí a fheabhsú do mhic léinn atá faoi mhíbhuntáiste. I measc na ngníomhartha sin, táthar tar éis síceolaithe breise a earcú don tSeirbhís Náisiúnta Oideachais Síceolaíochta (NEPS); an oiliúint a rolladh amach do mhúinteoirí chun inniúlacht shóisialta agus mhothúchánach, athléimneacht agus nascacht scoile a chur chun cinn do gach aon fhoghlaimeoir; cláir chun acmhainn múinteoirí a fheabhsú i réimsí den bhainistíocht dhearfach sa seomra ranga; agus oiliúint do Bhunscoileanna i bhforbairt Foirne Tacaíochta do Mhic Léinn chun tacaíochtaí a chomhordú agus cuir chuige uile-scoile i leith a fhorbairt chun an fholláin a chur chun cinn.

# Caibidil 5: Ag Tacú le Teaghlaigh agus le

Áirítear leis cur i bhfeidhm Phlean DEIS 2017 freisin chun an bhearna i bhfeidhmíocht idir DEIS agus scoileanna neamh-DEIS a dhúnadh, an tsamhail Múinteoirí Oideachais Speisialta a daingniú agus an tsamhail chláir thrialaigh um an Ionchuimsiú Scoile a fhorbairt lena n-áirítear Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige (ELC) agus Seirbhís Tionscadal Taispeána Teiripe Scoile atá bunaithe ar an meastóireacht arna déanamah an gclár píolótach atá ann. Tá an plean tiomanta freisin do chomhoibriú leanúnach le grúpaí ionadaíochta Tusla agus an Lucht Siúil ar bhearta chun cur leis an páirt a ghlacann an Lucht Siúil san oideachas agus an Plean Rochtana Náisiúnta a chur i bhfeidhm chun cur le ráta ionadaíochta grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste san ardoideachas.

## An Clár um Béilí Scoile

Anuas ar na bearta seo, tá uaillmhian leagtha síos ag an Rialtas chun a chinntiú go mbeidh rochtain ag gach leanbh scoile ar bhéile te, cothaitheach amháin in aghaidh an lae. I gcás fhormhór na leanaí, is féidir é sin a fháil sa bhaile; ach tá go leor leanaí ann, mar sin féin, go háirithe ina measc na leanaí siúd atá ina gcónaí i dtimpeallachtaí leochaileacha nó i dteaghlaigh ina bhfuil ioncam agus acmhainní srianta, nach féidir an talamh slán a dhéanamh de go mbeidh siad in ann béile te a fháil. Cinnteoidh scéim phíolótach, a sheol an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí i Meán Fómhair 2019 ar fud 37 scoil, go dtairgfear béile te do leanaí sna scoileanna seo i suíomh na scoile gach lá i rith na seachtaine scoile. Beidh an clár trialach seo, a bheidh leathnaithe amach in 2020 chun 35,000 leanbh breise a chumhdach, faoi réir meastóireachta a bheidh déanta ar a thionchar agus ar a thorthaí chun bonn eolais a chur faoin mbealach is fearr chun an uaillmhian seo, is é sin béile te a chur ar fáil do gach uile leanbh sa Stát, sna blianta a thagann ina dhiaidh sin, a chur i gcrích. Cuimsíonn straitéis an Chéad 5 gníomh freisin chun clár béilí a phíolótú i dtimpeallachtaí fhoghlaim agus chúram na luath-óige in 2020.

## An Cúram Sláinte

Tá sé intuigthe go bhfuil sé ar cheann de na príomhthosca chun an beartas um an gcúram sláinte a fhorbairt le blianta beaga anuas na torthaí sláinte agus an soláthar cúraim sláinte do leanaí agus do theaghlaigh a fheabhsú. Tá fianaise air seo le brath sa: leathnú amach an Chúraim Dochtúra Teaghlaigh do Leanaí faoi 6 bliana d'aois (lena n-áirítear seiceálacha folláine tréimhsiúla curtha ar fáil do leanaí uair amháin, nuair atá an leanbh dhá bhliain d'aois agus uair amháin eile nuair atá sé cúig bliana d'aois); gníomhartha a bhaineann go sonrach le leanaí agus le teaghlaigh atá sa Phlean Náisiúnta um an nGníomhaíocht Choirp agus sa bheartas agus sa phlean gníomhaíochta maidir le Meáchan Sláintiúil d'Éirinn 2016 - 2025; chomh maith leis na seirbhísí sláinte príomhacha atá curtha ar fáil do naíonáin i mblianta na luath-óige leis an gclár Náisiúnta um Óige Sláintiúil atá curtha ar fáil ag an tseirbhís Altranais Sláinte Poiblí den chuid is mó.

Táthar ag leanúint ar aghaidh leis an gcur chuige seo agus tá geallta ag an Rialtas go bhfuiltear chun an cúram dochtúirí teaghlaigh gan táillí a leathnú amach le bheith curtha ar fáil do leanaí idir 6 agus 12 bliana d'aois ar bhonn céimnithe, ag tosú le leanaí suas le 8 mbliana d'aois ó 2020.

Tá sé geallta ag an Rialtas chomh maith, mar chuid de Sláintecare, go bhfuiltear chun seirbhísí fiaclóireachta saor in aisce a leathnú amach do leanaí ar bhonn forásach, ag tosú le leanaí atá faoi 6 bliana d'aois, ó 2020 ar aghaidh,
mar atá curtha síos i bhfoilseacháin in 2019 dála Bheartas um an tSláinte Bhéil Smile agus Sláinte. Táthar chun an fhéidearthacht atá ann seirbhísí oftalmacha a leathnú amach ar an mbonn céanna sa bhliain atá amach romhainn.

# Caibidil 5: Ag Tacú le Teaghlaigh agus le Leanaí

## Tacaíochtaí Ioncaim agus Íocaíochtaí

### Tús áite a thabhairt d'athruithe sa ráta leasa le haghaidh teaghlach agus leanaí

Táthar tar éis an cheist faoi na dtacaí ioncaim in-oibre do theaghlaigh agus an idirghníomhaíocht idir íocaíochtaí leasa agus obair a phlé roimhe seo i gCaibidil 3. Mar atá leagtha amach sa chaibidil sin, tá an Rialtas tiomanta luach na hoibre a chothú agus a fheabhsú agus é a chur ina thús áite go leanfar ar aghaidh ag laghdú na rátaí bochtaineachta leanaí go leanúnach sa phróiseas buiséid bliantúil.

Tá an gealltanas seo mar leanúnachas den chur chuige lena nglacadh i mbuiséid le déanaí ina raibh na chéad mhéaduithe a bhí ann le blianta fada anuas i dtaca le híocaíochtaí i leith leanaí cleithiúnacha; inar cuireadh athruithe leis na híocaíochtaí sin de réir aois an duine i bhfeidhm (íocaíochtaí níos airde do leanaí níos sine ná 12 bliana d'aois mar a bhí molta ag go leor grúpaí ionadaíochta); agus méaduithe ar neamhaird tuillimh d'íocaíochtaí tuismitheora aonair (is ionann sin agus malartú a dhéanamh ar na laghduithe a cuireadh isteach le linn an chúlaithe eacnamaíochta); agus méaduithe ar thairseacha tuillimh d'íocaíochtaí um theaghlaigh i bhfostaíocht.

Leanfar ar aghaidh leis an mbeartas seo lena dtabharfar tús áite d'íocaíochtaí a bhaineann le leanaí agus lena ndéanfar idirdhealú idir íocaíochtaí de réir aoise, rud a bheidh de chuidiú le bheith cinnte de go dtagann laghdú ar na rátaí reatha den bhochtaineacht leanaí.

### Íocaíochtaí Leasa Aosaigh a Indibhidiúlú

Anuas air sin, tá an Rialtas sásta an coincheap reatha 'spleách ar aosaigh' atá mar ghné atá leagtha síos go daingean sa chóras leasa faoi láthair den a oiriúnú. Sa chóras sin, tá trí phríomhghné i gceist le híocaíochtaí leasa shóisialaigh le teaghlaigh bheirt tuismitheoirí: íocaíocht phríomhúil don duine a mheastar a bheith mar an príomhéilitheoir; íocaíocht thánaisteach nó spleách le haon duine fásta breise atá sa teaghlach; agus íocaíochtaí i leith leanaí cleithiúnacha, a dhéantar iad leis an bpríomhéilitheoir, i ndáil le haon leanaí atá sa teaghlach.

Toradh amháin atá ag an gcur chuige seo ná nach bhfaigheann an dara duine fásta agus daoine fásta ina dhiaidh sin in aon teaghlach ioncam dóibh féin agus go ndéantar iad a eisiamh ó rochtain ar go leor scéimeanna agus seirbhísí tacaíochta. Chomh maith le caidreamh spleáchais a chruthú idir na daoine fásta tánaisteacha agus na príomhdhaoine fásta sna teaghlaigh, is féidir leis an struchtúr íocaíochta seo cur leis an fhadhb sin de theaghlaigh 'Déine Oibre an-Íseal', gur príomhtháscaire é ar an ionchuimsiú sóisialta a bhfuil rangú dona ina leith againn in Éirinn.

D'fhonn aghaidh a thabhairt ar an gceist seo, tá sé geallta ag an Rialtas scrúdú a dhéanamh ar an fhéidearthacht íocaíochtaí leasa a indibhidiú, trí íocaíocht dhíreach a íoc leis an dara duine fásta 'cleithiúnach' sa teaghlach chun an leibhéal spleáchais a laghdú agus chun torthaí fostaíochta agus tuillimh a fheabhsú.

### Tacaíochtaí do Theaghlaigh Tuismitheora Aonair

Ceann de na príomhfhachtóirí a spreagann an bhochtaineacht leanaí in Éirinn is ea na rátaí fostaíochta réasúnta íseal atá ann i measc teaghlaigh aontuismitheora. Tá sé seo gaolmhar le struchtúr stairiúil na dtacaí leasa tuismitheora aonair agus le saincheisteanna atá pléite roimhe seo maidir leis an infhaighteacht agus an costas i dtaca le soláthar fhoghlaim agus cúram na luath-óige[12].

[12] Féach, mar shampla, Russell H., McGinnity F., Fahey E. agus Kenny O. (2018) Maternal Employment and the Cost of Childcare in Ireland, Research Series No. 73, Baile Átha Cliath: An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta

# Caibidil 5: Ag Tacú le Teaghlaigh agus le Leanaí

Thug an Rialtas athruithe isteach sa scéim íocaíochta Teaghlach Tuismitheora Aonair (OFP) in 2012 chun aghaidh a thabhairt ar an cheist maidir le struchtúr na híocaíochta. Ba é an t-athrú ab shuntasaí ná an laghdú a dtáinig ar an tairseach uas-aoise, suas go dtí seacht mbliana d'aois don leanbh is óige atá ag an tuismitheoir aonair, agus socrú idirthréimhseach do leanaí suas go dtí 12 bhliain d'aois. Tugadh isteach neamhaird cothabhála ar an Íocaíocht um Theaghlaigh i bhFostaíocht in 2019 chomh maith. Is í an fhianaise ó athbhreithniú atá déanta le déanaí ná go raibh an cur chuige seo éifeachtach chun rátaí fostaíochta agus ioncaim a mhéadú i gcás tuismitheoirí aonair atá ag obair go lánaimseartha.

Tá sé inghlactha freisin, mar sin féin, go raibh laghduithe ioncaim do thuismitheoirí aonair a raibh obair pháirtaimseartha mar thoradh ar athruithe eile a rinneadh ag an am céanna. Táthar tar éis na hathruithe seo a mhalartú ar ais anois agus táthar ag súil leis mbeidh tionchar na n-aisiompuithe seo le brath sna sonraí um an ionchuimsiú sóisialta atá le teacht amach. Geallann an Rialtas go n-úsáidfear na sonraí taighde agus staidrimh is nuashonraithe maidir leis an ionchuimsiú sóisialta agus tuismitheoirí aonair chun cur leis an cur chuige atá aige roimh athleasuithe bhreise i ndáil le neamhaird ioncaim lena cinntiú chun nach mbeidh tuismitheoirí aonair thíos leis mar gheall ar phost páirtaimseartha a bheith faighte acu. Ba cheart go gcuirfeadh sé seo, mar aon leis an tiomantas chun tús áite a thabhairt sa phróiseas buiséid bliantúil do laghdú na bochtaineacht leanaí le laghduithe breise ar rátaí bochtaineachta.

É sin ráite, tá stádas fostaíochta an duine ar phríomhchinntitheach maidir le cibé an bhfuil duine eisiata go sóisialta nó ag maireachtáil faoin mbochtaineacht. Cé gur féidir le córas láidir tacaíochtaí leasa tionchar na bochtaineachta a mhaolú, ní féidir leis duine a thógáil amach as an mbochtaineacht go huile is go hiomlán (nuair a dhéantar an bhochtaineacht a thomhas ar bhealach coibhneasta bunaithe ar an meánioncam).

Dá réir sin, tá an Rialtas tiomanta do chur chuige níos réamhghníomhaí a ghlacadh chun tuismitheoirí aonair a spreagadh agus chun tacú leo dul isteach sa lucht saothair. De réir mar atá an Scéim Náisiúnta um Chúram Leanaí nua, mar shampla, bronntar uaireanta feabhsaithe ar thuismitheoirí atá i mbun oibre nó staidéir, agus tá an Roinn Oideachais agus Scileanna tar éis an Ciste Sparánachta 1916 a thabhairt isteach chun rannpháirtíocht daoine ó ghrúpaí ar leith nach bhfuil ionadaíocht mhaith acu san ardoideachas a spreagadh, thuismitheoirí aonair mar shampla. An Clár um an Ionchuimsiú Sóisialta agus an nGníomhachtú Pobail Soláthraíonn (SICAP) dian-thacaíochtaí duine le duine do thuismitheoirí aonair chomh maith, agus mar chuid de sin, tugann sé cuidiú leo a bheith níos réidh chun post a bheith acu agus chun leas a bhaint as deiseanna foghlama feadh an tsaoil. Chun an cineál cur chuige seo a chur chun cinn, tá sainordú tugtha ag an Rialtas anois don Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí bearta agus gníomhartha sonracha a shainaithint is féidir léi a dhéanamh mar chuid d'fhorbairt a straitéise nua seirbhísí fostaíochta.

## An Sprioc Náisiúnta maidir leis an mBochtaineacht Leanaí Náisiúnta

Ba é an sprioc náisiúnta don bhochtaineachta leanaí a rinneadh a shocrú i dTorthaí Níos Fearr Todhchaí Níos Gile ná laghdú 66% ar líon na leanaí ag maireachtáil sa bhochtaineacht sheasta faoi dheireadh 2020 (síos ón leibhéal ag a raibh sé in 2011, is é sin le rá 107,000). Sa sprioc sin, tá an chreidiúint sin léirithe nár cheart go mbeadh aon leanbh in Éirinn ag maireachtáil sa bhochtaineacht agus, sa chás go dtarlaíonn sé sin mar gheall ar chúinsí dochracha, gur cheart tacaíochtaí a bheith curtha ar fáil chun a chinntiú go bhfágfaidh an leanbh agus a theaghlach an bhochtaineacht taobh thiar díobh a luaithe is gur féidir.

Bhí tionchar an chúlaithe eacnamaíochta chomh mór sin san fhírinne gur mhéadaigh an figiúr suas go beagnach 150,000, cé gur laghdaigh sé go dtí go beagnach 92,000 faoi dheireadh 2018 (na sonraí is déanaí atá ar fáil). Fágann sé sin go gcaithfear níos mó ná trí cheathrú den laghdú iomlán atá beartaithe le tréimhse naoi bliana a bhaint amach láithreach bonn, thar thréimhse trí bliana.

# Caibidil 5: Ag Tacú le Teaghlaigh agus le Leanaí

Mar sin féin, i bhfianaise an fheabhsaithe atá tagtha ar ár gcúinsí eacnamaíocha, na tionscnaimh atá ar bun cheana féin agus na tionscnaimh nua atá beartaithe faoin am seo, tá an Rialtas tar éis athdhearbhú a thabhairt maidir leis an sprioc náisiúnta chun líon na leanaí atá sa bhochtaineacht sheasta a laghdú faoi 70,000 ón leibhéal ag a raibh sé in 2011. Leanfaidh an Rialtas ar aghaidh ag déanamh tuairisc ar an dul chun cinn i gcoinne na sprice seo agus leagfaidh sé sprioc náisiúnta nua amach don tréimhse go dtí deireadh 2025 i gcomhréir le haon spriocanna athbhreithnithe atá ag an AE don tréimhse a thagann as forbairt na straitéise atá le bheith curtha isteach in ionad na straitéise Eoraip 2020.

Ina theannta sin, ar aon dul leis an gcur chuige atá againn chun méadrachtaí caighdeánacha AE a ghlacadh agus iarracht a dhéanamh áit ard a bhaint amach d'Éirinn agus an tír a ard-rangú i gcomparáid le tíortha eile de chuid an AE, tá an Rialtas i mbun sprioc shonrach maidir leis an mbochtaineacht leanaí a shocrú ag baint úsáide as beart caighdeánach an AE, is é sin A Bheith i mBaol Bochtaineachta Nó Eisiaimh Shóisialta (AROPE). Faoi láthair na huaire, tá Éire sa 20ú háit i measc tíortha uile an AE, agus ráta AROPE de 23.9% do leanaí faoi 18 mbliana d'aois. Is é an sprioc ata ann ná áit mar cheann de na cúig thír is fearr rangaithe a bhaint amach, is é sin a rá feabhas de 33% ar ár bhfeidhmíocht agus laghdú ar an ráta AROPE síos go dtí 16% nó níos lú.

## Ráiteas na nGealltanas

Ag seo, sa tábla thíos, tá leagtha amach na gealltanais atá tugtha ag an Rialtais agus atá leagtha amach sa chaibidil seo, agus a bheidh ag teacht faoi réir monatóireachta agus tuairiscithe faoi phróiseas rialachais an Treochlár seo:

| Uimh. | Gealltanas | Ranna Freagracha | Amlíne |
|---|---|---|---|
| 29 | Tréimhse breise den tsaoire do thuismitheoirí íoctha d'aon choicís amháin breise a chur i bhfeidhm in 2019 agus é seo a shíneadh amach thar thréimhse seacht seachtaine sna trí bliana ina dhiaidh sin *(féach gealltanas 7 thuas freisin)*. | RDCC; RGFCS | R4 2019 |
| 30 | Cuir an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí nua i bhfeidhm, ar seoladh é i mí na Samhna 2019 *(féach gealltanas 8 thuas freisin)* | RLGÓ | R4 2019 |
| 31 | Raon de bhearta a thabhairt isteach chun cáilíocht sheirbhísí fhoghlaim agus chúram na luath-óige a fheabhsú ionas go gcuirfear níos mó leis an eispéireas agus leis na torthaí dearfacha do naíonáin agus do leanaí óga, an méid cáilíochtaí dóibhsean a n-oibríonn i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige san áireamh, chomh maith le forbairt a chur le bonneagar na Forbartha Gairmiúla Leanúnaí (CPD) ó thaobh tacaíochtaí agus meantóireachta de. | RLGÓ; ROS | 2021 |

| Uimh. | Gealltanas | Ranna Freagracha | Amlíne |
|---|---|---|---|
| 32 | Mar chuid den athchóiriú atá le déanamh ar an shamhail mhaoinithe do fhoghlaim agus cúram na luath-óige, forbair meicníocht oiriúnach chun táillí a ghearrtar ar thuismitheoirí a rialú mar chúiteamh ar infheistíocht mhéadaithe Stáit a bheith curtha san inacmhainneacht, sa chaighdeán agus san inbhuanaitheacht. | RLGÓ | 2021 |
| 33 | Forbair sásanna chun tacaí breise a chur ar fáil do sheirbhísí Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige (ELC), i gcásanna ina bhfuil cionroinnt ard de na leanaí ann atá i mbaol bheith i mbochtaineacht chun tionchar an luath-mhíbhuntáiste a laghdú. Go sonrach, déan clár bunaithe ar an múnla DEIS chun an ELC a chur ar fáil i gcomhthéacs na míbhuntáiste tiubhaithe. | RLGÓ | 2021 |
| 34 | Déan torthaí ón triail phíolótach béilí scoile te don bhliain 2019/2020 a mheas agus togra a chur ar aghaidh chuig an Rialtas maidir leis an fhéidearthacht agus an inmhianaitheacht atá i gceist chun an triail phíolótach a leathnú amach chuig gach aon scoil *(féach gealltanas 63 thíos freisin)*. | RGFCS; RCPA | R2 2021 |
| 35 | An Cúram Dochtúirí Teaghlaigh a leathnú amach gan táillí do leanaí idir 6 agus 12 bliana d'aois ar bhonn céimnithe dar tús in 2020. | RS | R4 2020 |
| 36 | Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras reatha chun an duine fásta tánaisteach sa teaghlach a rangú mar 'dhuine fásta cleithiúnach' d'fhonn íocaíochtaí agus tacaíochtaí leasa a phearsanú. | RGFCS | R2 2020 |
| 37 | Taighde agus sonraí atá cothrom le dáta a úsáid chun na cinntí a dhéantar maidir le leibhéal na neamhshuime ioncaim a threorú chun a bheith cinnte de nach mbeidh tuismitheoirí aonair faoi mhíbhuntáiste má théann siad leis an obair pháirtaimseartha. | RGFCS | Fós ar siúl |
| 38 | Bearta agus gníomhaíochtaí ar leith a shainaithint lenar féidir cur leis an ráta fostaíochta i measc tuismitheoirí aonair mar chuid den straitéis nua um sheirbhísí fostaíochta. | RGFCS | R4 2020 |
| 39 | Leanúint ar aghaidh le cur i bhfeidhm Phlean DEIS 2017. | ROS | Fós ar siúl |
| 40 | Leanúint ar aghaidh ag tuairisciú ar an dul chun cinn atá déanta in éadan na sprice náisiúnta chun líon na leanaí atá ag maireachtáil sa bhochtaineacht sheasta a laghdú faoi dheireadh 2020 agus sprioc nua a leagan síos don tréimhse suas go dtí deireadh 2025 i gcomhréir le haon spriocanna athbhreithnithe den AE don tréimhse a bhíonn ann. | RGFCS; RLGÓ; ROS; RS | Fós ar siúl |

# Caibidil 6

## Ag Tacú le Daoine faoi Mhíchumas

# Caibidil 6: Ag Tacú le Daoine faoi Mhíchumas

**Sprioc:** An tIonchuimsiú Sóisialta a laghdú i measc daoine faoi mhíchumas trí rátaí bochtaineachta a laghdú, torthaí fostaíochta a fheabhsú agus seirbhísí níos fearr a chur ar fáil

## An scéal a aithris slí eile - an cumas seachas an míchumas

Ní bheadh sé mícheart a rá, a beag nó a mór, nach bhfuil dóthain aitheantais tugtha don méid atá curtha le sochaí na hÉireann ag daoine atá faoi mhíchumas síos na blianta. Tá sé sin ag athrú anois, buíochas mór le Dia, agus na hiarrachtaí atá déanta ag daoineatá faoi mhíchumas, ag a gcuid cúramóirí tiomnaithe, ag gairmithe míochaine oilte agus ag daoine muinteartha diongbháilte a dhiúltaigh glacadh leis an status quo, go bunúach, chomh maith leis an t-athrú ó bhonn atá tar éis teachtar an tsochaí ar na cúiseanna is mó leis sin. Tá ár dtuiscint ar riachtanais agus ar acmhainneacht daoine faoi mhíchumas ag athrú ó bhonn dá bharr.

Tá béim anois curtha ar chumas an duine, seachas ar a éagumas, agus tá feasacht mhéadaithe ar an méid gur féidir le daoine atá faoi mhíchumas a chur lena bpobal agus lena n-ionaid oibre, agus gur saibhir fiúntach an méid sin.

Tá an tuiscint níos fearr seo atá ann anois ar an míchumas le feiceáil i raon leathan beartas agus tionscnamh rialtais le blianta beaga anuas, agus an chuspóir chéanna acu siúd go léir - chun cur leis an ionchuimsiú sóisialta i measc daoine atá faoi mhíchumas. Is é an *Straitéis Náisiúnta Ionchuimsithe do Dhaoine Faoi Mhíchumais* (NDIS) a shainaithníonn 114 beart in 8 réimse théamacha éagsúla le seachadadh faoi 2021 an cheann is tábhachtaí is príomhúla de siúd. Tá grúpa stiúrtha atá faoi chathaoirleacht ar leibhéal na nAirí ann a dhéanann maoirseacht ar an dul chun cinn atá déanta in éadan na mbeart seo agus déantar é a rianú i gcoinne thacar 62 táscaire arna sainaithin ag an Údarás Náisiúnta Míchumais. Tá tionscnaimh eile ann faoi choimirce chreat an NDIS, an *Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta* agus *Make Work Pay*, mar shampla, lena sainaithnítear 85 beart agus 24 molta sa bhreis air sin, faoi seach, ina gcuid tuarascálacha. Tá an chuspóir chéanna ag na bearta agus na moltaí seo, chomh maith le tionscnaimh eile atá glactha san oideachas, sa tsláinte (m.sh. de réir Sláintecare), sa tithíocht (m.sh. deontais oiriúnaithe tí) agus san iompar (m.sh. an Clár Athfheistithe um an Inrochtaineacht) uile, is í sin a chinntiú gur féidir le daoine faoi mhíchumas rochtain a fháil ar an fhostaíocht mar phríomhbhealach chun an bhochtaineacht ioncaim a laghdú; is féidir leo brath ar thacaíochtaí leasa maithe nuair nach féidir leo rochtain a fháil ar an fhostaíocht; agus is féidir leo aon tacaíochtaí breise eile a fháil atá de dhíth chun caighdeán maireachtála a bhaint amach "a mheastar é a bheith an gnáthchaighdeán do dhaoine eile sa tsochaí", is é sin an leibhéal tagartha caighdeánach chun an t-ionchuimsiú sóisialta a mheas.

## An Leibhéal d'Uaillmhian Atá Againn A Shocrú - Spriocanna Nua

Tá go leor de na bearta agus de na moltaí seo curtha i bhfeidhm, é sin nó táthar i mbun iad a chur chun feidhme. Ní hé sin le rá go bhfuil gach rud is féidir a dhéanamh déanta go dtí seo. Tá dul chun cinn maith déanta, ach fós tá níos mó le déanamh, agus tá i bhfad níos mó le baint amach againn. Cé gurb í Éire an tír a bhfuil an ráta is ísle den mhíchumas tuairiscithe san AE[13], rátaí bochtaineachta do dhaoine a thuairiscíonn féin go bhfuil an líon daoine faoi míchumas ann i measc na rátaí is airde san Eoraip. Tá an dá shlat tomhais seo gaolta lena chéile toisc go bhfuil sé dóchúil go bhfuil an sciar sin den líon measartha beag daoine a thuairiscíonn go bhfuil siad faoi mhíchumas in Éirinn a bhfuil leibhéal ard éagumais acu níos airde ná an sciar sin den líon daoine a thuairiscíonn go bhfuil siad faoi mhíchumas i dtíortha eile de chuid an AE, líon atá i bhfad níos mó. Is ábhar imní na sonraí seo, mar sin féin; agus caithfimid an móiminteam atá ann le cúpla bliain anuas a choimeád, agus cur leis, fiú. Chuige seo, caithfimid leibhéal uaillmhéine a leagan síos chun bonn eolais a chur faoi feidhmiú leanúnach na straitéisí atá ann cheana agus faoi fhorbairt straitéisí athnuaite / comharba sna blianta amach romhainn.

[13] Féach, mar shampla, http://appsso.eurostat.ec.europa.eu/nui/show.do?dataset=hlth_dp050&lang=en

## Caibidil 6: Ag Tacú le Daoine faoi Mhíchumas

Mar shampla, cé go n-aithníonn an tÚdarás Náisiúnta Míchumais rátaí bochtaineachta agus leibhéil fostaíochta mar phríomhtháscairí, níl aon sprioc náisiúnta ann le haghaidh na torthaí sin. Caithfidh sé sin a athrú.

Mar gheall air sin, tá an Rialtas tiomanta anois spriocanna náisiúnta a leagan síos i ndáil leis an mbochtaineacht a laghdú i measc daoine atá faoi mhíchumas agus chun torthaí fostaíochta a fheabhsú. Má chuirfear béim ar na spriocanna seo, bheadh sé sin de chuidiú lena chinntiú go mbeidh dearadh na mbeart go léir a bhfuil a fhios againn go bhfuil siad de dhíth agus atá geallta cheanna féin, chomh maith le feidhmiú na mbeart sin, oiriúnach don fheidhm.

Ag baint úsáide as méadrachtaí atá caighdeánach ar fud an AE ar fad, is é an príomhsprioc ná céatadán na ndaoine atá faoi mhíchumas[14] atá i mbaol den bhochtaineacht nó den eisiaimh shóisialta a laghdú ó ráta de 36.9% in 2018 síos go dtí níos mó ná 28.7% don bhliain 2025 agus go dtí níos mó ná 22.7% faoi 2030 (i.e. a bheith ar cheann de na 5 tír is fearr i rangú an AE).

Beidh an fo-sprioc sin go gcuirfear le ráta fostaíochta daoine faoi mhíchumas a mhéadú ón leibhéal reatha de 22.3% (Daonáireamh 2016) suas go dtí 25% faoi Dhaonáireamh 2021, agus 33% faoi Dhaonáireamh 2026, ag teacht leis sin.

### An Cumas agus an Costas a Aithint

Tá sé ar cheann de na breathnuithe atá luaite sa tuarascáil Make Work Pay, agus is cúis imní a ardaíonn grúpaí abhcóideachta míchumais go minic í, ná go bhfuil an córas reatha de thacaíochtaí ioncaim leasa shóisialaigh casta go leor agus go bhféadfadh an chastacht seo a fhágáil go mbíonn deacrachtaí ann do dhaoine faoi mhíchumas chun meastóireacht a dhéanamh ar na buntáistí a bhaineann leis an obair. Tá sé ar cheann de na moltaí atá sa tuarascáil, mar sin, an córas íocaíochtaí a athchumrú, agus moltar mar chuid de sin tograí a thabhairt ar aghaidh chun aghaidh a thabhairt ar inacmhainneacht áiseanna maireachtála laethúla do dhaoine faoi mhíchumas. Ina theannta sin rinneadh roinnt athruithe in iúl sa tuarascáil atá tagtha ar na rialacha agus a bhaineann le tacaíochtaí ioncaim a d'fhéadfadh a bheith
curtha i bhfeidhm sa ghearrthéarma. Ina measc siúd, is féidir le daoine a leanann ar aghaidh chun post a fháil pas taistil saor in aisce a choimeád[15]; méaduithe ar na tairseacha tuillimh chun an cárta leighis a choimeád do dhaoine atá faoi mhíchumas; agus an ceanglas a chomhlíonadh gur cheart go mbeadh obair athshlánaithe de chineál athshlánúcháin d'fhonn go dtabharfaí neamhaird ar thuilleamh ón bpost san tástálacha acmhainne.

Tá na bearta gearrthéarmacha tábhachtacha seo go léir curtha i bhfeidhm anois. Mar sin féin, tá ceisteanna fós ag seasamh amach maidir le struchtúr na n-íocaíochtaí míchumais agus maidir le conas aitheantas a thabhairt ar na costais bhreise a thabhaíonn daoine faoi mhíchumas i gcomparáid le daoine eile ar íocaíochtaí tacaíochta ioncaim, is cuma más rud é go bhfuil na costais sin ann mar gheall ar na híoctaíochaí sin nó nach bhfuil.

Mar is amhlaidh i gcás fhormhór na gcineálacha tacaíochta ioncaim atá ann, soláthraíonn an Stát dhá phríomhíocaíocht tacaíochta ioncaim do dhaoine faoi mhíchumas: an Íocaíocht Liúntais Míchumais de atá bunaithe ar an tástáil acmhainne agus an íocaíocht Pinsean Neamhbhailíochta atá bunaithe ar an árachas sóisialta. Mar sin féin, murab ionann agus cineálacha eile den teagmhas a dtugann tacaíochtaí ioncaim aghaidh orthu (m.sh. an dífhostaíocht), tá an éagsúlacht sna coinníollacha maidir le rochtain ar scéimeanna míchumais; tá difríochtaí idir na tástálacha incháilitheachta / cumais leighis; tá difríochtaí idir na socruithe chun tacú le rochtain ar obair íoctha agus tuilleamh a choinneáil; tá rátaí íocaíochta difriúil agus tá cóireáil cánachais difriúil. Anuas air sin, glactar le cur chuige dénártha i leith an mhíchumais sa dá scéim. Déantar an duine a mheas a bheith lán-éagumasach chun oibre nó lán-ábalta obair a dhéanamh gan aon aitheantas a

14 Arna shainmhíniú mar dhaoine a bhfuil teorann orthu gníomhú, idir teorann measartha agus dian.
Féach http://appsso.eurostat.ec.europa.eu/nui/show.do?dataset=hlth_dpe010&lang=en

15 Ón 6 Aibreán 2017 i leith, faoin tionscnamh Make Work Pay, má fhágann tú íocaíocht mhíchumais fhadtéarmach chun post a fháil, d'féadfadh tú do theidlíocht ar an Taisteal Saor In Aisce a choinneáil ar feadh tréimhse 5 bliana, ach faoi réir coinníollacha

thabhairt go bhféadfadh cumais oibre éagsúla a bheith ag daoine difriúla a bhfuil cineálacha éagsúla den mhíchumas orthu.[16] Ar an gcaoi chéanna, glactar le cur chuige 'aonair a oireann do gach uile chás' sna scéimeanna i ndáil le ceist na gcostas maireachtála, gan aird a thabhairt ar na costais éagsúla a thabhaíonn daoine atá cineálacha éagsúla den mhíchumais acu. Ní nach ionadh, mar sin, gur luadh an méid seo a leanas sa tuarascáil *Make Work Pay*: *"Is córas casta é an córas tacaíochta do dhaoine faoi mhíchumas atá ann faoi láthair, córas a thrasnaíonn raon de scéimeanna atá curtha ar fáil ranna rialtais agus gníomhaireachtaí stáit eile. Tá an éagsúlacht agus an fairsinge a bhaineann leis na riachtanas éagsúla a d'fhéadfadh daoine faoi mhíchumas a bheith acu le brath ann, chomh maith leis an tslí ina bhfuil na scéimeanna éagsúla tar éis a fhorbairt ar bhealaí éagsúla, uathúla. Is é an toradh atá air seo ná go mbíonn sé deacair ar dhaoine a bhealach a aimsiú sa chóras".*

Dá réir sin, tá sé geallta ag an Rialtas go ndéanfar athbhreithniú ar struchtúr reatha an liúntais míchumais agus na n-íocaíochtaí pinsin easláine, chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna atá luaite thuas agus sa tuarascáil *Make Work Pay* agus go háirithe chun leibhéil éagsúla den chumas a aithint. Chuige seo, foilseoidh sé togra 'dréachtsmaointe' roimh dheireadh 2020 chun críocha comhairliúcháin.

Ina theannta sin, choimisiúnaigh an Rialtas staidéar taighde ar Chostas an Mhíchumais, d'fhonn tuarascáil iomlán a fhoilsiú tráth nach deireanaí ná R2 2020.

### Ráiteas na nGealltanas

Ag seo, sa tábla thíos, tá leagtha amach na gealltanais atá tugtha ag an Rialtais agus atá leagtha amach sa chaibidil seo, agus a bheidh ag teacht faoi réir monatóireachta agus tuairiscithe faoi phróiseas rialachais an Treochlár seo:

| Uimh. | Gealltanas | Ranna Freagracha | Amlíne |
|---|---|---|---|
| 41 | Tá sé geallta ag an Rialtas chun leanúint leis an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais a chur i bhfeidhm chomh maith leis an Straitéis um an Fhostaíocht Chuimsitheach agus go ndéanfar an t-athbhreithniú orthu in 2021. | RDCC | R4 2021 |
| 42 | Táthar chun spriocanna laghdaithe bochtaineachta agus fostaíochta ar leith a leagadh síos do dhaoine faoi mhíchumas: An ráta AROPE a laghdú ó 36.9% ag tús báire, síos go 28.7% (2025) agus síos go dtí 22.7% ina dhiaidh sin (2030); agus an ráta fostaíochta a mhéadú ó 22.3% ag tús báire suas go dtí 25% (2021) agus suas go dtí 33% ina dhiaidh sin (2027). | RGFCS | Fós ar siúl |
| 43 | Togra 'dréachtsmaointe' a fhorbairt chun íocaíochtaí fadtéarmacha míchumais a athstruchturú chun an córas a shimpliú agus na hábhair imní a cuireadh in iúl sa tuarascáil Make Work Pay, a chur san áireamh ann, agus dul i mbun comhairle le páirtithe leasmhara maidir leis. | RGFCS | R4 2020 |
| 44 | Staidéar ar chostas an mhíchumais a choimisiúnú agus tuarascáil deiridh a fhoilsiú agus moltaí inti. | RGFCS; RCPA | An Coimisiún R2 2019<br>Tuarascáil R1 2020 |

[16] Tá scéim Sochar Cumais Pháirtigh ar leithligh atá bunaithe ar an árachas sóisialta lena ligtear cur chuige grádaithe a bheith glactha i leith an mheasúnaithe cumais ach ní féidir rochtain a fháil ar an scéim sin ach amháin iadsan atá incháilithe do scéim an Phinsin Easláine nó do dhaoine atá ag fáil Sochar Breoiteachta Neamhbhailí nó atá ag fáil Sochar Breoiteachta le sé mhí anuas, ar a laghad.

# Caibidil 7

## Ag Tacú le Pobail

# Caibidil 7: Ag Tacú le Pobail

## **Sprioc:** Pobail a chumhachtú chun aghaidh a thabhairt ar an eisiamh sóisialta

Tá ag éirí go maith leis an earnáil pobail agus leis an earnáil dheonach in Éirinn. Déanann grúpaí pobail agus deonacha arna maoiniú iad go díreach ag an Stát trí tháillí deontais agus seirbhíse, chomh maith le síntiús príobháideach agus poiblí agus roinnt gníomhaíochtaí tráchtála, an fuinneamh, an fios gnó agus an t-eolas áitiúil chomh maith le heolas faoi oibrithe deonacha sa cheantar áitiúil a chur chun feidhme chun céim suas a ghlacadh agus chun am a chur ar leataobh le seirbhísí áitiúla criticiúla a sholáthar agus chun tacú leis an soláthar de sheirbhísí feabhsaithe. Is cúis ghliondair dúinn go bhfuil Éire sa cheathairíl is airde de na Stáit uile atá san AE cheana féin i dtéarmaí rátaí na saoránachta gníomhaí agus na saorálaíochta.

D’fhéadfadh an Stát ról a ghlacadh chun tacaíochtaí agus seirbhísí a chur ar fáil ar bhonn díreach ach ag an am céanna níor cheart dó iarracht a dhéanamh an earnáil phobail agus dheonach a chur as feidhm. Ina ionad sin, bheadh sé níos fearr díriú ar conas feabhas a chur leis an gcomhpháirtíocht phobail-reachtúil atá ann cheanna féin, ar conas tacú leis an fhorbairt phobail agus le struchtúir chomhpháirtíochta áitiúla, agus ar conas cabhrú le heagraíochtaí áitiúla. Tá sé riachtanach a leithéid de chomhpháirtíocht a bheith ann chun torthaí níos fearr a chur ar fáil do phobail agus tá an Rialtas tiomanta an chomhpháirtíocht seo a neartú agus tacú le pobail mar chur chuige atá dea-aitheanta le fada an lá chun aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht, ar an eisiamh sóisialta agus ar an neamhionannas. Sa tslí sin, cuirfear pobail ar a gcumas freagraí a shainaithint agus a thabhairt lena bhfreastalófar ar na riachtanais atá acu. Bealach cur chuige suntasach amháin atá ann is ea an Clár um an Ionchuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP), atá á mhaoiniú ag an Stát agus a bhfuil a chuid bearta curtha i bhfeidhm ag foireann túslíne de chuid Cuideachtaí Forbartha Áitiúla ag obair i gcomhar le chéile le pobail agus le daoine aonair imeallacha chun feabhas a chur ar shaol daoine.

Is féidir leis an Rialtas tacaíocht éifeachtach a thabhairt chun pobail agus bonneagar deonach atá inbhuaineach agus a bhfuil rath air a chur i gcrích trí ghrúpaí pobail agus deonacha a mhaoiniú, leis an tsaorálaíocht agus cineálacha eile den rannpháirtíocht shóisialta a spreagadh (lena n-áirítear an gníomhachtú polaitiúil), trí bhonneagar áitiúil a sholáthar agus a chinntiú go gcuireann ionadaíocht grúpaí pobail agus deonacha bonn eolais faoi fhorbairt na mbeartas náisiúnta.

Ba iad sin na príomhthéamaí a tháinig chun cinn le linn an phróisis chomhairliúcháin le haghaidh an Treochláir seo agus is téamaí iad atá léirithe cheana féin i raon beartas agus tionscnamh an Rialtais agus ar an bhfíric go bhfuil ról lárnach na forbartha pobail anois le aitheanta agus ról Aireachta iomlán ceaptha leis sa Chomh-Aireacht.

### Earnáil an Phobail agus an Earnáil Dheonach a Mhaoiniú

Leithdháiltear maoiniú suntasach ar ghrúpaí pobail agus deonacha le soláthar cúnaimh deontais agus táillí seirbhíse. Déantar os cionn €600m a leithdháileadh mar thacaíocht do ghrúpaí pobail agus do ghrúpaí deonacha gach bliain trí Pobal, agus maoiníonn an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí scéimeanna fostaíochta pobail agus áitiúla ar luach de thart ar €400m gach bliain agus déanann an Roinn Sláinte cistí ar a dtugtar cistí alt 39 a mhaoiniú, ar luach de thart ar €0.8bn. Maoiníonn Ranna agus comhlachtaí eile, lena n-áirítear údaráis áitiúla agus grúpaí pobail agus deonacha, agus imríonn an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus Cultúir agus Roinn Oidhreachta agus na Gaeltachta ról ríthábhachtach chun tacú le heagraíochtaí spóirt agus cultúrtha, ar an mbonn áitiúil agus náisiúnta araon.

# Caibidil 7: Ag Tacú le Pobail

Léiríonn an leibhéal an-ard seo de mhaoiniú lárnach d'eagraíochtaí pobail agus deonacha ríthábhachtacht na hearnála seo don ionchuimsiú sóisialta in Éirinn. Dá réir sin tá an Rialtas diongbháilte leis go dtabharfar an t-aitheantas gur cheart ar ról na hearnála sin agus go ndéantar é a phleanáil ar bhealach comhleanúnach. Sin é an fáth go bhfuil sé tiomanta straitéis nua cúig bliana a rolladh amach chun tacú leis an earnáil phobail agus leis an earnáil dheonach: *Pobail Inbhuanaithe, Uilechuimsitheacha agus Cumhachtaithe: Straitéis chun Tacú leis an Earnáil Phobail agus leis an Earnáil Dheonach in Éirinn.* Tá leagan nua de *Straitéis Náisiúnta na hOibre Deonaí* á hullmhú aige chomh maith agus bunaíodh Grúpa Comhairleach Náisiúnta chun an obair seo a thabhairt chun críche. Ag an am céanna, agus gaolta leis sin, tá an Rialtas ag forbairt comharba ar an *bPlean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe* chomh maith agus cuirfidh sé athbhreithniú ar *An tIonchuimsiú Sóisialta tríd an Fhostaíocht Pobail* i gcrích sular i bhfad. Cuirfidh an obair seo bonn eolais faoi mhaoiniú agus fhorbairt na hearnála as seo amach.

## An Obair Dheonach agus an Rannpháirtíocht Shóisialta a Spreagadh

Tá an méid a dhéanann na hoibrithe deonacha ón gceantar áitiúil níos tábhachtaí ná sin, fiú, nuair atá an maoiniú atá luaite ag seo thuas mar éascaitheoir criticiúil don obair phobail sa cheantar áitiúil i gceist. Ní hamháin na buntáistí sóisialta do na daoine a bhaintear amach do na seirbhísí áitiúla a sholáthraíonn oibrithe deonacha atá i gceist anseo ach na sochair sóisialta agus pearsanta a bhaintear amach do na saorálaithe féin chomh maith. Tá samplaí den raon de thionscnaimh agus cláir atá tacaithe leis an maoiniú seo a bhfuil ról lárnach acu maidir le spreagadh na rannpháirtíochta agus an gníomhachtaithe le brath i mBosca 3 thall.

Sin é an fáth go bhfuil sé oiriúnach go bhfuil an tSaoránacht Ghníomhach agus an ráta Rannpháirtíochta san Obair Dheonach ar dhá cheann de na príomh-mhéadrachtaí atá le monatóireacht faoin Treochlár seo. Tá scór réasúnta maith ag Éire cheana féin i gcomparáid le tíortha Eorpacha eile maidir leis na slataí tomhais seo. D'fhonn bonn eolais a chur faoi fhorbairt na straitéisí nua, go háirithe faoin leagan nua den Straitéis Náisiúnta um an Obair Dheonach, tá an Rialtas i mbun sprice a leagan síos faoi láthair chun rangú na hÉireann a fheabhsú tuilleadh agus é mar aidhm aige sin an ráta saoránachta gníomhaí a mhéadú suas ó 13% go dtí 17% agus an ráta rannpháirtíochta san obair dheonach a mhéadú suas ó 29% go dtí 34%. Mar shampla, tá sé ar chuid lárnach den Bheartas Náisiúnta Spóirt, 2018-2027, cur leis an rannpháirtíocht, beartas a seoladh le déanaí, agus ina bhfuil leagtha amach ann gníomhaíochtaí chun cur leis an rannpháirtíocht sa spórt (agus béim ar leith ann ar na rátaí rannpháirtíochta a mhéadú go leanúnach buan i measc grúpaí agus pobail faoi nach bhfuil ionadaíocht mhaith acu ann). Tá sé tugtha faoi deara sa dara doiciméad a luadh faoi deara an tábhacht a bhaineann leis an obair dheonach sa spórt in Éirinn agus tá sé mar aidhm aige an t-ionchuimsiú a chur chun cinn.

Ba chóir a thabhairt faoi deara freisin, cé go dtugtar aghaidh ar ábhair imní praiticiúla agus ábhartha leis an tsláindáil ioncaim agus leis an soláthar seirbhísí, ní thugann siad aghaidh iomlán ar cheann de na príomhchúiseanna imní eile atá ann i bpobail, agus go háirithe ag daoine scothaosta, is é sin le rá an t-aonrú. Geallann an Rialtas dá bharr na bearta riachtanacha a fhorbairt chun dul i ngleic leis an uaigneas agus leis an scoiteacht, go háirithe i measc daoine scothaosta.

## An Bonneagar Áitiúil

Tá sé ar cheann de na príomhchuspóirí atá ag Tionscadal Éireann 2040 freagairt a thabhairt d'imní atá ann maidir le cáilíocht an bhonneagair áitiúil, agus maoiniú a chur sa bhonneagar ar an mbonn áitiúil chun tacú leis an fhorbairt phobail. Mar chuid de Tionscadal Éireann 2040, tá €8.8bn d'infheistíochtaí curtha ar leataobh faoin gceannteideal pobail tuaithe a neartú, lena n-áirítear ciste €1bn don athghiniúint agus forbairt tuaithe.

# Caibidil 7: Ag Tacú le Pobail

Tá ciste €2bn ar leith don athghiniúint agus fhorbairt uirbeach atá curtha ar leataobh do cheantair uirbeacha agus tá maoiniú suntasach á sholáthar freisin d'infheistíochtaí áitiúla spóirt, oidhreachta agus iompair agus ina measc siúd, mar shampla, tá €4.5bn sannaithe do bhóithre réigiúnacha agus áitiúla.

### Bosca 3: Roinnt Samplaí de Chláir Rannpháirtíochta Pobail

An Clár um Ghníomhachtú an Chuimsithe Shóisialta sa Phobal (SICAP):

Is é SICAP príomh-chlár idirghábhála uilechuimsithigh sóisialta atá ag an Rialtais. Tacaíonn sé le pobail agus le daoine aonair atá faoi mhíbhuntáiste lena n-áirítear daoine dífhostaithe, daoine atá ina gcónaí i gceantair dhíothacha, daoine faoi mhíchumas, teaghlaigh aontuismitheora, daoine atá ar ioncam íseal, daoine den Lucht Siúil agus den lucht Romach chomh maith le grúpaí eile atá faoi mhíbhuntáiste. Déanann 33 Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDCanna) bainistíocht ar an gclár ar bhonn áitiúil, agus tacaíocht faighte acu ó na húdaráis áitiúla, agus déanann cuideachtaí forbartha áitiúla gníomhaíochtaí a chur ar siúl dóibh.

CLÁR:

Soláthraíonn CLÁR maoiniú le haghaidh tionscadail bhonneagair ar mhionscála i gceantair thuaithe a bhfuil méid suntasach den bhánú feicthe iontu. Bhain níos mó ná 1,200 tionscadal leas as maoiniú de €25 milliún faoin gclár.

An Clár Feabhsúcháin Pobail:

Soláthraíonn an clár seo maoiniú chun feabhas a chur ar na saoráidí atá ar fáil do phobail, lárionaid pobail a athchóiriú nó feabhsúcháin a chur le páirceanna baile, mar shampla.

An Clár um Sheirbhísí Pobail:

Soláthraíonn an Clár um Sheirbhísí Pobail maoiniú d'eagraíochtaí pobail le haghaidh costais foirne ar leith agus béim curtha ann ar phobail atá faoi mhíbhuntáiste agus ar phost a chur ar fáil do dhaoine atá i bhfad ón margadh saothair.

An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe 2019-2027
(cuid de Tionscadal Éireann 2040):

Cuirfear infheistíocht ar fáil leis an gCiste chun tacú leis an athnuachan tuaithe, chun an athléimneacht a neartú agus a thógáil i bpobail tuaithe agus cuideoidh sé le hathghiniúint bailte agus sráidbhailte chomh maith ina bhfuil níos lú ná 10,000 ina gcónaí iontu, chomh maith leis na ceantair mórthimpeall orthu.

# Caibidil 7: Ag Tacú le Pobail

An Clár Leader 2014-2020:

Is éard is cuspóir leis an gclár LEADER 2014 - 2020 ná aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin atá roimh an tshochaí tuaithe agus tacaíochtaí a chur ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar na leibhéil mhéadaithe atá ann sa bhochtaineacht agus san eisiamh sóisialta.

An Scéim chun Tacú le hEagraíochtaí Náisiúnta (SSNO):

Is é aidhm uileghábhálach an SSNO ná maoiniú ilbhliantúil a sholáthar i dtreo chostais lárnacha eagraíochtaí náisiúnta san earnáil phobail agus dheonach chun cabhrú leo poist lárnacha foirne a oibriú agus a mhaoiniú.

Coistí um Sheirbhísí do Leanaí agus Daoine Óga (CYSPCanna):

Tá 27 coiste CYPSC contae in Éirinn. Is iad na tosaíochtaí is príomhúla atá acu ná go gcuirfear níos mó deiseanna ar fáil do chúrsaí aclaíochta; go gcuirfear leis an bia folláin chun cinn agus go dtacófar leis sin mar fhreagairt ar an mbochtaineacht bia; agus go soláthrófar tacaíochtaí forbartha agus sóisialta do leanaí agus do dhaoine óga atá gan dídean.

Clár an Naisc Áitiúil don Iompar Tuaithe:

Tá sé mar aidhm Clár an Naisc Áitiúil don Iompar Tuaithe córas iompair phoiblí pobalbhunaithe ar ardchaighdeán a sholáthar ar fud na tíre i gceantar tuaithe na hÉireann a fhreagraíonn do riachtanais an cheantair agus atá de chuidiú chun dul i ngleic leis an eisiamh sóisialta tuaithe agus leis na seirbhísí iompair tuaithe a chomhtháthú le seirbhísí iompair phoiblí eile.

Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí (PPNanna):

Tá Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí curtha ar bun i ngach uile limistéar údaráis áitiúil agus féachann siad le cinnte a dhéanamh de go mbíonn níos mó rannpháirtíochta pobail agus níos mó ionchuir ón bpobal curtha le próisis chinnteoireachta na n-údarás áitiúil. Is é an aidhm atá leo ná níos mó ionadaíochta a thabhairt don duine aonair agus don phobal.

An Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla:

Tacaíonn an scéim seo le gníomhaíochtaí oibre don aos óg a chur ar fáil faoi stiúir oibrithe deonacha ag an leibhéal áitiúil agus faigheann níos mó ná 600 club óige áitiúla tacaíocht uaithi gach uile bhliain.

An Scéim Deontais um Sheirbhísí don Óige:

Tá sé mar aidhm ag an scéim seo tionscnamh, cur chun cinn, fás agus forbairt eagraíochtaí óige a chinntiú le meoin agus cláir shainiúla a bhfuil sé mar sprioc acu an t-oideachas sóisialta a chur ar dhaoine óga. Cuirtear maoiniú ar fáil gach bliain do 30 eagraíocht, idir eagraíochtaí deonacha náisiúnta agus eagraíochtaí móra áitiúla.

# Caibidil 7: Ag Tacú le Pobail

Agus aitheantas tugtha dó go mbeidh an nascacht dhigiteach ríthábhachtach chun pobail tuaithe a chothú agus chun an t-aonrú sóisialta a chomhrac, lean an Rialtas ar aghaidh leis an bPlean Náisiúnta Leathanbhanda. Tugadh conarthaí chun críche arna ndéanamh leis an tairgeoir roghnaithe i mí na Samhna 2019 agus táthar chun tús a chur leis an obair tógála ar an líonra snáithín láithreach bonn.

## Ag Éisteacht agus ag Foghlaim

Tá é ar mhian lárnach ag go leor grúpaí pobail agus deonacha go n-éistfeadh an Rialtas leis an méid atá á iarraidh acu. Tá imní orthu nach bhfuil an tionchar ná an ardtionchar acu atá ag grúpaí eile, leithéidí gnólachtaí, ceardchumainn agus eagraíochtaí earnála. Go ginearálta, bhíonn ionadaíocht mhaith ag an earnáil phobail agus dheonach leis an Rialtas. Tarlaíonn sé seo i roinnt slite éagsúla, agus ina measc trí na fóraim réamh-bhuiséid agus iar-bhuiséid arna dtionscnamh ag Ranna éagsúla, lena n-áirítear an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí; an Fóram um an Ionchimsiú Sóisialta a thionóltar uair sa bhliain; an Comhrá Eacnamaíoch Náisiúnta; an Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta; na comhairliúcháin phoiblí éagsúla ar dhoiciméid bheartais; agus, go háirithe, tríd an ngníomhú a dhéanann siad ar bhonn áitiúil i gcomhar le hionadaithe poiblí.

Mar sin féin, tá an Rialtas eolach faoi go bhféadfadh eagla a bheith ann go mbeidh brú curtha ar an leibhéal rannpháirtíochta seo, go háirithe de réir mar a thagann feabhas ar dhálaí eacnamaíocha agus de réir mar a éiríonn roinnt fadhbanna gan a bheith chomh práinneach nó chomh géar sin. Dá réir sin, tá an Rialtas tiomanta dó go gcoinneofar le leibhéal suntasach rannpháirtíochta agus comhairliúcháin a leis an earnáil phobail agus dheonach agus, lena chinntiú go ndéantar ionadaíocht don earnáil phobail agus dheonach ag an gComhrá Eacnamaíochta Náisiúnta go speisialta.

## Pobal Uile-Oileáin: Ag freagairt do Brexit

Is dóigh go mbeidh tionchar diúltach ag imeacht na Breataine as an Aontas Eorpach (Brexit) ar an ngeilleagar, lena n-áirítear an leibhéal fostaíochta agus an t-airgeadas poiblí, is cuma an bealach imeachta a bheidh i gceist leis sin, go díreach. Tá an Rialtas dóchasach, áfach, gur féidir an dúshlán seo a shárú agus tá céimeanna glactha aige chun cabhrú le gach earnáil eacnamaíoch chun ullmhú, a oiread agus is féidir.

Ábhar imní ar leith a bhí ann don Rialtas ná an tionchar atá ag Brexit ar an dul chun cinn atá déanta maidir le forbairt an idirchaidrimh phobail faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta a laghdú. Mar chuid den Chomhaontú seo thacaigh an Rialtas, i dteannta le rialtas Thuaisceart Éireann agus Rialtas an RA, le tionscnaimh a bhfuil sé de chuspóir acu feabhas a chur ar an lánpháirtiú sóisialta agus cur leis an muintearas, go háirithe i gceantair gar leis an teorainn.

D'ainneoin Brexit, tá Rialtais na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe araon tiomanta do thuilleadh comhairliúcháin, comhoibrithe agus comhghníomhaíochta Thuaidh/Theas a chur i mbun agus a chur chun cinn maidir leis an mbeartas ar an mbochtaineacht agus ar an eisiamh sóisialta thar thréimhse feidme an Treochláir seo. Tá bearta glactha ag Rialtas na hÉireann agus ag Rialtas na Ríochta Aontaithe cheana féin, mar chuid de na socruithe Comhlimistéar Taistil atá ann le fada an lá chun cinnteoireacht fhoirmiúil a thabhairt dóibh siúd atá ag brath ar theidlíochtaí slándála sóisialta.

# Caibidil 7: Ag Tacú le Pobail

De réir an Chomhlimistéir Taistil, is féidir le saoránaigh na hÉireann agus na Breataine bogadh gan srian agus maireachtáil i gceachtar den dá thír agus taitneamh a bhaint as cearta agus pribhléidí gaolmhara, lena n-áirítear an rochtain ar fhostaíocht, an cúram sláinte, an t-oideachas, sochair shóisialta, agus an ceart vótála i dtoghcháin áirithe. Téann an Comhlimistéar Taistil níos faide siar ná bhallraíocht na hÉireann agus na RA san AE agus níl sé ag brath ar an mballraíocht sin. Gheall Rialtas na hÉireann agus Rialtas na RA araon an Comhlimistéar Taistil a chothabháil i ngach aon chás a d'fhéadfadh titim amach.

Fágann sé seo go leanfaidh saoránaigh na hÉireann agus na Breataine de bheith ag taitneamh as an gceart chun taisteal, maireachtáil agus obair sa RA agus in Éirinn díreach mar atá déanta acu go dtí seo, tar éis don RA an AE a fhágáil (agus i ngach uile chás a d'fhéadfadh titim amach). Sa chomhthéacs seo, tá socruithe déanta leis an RA ag Éirinn chun na bearta reatha maidir leis an tslándáil shóisialta a choinneáil. Mar thoradh air sin, coimeádfaidh saoránaigh Éireannacha agus Briotanacha atá ina gcónaí i gceachtar ceann den dá tír (Tuaisceart Éireann san áireamh) an ceart chun leas a bhaint as ranníocaíochtaí árachais shóisialta a dhéantar agus iad ag obair i gceachtar den dá thír agus chun rochtain a fháil ar íocaíochtaí árachais shóisialta i gceachtar tír ar an mbonn céanna agus atá acu faoi láthair na huaire. Ina theannta sin, coimeádfaidh saoránaigh an AE an ceart chun leas a bhaint as ranníocaíochtaí árachais shóisialta a dhéantar sa RA agus incháilitheacht le haghaidh íocaíochtaí ranníocacha ábhartha Éireannacha á mbunú acu. Leanfar de bheith indéanta íocaíochtaí, mar shochar leanaí, a onnmhairiú ó Éirinn go dtí an RA (nó a mhalairt).

Chuige sin, táthar tar éis Coinbhinsiún ar Shlándáil Shóisialta a aontú chun an bunús dlí a chur le híocaíochtaí leanúint ar aghaidh sa tslí a rinneadh iad go dtí seo beag beann ar an gcineál Brexit atá le titim amach sa deireadh. Ina theannta sin tá scéim saor-taistil Uile-Éireann cosanta agus beifear á cothabháil. Leanfaidh an Rialtas ag éileamh go gcosnófar na socruithe Thuaidh Theas seo.

## Ráiteas na nGealltanas

Ag seo, sa tábla thíos, tá leagtha amach na gealltanais atá tugtha ag an Rialtais agus atá leagtha amach sa chaibidil seo, agus a bheidh ag teacht faoi réir monatóireachta agus tuairiscithe faoi phróiseas rialachais an Treochlár seo:

| Uimh. | Gealltanas | Ranna Freagracha | Amlíne |
|---|---|---|---|
| 45 | Plean forfheidhmithe a fhorbairt chun na cuspóirí a bhaineann le dul i ngleic le uaigneas agus aonrú a bhaint amach. | RS | Cuireadh tús leis in 2019; ag leanúint ar aghaidh in 2020 |
| 46 | Spriocanna nua sonracha a leagan síos lenar féidir forbairt bheartais agus straitéisí ábhartha an Rialtais a threorú: ráta na Saoránachta Gníomhaí a mhéadú suas go 17% agus an Rannpháirtíocht san Obair Dheonach suas go 34%. | Na Ranna Uile | Fós ar siúl |

| Uimh. | Gealltanas | Ranna Freagracha | Amlíne |
|---|---|---|---|
| 47 | Comharba an Phlean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe a thabhairt chun críche agus a fhoilsiú. | RFTP | R1 2020 |
| 48 | Straitéis Náisiúnta um an Obair Deonach a thabhairt chun críche agus a fhoilsiú. | RFTP | R1 2020 |
| 49 | An t-athbhreithniú ar an Ionchuimsiú Sóisialta a thabhairt chun críche leis an Fhostaíocht Phobail agus aon mholtaí a thagann suas ann a chur i bhfeidhm. | RGFCS | R2 2020 |
| 50 | Cuir na bearta atá sa Bheartas Náisiúnta Spóirt, 2018-2027, i bhfeidhm (ina bhfuil béim ar leith curtha air go dtabharfar aghaidh ar éagothroime shonracha sa rannpháirtíocht (is é sin le rá grúpaí mionlacha eitneacha, daoine faoi mhíchumas, srl.)). | RITAS | Fós ar siúl |
| 51 | Conradh a dhámhachtain chun an Plean Náisiúnta Leathanbhanda a chur i bhfeidhm. | RCGAC | R4 2019 |
| 52 | An córas agus an leibhéal rannpháirtíochta idir comhlachtaí Rialtais agus an earnáil pobail agus dheonach a athnuachan agus a athbheochan. | Na Ranna Uile | Fós ar siúl |
| 53 | A chinntiú go gcoinnítear teidlíochtaí cómhalartacha thuaidh-theas ar shochair leasa, scéim taistil in aisce na nOileán go léir agus rochtain ar oideachas agus cúram sláinte tar éis Brexit a chur i bhfeidhm. | RGET; RGFCS; ROS; RS | Fós ar siúl |

# Caibidil 8

## Bunriachtanais:
## An Cúram Sláinte, an Tithíocht, an Fuinneamh agus an Bia

# Caibidil 8: Bunriachtanais: An Cúram Sláinte, an Tithíocht, an Fuinneamh agus an Bia

**Sprioc:** A chinntiú gur féidir le gach aon duine maireachtáil lán iontaoibh go bhfuil rochtain acu ar an gcúram sláinte, ar an tithíocht, an fuinneamh agus ar bhia ardchaighdeáin

Bhí caibidlí roimhe seo dírithe ar thacaíochtaí agus ar sheirbhísí do chatagóirí áirithe daoine: oibrithe, iad siúd atá ag lorg oibre, daoine scothaosta, teaghlaigh / leanaí agus daoine faoi mhíchumas.
Mar sin féin, tá gach duine, beag beann ar chúinsí pearsanta, ag brath go coitianta ar bhunghnéithe lárnacha an tsaoil laethúil lena n-áirítear an cúram sláinte, an tithíocht, an fuinneamh agus an bia.

Tá an t-ádh orainn in Éirinn go bhfuil go bhfuil an táirgeadh agus an soláthar bia go fairsing flúirseach, go bhfuil córas cúraim sláinte againn ina bhfuil mhíochaineoirí ann atá dea-cháilithe gairmiúla, go bhfuil stoc de thithíocht ar ardchaighdeán againn agus go bhfuil foinsí slána fuinnimh againn, idir fhoinsí glasa againn agus foinsí carbóin-bhunaithe agus líonraí dáilte seanbhunaithe againn.

I gcomparáid le tíortha eile, lena n-áirítear tíortha ardfhorbartha, tá Éire i riocht maith chun rochtain iontaofa a chur ar fáil dá saoránaigh ar na gnéithe bunúsacha atá de dhíth chun an tslándáil agus ár bhfolláine a áirithiú.

Mar sin féin, ní bhíonn rochtain iontaofa ar ardchaighdeán i gcónaí do gach duine. Is féidir le daoine nach bhfuil na líonraí láidre teaghlaigh agus sóisialta acu is atá ag an gcuid is mó den daonra; chomh maith le daoine ar ioncaim ísle; daoine faoi mhíchumas; daoine ó phobail imeallaithe na bunghnéithe bunúsacha a bhaint amach. Is féidir leo a bheith ag maireachtáil ar an imeall agus a bheith i gcónaí buartha faoi cúrsaí tionachta maidir leis an áit chónaithe atá acu, faoi conas a bheidh siad in ann an chéad bhéile eile a fháil, faoin gcóireáil leighis dá leanaí agus cibé an féidir leo an teas a chur ar siúl arís an chéad uair eile go bhfuil an aimsir fuar. Cheal cinnteachta faoi sholáthar na mbunghnéithe seo don saol laethúil, is féidir an bonn a bhaint dá gcumas tabhairt faoi dhúshláin eile agus deiseanna eile sa saol (an t-oideachas, an fhostaíocht agus an fhóillíocht).

Is féidir na costais atá le clúdach ag na daoine siúd atá ag maireachtáil ag tairseach na bochtaineachta, nó gar dó, óna n-ioncam indiúscartha a laghdú trí rochtain a chur ar fáil dóibh ar sheirbhísí bunúsacha riachtanacha ar bhonn saor in aisce nó fóirdheonaithe. Ligeann sé seo dóibh a n-ioncam a dhíriú ar riachtanais eile atá gaolmhar leis an maireachtáil laethúil agus laghdaíonn sé an baol díothachta atá ann. Ar an mbealach seo, déantar an imní sin a bheadh ag daoine atá i gcásanna leochaileacha ag brath murach sin a laghdú, maolaítear tionchar na bochtaineachta ioncaim agus cuirtear leis a gcuid n-ionchais i leith an ionchuimsithe shóisialta.

D’fhoilsigh an Rialtas sraith beartas agus straitéisí earnála cheana féin a chuimsíonn, mar shampla, an tsláinte, an tithíocht agus an fuinneamh. Beidh ról ríthábhachtach ag soláthar na mbeartas seo maidir le feabhas a chur ar an ionchuimsiú sóisialta sna blianta atá amach romhainn. Sin é an fáth go bhfuil spriocanna sonracha ann a bhaineann le, mar shampla, torthaí sláinte agus tithíochta sa tsraith mhéadaithe méadrach atá á n-úsáid chun dul chun cinn faoin Treochlár um an Ionchuimsiú Sóisialta seo a mheas. Ina theannta sin, beidh an dul chun cinn ar roinnt príomhghealltanas a bhaintear as na straitéisí earnála, nó atá gaolhar leo, ina gcuid lárnach den chlár rialachais agus tuairiscithe don Treochlár seo. Tá siad sin leagtha amach ag seo thíos.

## An Cúram Sláinte

Agus é go maith aitheanta go bhféadfadh costais chúram sláinte brú suntasach a chur ar theaghlaigh atá ag obair, tá sraith leasuithe déanta ag an Rialtas cheana féin a d’fhág go bhfuil méadú de bheagnach 33% tagtha ar líon na ndaoine a bhfuil rochtain acu ar sheirbhísí dochtúirí teaghlaigh saor in aisce agus cártaí leighis ó bhí 2007 ann.

# Caibidil 8: Bunriachtanais: An Cúram Sláinte, an Tithíocht, an Fuinneamh agus an Bia

Chuaigh na leasuithe seo chun leasa a lán dhaoine atá aicmithe mar dhaoine atá i mbaol den bhochtaineacht sheasta: Tá cárta leighis nó cárta cuairte dochtúir teaghlaigh ag 89% de dhaoine atá ag maireachtáil sa bhochtaineacht sheasta, i gcomparáid le 42% de dhaoine nach bhfuil. Chomh maith leis na hathruithe seo, chuaigh athbhunú agus leathnú amach na scéime Sochair Cóireála lena gcuirtear rochtain ar an gcóireáil optúil agus fiaclóireachta ar mhaithe le leasa oibrithe, beag beann ar a n-ioncam nó más féinfhostaithe nó fostaithe iad, agus déanfar ráta na bochtaineachta in-oibre a laghdú de bharr an athraithe sin.

D'fhonn an ualach na gcostas cúram sláinte atá ar theaghlaigh a laghdú tuilleadh, leanfaidh an Rialtas ag feabhsú agus ag leathnú amach an rochtain atá ar sheirbhísí cúram sláinte lena chlár *Sláintecare* agus a bheartas Sláinte Bhéil *Smile agus Sláinte*, agus i measc na feabhsuithe sin áirítear roghanna maidir leis an rochtain ar sheirbhís sláinte atá saor in aisce ag an bpointe seachadta. Mar chuid den chur chuige seo, déanfaidh an Rialtas breithneoireacht ar an bhféadfaí an cur chuige 'Smile agus Sláinte' a leathnú amach agus a chur le seirbhísí eile, seirbhísí oftalmacha, mar shampla. Déanfaidh sé athbhreithniú chomh maith ar oibriúchán na scéime Sochair Cóireála le breithniú an féidir í a fheabhsú chun tionchar na bochtaineachta a laghdú, tríd an gclúdach a leathnú amach do leanaí de chuid tuismitheoirí cáilitheacha, mar shampla.

## An Beartas Sláinte um an Ionchuimsiú

Tá grúpaí eisiata go sóisialta i sochaí na hÉireann a mbíonn orthu déileáil le leibhéil shuntasach den éagothroime sláinte, agus rátaí galrachta agus básmhaireachta níos airde ina measc ná mar a bhíonn ag an daonra i gcoitinne. Áirítear leo daoine atá ag mí-úsáid substaintí, daoine gan dídean, an Lucht Siúil agus an Lucht Romach agus daoine a bhfuil seal caite acu i gcúram institiúideach nó i bpríosún. Is féidir le daoine ó na grúpaí seo saol i bhfad níos giorra a bheith acu i gcomparáid leis an gcuid eile den daonra, agus ionchas saoil de thart ar 40 bliain, ar an meán, acu.

Is creat é an tsláinte uilechuimsitheachta chun feabhsuithe i dtorthaí sláinte a ghríosú do na grúpaí seo, tríd an taighde, an comhordú beartais agus an soláthar seirbhísí. Tá sé mar aidhm aige an rochtain atá ag na grúpaí seo ar sheirbhísí sláinte agus ar sheirbhísí eile atá gaolmhara leo a fheabhsú trí bhearta atá comhordaithe agus spriocdhírithe a dhéanamh.
Chuir an Roinn Sláinte tús le beartas Sláinte um an Ionchuimsiú a fhorbairt in 2019.

## An Tithíocht

Tá an rochtain ar an tithíocht inacmhainne agus an daingneacht tionachta ar dhá thosca móra a théann i bhfeidhm ar bhraistint folláine an duine. Tá an daingneacht tionachta ríthábhachtach chun an buanshochar a bhíonn de dhíth chun an t-oideachas nó an oiliúint a chríochnú nó chun post a fháil agus a choimeád. Anois, tar éis don bhun titim as an earnáil tógála le linn an chúlaithe eacnamaíochta is deireanaí, agus an fás láidir ar tháinig ar ioncaim, an fhostaíocht agus ar an daonra ina dhiaidh, tá ganntanas tithíochta in Éirinn faoi láthair go háirithe i gceantair uirbeacha ar leith. Maidir leis an ndaingneacht tionachta, tugadh roinnt bearta agus leasuithe príomhthábhachtacha isteach leis an Acht um Thionóntachtaí Cónaithe (Leasú) 2019, ar achtaíodh é an 24 Bealtaine 2019, a raibh sé mar chuspóir acu cur leis na cumhachtaí forfheidhmithe atá ag an BTC a, daingneacht tionachta níos fearr a thabhairt do thionóntaí agus tacaíocht a chur ar fáil le haghaidh na socruithe um Chrios Brú Cíosa (RPZ), mar aon le roinnt beart tosaíochta spriocdhírithe eile.

# Caibidil 8: Bunriachtanais: An Cúram Sláinte, an Tithíocht, an Fuinneamh agus an Bia

Tá bearta glactha ag an Rialtas freisin chun cur leis an stoc nua tithíochta (an tithíocht shóisialta san áireamh); chun aonaid tithíochta fholmha a athúsáid; chun é a dhéanamh níos éasca do dhaoine teacht ar chistí chun a dtithe féin a cheannach; agus, rud tábhachtach, chun cabhrú le daoine na tithe atá acu cheanna féin a choinneáil agus a dhaingniú. Níl aon 'tobréitigh' ann, áfach. Tógann sé am aghaidh a thabhairt ar an easnamh tithíochta agus teastaíonn an buanseasmhacht díograis, go háirithe nuair atá an geilleagar agus an líon daoine ag fás. Seo é an comhthéacs inar leagadh amach raon réiteachh agus beart chun freastal ar na riachtanais tithíochta teaghlach agus daoine aonair atá sa tír seo in *Ag Atógáil Éireann*, *Plean Gníomhaíochta an Rialtais maidir leis an Easpa Dídine agus an Tithíocht*.

Táthar chun breis is 50,000 teach sóisialta nua a sholáthar sa tréimhse suas go dtí 2021 tríd an tógáil, an athchóiriú, an ceannachán agus an léasú faoin *bPlean Gníomhaíochta Atógáil Éireann*. Ina theannta sin, freastalófar ar riachtanais tithíochta 88,000 teaghlach leis an scéim Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta agus leis an Scéim Cóiríochta Cíosa. Tá sé geallta ag an Rialtas 12,000 aonad bhreise tithíochta sóisialta a sholáthar gach uile bhliain, trí chláir tógála, athchóirithe, éadála agus léasaithe sna blianta amach romhainn i ndiaidh 2021. Faigheann *Atógáil Éireann* tacaíocht ó chreat infheistíochta foriomlán de níos mó ná €6 billiún agus, in 2020 amháin, chuir an Rialtas buiséad tithíochta de €2.6 billiún ar fáil, an buiséad is airde riamh a bhí ann in aon bhliain amháin.

## Tacaíochtaí chun Costais Fuinnimh a Bhainistiú

Tacaíonn an Rialtas cheana féin le daoine atá i mbaol bochtaineachta fuinnimh le roinnt tacaíochtaí/fóirdheontais ioncaim díreacha curtha ar fáil idir cinn a bhaineann go díreach leis an mbreosla agus cinn atá gaolmhar leis an fhuinneamh. Ina measc siúd, áirítear an Pacáiste Sochair Teaghlaigh agus an Liúntas Breosla Saor in Aisce lena soláthraítear fóirdheontas díreach iarchánach de €1,050 in aghaidh na bliana do dhaoine a bhfuil íocaíochtaí cáilitheacha leasa shóisialaigh ar fáil acu.

Anuas ar na tacaíochtaí/fóirdheontais ioncaim seo, tá aitheantas tugtha sa Straitéis chun Comhrac na Bochtaine Fuinnimh[17], a bhfuil bonn eolais curtha leis an mbonn fianaise arna táirgeadh ag an ESRI agus ag Comhlachas San Uinseann, gur féidir an díothacht a laghdú go buan ar bhealach nach féidir a bhaint amach le tacaíochtaí ioncaim ach an fuinneamh a úsáid go héifeachtach. Mar shampla, trí rátáil fuinnimh foirgnimh tí a fheabhsú ó E1 go B2 féadann sé coigilteas bliantúil de €2,524 in aghaidh na bliana a bhaint amach don teaghlach. Sin é an fáth go bhfuil uasghrádú éifeachtúlachta fuinnimh saor in aisce curtha ar fáil cheana féin leis an scéim Tithe Níos Fearr Fuinneamh Níos Fearr Fuinnimh do níos mó ná 135,000 teaghlach atá ag fáil íocaíochtaí cáilitheacha leasa. Tá an Scéim Teasa agus Folláine, scéim €20m d'idirghabhálacha domhain-éifeachtúla ó thaobh fuinnimh atá dírithe ar dhaoine i mbochtaineacht fuinnimh atá ag fulaingt ó dhálaí géara sláinte, á phíolótú freisin. Tá geallta tugtha sa straitéis freisin critéir incháilitheachta a leathnú do scéimeanna éifeachtúlachta fuinnimh chun níos mó daoine atá ina gcónaí faoi dhíothacht a ghabháil agus úsáid níos mó a bhaint as cineálacha cur chuige faoi stiúir an phobail chun aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh.

Cuimsíonn an Plean Gníomhaíochta Aeráide a foilsíodh le déanaí tiomantas chun athbhreithniú a dhéanamh ar bhealaí chun feabhas a chur ar an gcaoi a ndíríonn na scéimeanna bochtaineachta fuinnimh atá ann faoi láthair ar na daoine is mó atá i ngátar. Áireofar leis seo scrúdú a dhéanamh ar roghanna chun sruthanna maoinithe a mhéadú do scéimeanna reatha bochtaineachta fuinnimh agus bealaí a aithint chun éifeachtúlachtaí a mhéadú, costais a laghdú agus acmhainn agus scileanna i seachadadh na scéimeanna sin a mhéadú. Déanann an Plean Gníomhaíochta Aeráide breithniú freisin ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige agus aghaidh á tabhairt leis an éigeandáil aeráide ar dhaoine aonair agus ar ghrúpaí sa tsochaí agus tá tiomantas ann lena chinntiú, agus tograí á bhforbairt maidir leis an bpraghsáil charbóin, go mbreathnófar ar an tionchar a bhíonn aige ar ghrúpaí ar ioncam íseal agus orthu siúd a bhfuil dúshláin níos mó le glacadh leo.

17 https://www.dccae.gov.ie/en-ie/energy/publications/Documents/5/A%20Strategy%20to%20Combat%20Energy%20Poverty%20-%20Web%20Version.pdf

## An Bhochtaineacht Bia

Tá an Bhochtaineacht Bia sainmhínithe mar an neamhábaltacht aiste bia leordhóthanach cothaitheach a bheith agat mar gheall ar chúiseanna inacmhainneachta nó inrochtaineachta. Déantar é a thomhas[18] de réir chéatadán na ndaoine a bhaineann ceann amháin nó níos mó de na trí rudaí seo a leanas leo:

- Níltear in ann béile le feoil, nó a choibhéis veigeatóra, a sholáthar uair gach dhá lá;
- Níltear in ann dinnéar rósta (nó a choibhéis veigeatóra) a sholáthar uair sa tseachtain
- Bhí ort déanamh gan béile scamhardach amháin sa choicís atá díreach tar éis dul thart mar gheall ar easpa airgid

Tháinig méadú ar an ráta bochtaineachta bia, suas ó 7% in 2007, thar shaolré an Ghníomhaithe Náisiúnta um an Ionchuimsiú Sóisialta 2007-2017, agus an bhuaicphointe bainte amach in 2013 le ráta de 13.2%. Bhí sé seo ag teacht le méaduithe atá tar éis a bheith curtha leis an tomhas bunúsach díothachta a tháinig chun buaice in 2013. Faoi 2018, bhí sé tar éis titim síos go 7%, leibhéal amhail an leibhéal a bhí ann in 2007.

Táthar thar a bheith sásta leis an laghdú seo ina bhfuil an tionchar atá ag rannpháirtíocht na hÉireann i gclár FEAD an AE (Cúnamh Bia do na Daoine is Díothaí) le brath, go páirteach ar a laghad, chomh maith le an leathnú amach na seirbhíse béilí scoile, agus cláir éagsúla eile dála 'béilí ar rothaí'. Tá cúis imní fós ann, áfach, agus 7% de dhaoine atá ag maireachtáil i mbochtaineacht bia.

Dá bhrí sin, ar mhaithe le dul i ngleic leis an gceist seo, tá sé tiomanta ag an Rialtas clár cuimsitheach oibre a fhorbairt chun iniúchadh breise a dhéanamh ar spreagthaí na bochtaineachta bia agus chun gníomhartha maolaitheacha a aithint. Comhlánóidh sé seo an beart atá sa straitéis Chéad 5 do leanaí agus do leanaí óga, chun ceist na bochtaineachta bia a aithint agus a scóip. Chuir an Rialtas tús le clár píolótach chun clár béilí scoile te a thabhairt isteach sa scoilbhliain 2019-2020 agus breithneoidh sé na conclúidí a rinneadh sa chlár píolótach sin i Ráithe 3 2020.

## Ráiteas na nGealltanas

Ag seo, sa tábla thíos, tá leagtha amach na gealltanais atá tugtha ag an Rialtais agus atá leagtha amach sa chaibidil seo, agus a bheidh ag teacht faoi réir monatóireachta agus tuairiscithe faoi phróiseas rialachais an Treochlár seo:

| Uimh. | Gealltanas | Ranna Freagracha | Amlíne |
|---|---|---|---|
| 54 | Sláintecare a chur i bhfeidhm trí phleananna gníomhaíochta bliantúla a chur i bhfeidhm agus tuairisc a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme an straitéise Sláintecare chomh maith le beartais sláinte eile ar nós Smile agus Sláinte. | RS | Ar leanúint go dtí 2026 |

18 Ní staitistic oifigiúil de chuid na Príomh-Oifige Staidrimh é an ráta bochtaineachta bia. Is táscaire tógálach/díorthach speisialta é a d'fhorbair taighdeoir comhlach neamhspleách le haghaidh taighde ad hoc ar an mbochtaineacht a choimisiúnaigh an RGFCS in 2012.

| Uimh. | Gealltanas | Ranna Freagracha | Amlíne |
|---|---|---|---|
| 55 | Beartas Sláinte um an Ionchuimsiú a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais chúram sláinte grúpaí atá eisiata go sóisialta a bhíonn thíos leis mar gheall ar an éagothroime níos mó ná daoine eile. | RS | Beartaithe tús a bheith curtha leis an obair in 2019 |
| 56 | Athbhreithniú a dhéanamh ar an bhféidearthacht an cur chuige Smile agus Sláinte a oiriúnú do sheirbhísí cúraim phríomhúil eile, lena n-áirítear seirbhísí oftalmacha. | RS | R2 2021 |
| 57 | Athbhreithniú a dhéanamh ar oibriúchán na scéime Sochair Cóireála agus machnamh a dhéanamh ar na roghanna atá ann chun an tionchar atá ag an scéim sin ar an díothacht agus an bochtaineacht a laghdú. | RGFCS | R3 2020 |
| 58 | An t-aistriú de na héilitheoirí fadtéarmacha ar an fhorlíonadh cíosa go dtí an scéim Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta a thabhairt chun críche mar chuid de Atógáil Éireann. | RTPRA; RGFCS | R4 2020 |
| 59 | Faoi Atógáil Éireann, tabhair 50,000 teach sóisialta nua tríd an tógáil, an athchóiriú, an éadáil agus an léasú, agus 12,000 teach breise tithíochta sóisialta a sheachadadh gach uile bhliain, trí chláir tógála, athchóirithe, éadála agus léasaithe. | RTPRA | 50,000 faoi dheireadh 2021<br>12,000<br>in aghaidh na bliana<br>ina dhiaidh sin |
| 60 | Déan athbhreithniú ar bhealaí chun feabhas a chur ar an gcaoi a ndíríonn na scéimeanna reatha bochtaineachta fuinnimh ar na daoine is mó atá i ngátar, mar chuid den Phlean Gníomhaíochta ar Son na hAeráide. | RCGAC | R4 2019 |
| 61 | Clár cuimsitheach oibre a fhorbairt chun iniúchadh breise a dhéanamh ar spreagthaí na bochtaineachta bia agus chun gníomhaíochtaí maolaitheacha a aithint. | RS; RGFCS; RFTP; RCPA; ROS; RLGÓ | R2 2021 |
| 62 | Clár béilí a chur ar thriail i láithreáin fhoghlaim agus chúram na luath-óige chun aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht bia do leanaí óga. | RLGÓ | R4 2020 |
| 63 | Tabhair isteach clár thrialach um béilí scoile teo.<br><br>Athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár trialach (RGFCS le cuidiú ón ROS) agus tuairisc a chur faoi bhráid an Rialtais, agus moltaí áirithe ann (féach freisin *gealltanas 34 thuas).* | RGFCS<br><br>RGFCS; ROS; RCPA | R3 2019<br><br>R2 2021 |

# Caibidil 9

## An Cur i bhFeidhm agus an Rialachas

# Caibidil 9: An Cur i bhFeidhm agus an

Tá cur i bhfeidhm rathúil na bearta atá leagtha amach sa Treochlár seo bunriachtanach chun an uaillmhian a bhaint amach maidir le bheith ar an tír is uilechuimsithí go sóisialta san AE agus chun na seacht gcuspóir lárnacha a leagtar amach i ngach ceann de na caibidlí roimhe seo a bhaint amach. Tá trí ghné ann lena chinntiú go gcuirtear na gealltanais i bhfeidhm le tionchar:

- Próiseas rialachais údarásach a bhunú, a fhéadfaidh tacú leis na daoine i ngach Roinn agus gníomhaireacht atá freagrach as seachadadh; a aithint an bhfuil ag teip ar chur chun feidhme; agus an feabhsúchán cuí a shainordú.
- Measúnú a dhéanamh ar fheidhmiú an tionchair trí chinnte a dhéanamh de go bhfuil sonraí oiriúnacha ar fáil go tráthúil agus go mbaintear tairbhe as an anailísíocht eolasach agus shaineolach chun an tionchar a mheas.
- Tuairisciú a thabhairt go poiblí ar an dul chun cinn agus athbhreithniú a dhéanamh ar na bearta ag am oiriúnach lena n-áireofar meastóireacht faoina bhfuil gá ann aon bhearta a athrú, a bhaint nó a chur leis an gclár gníomhaíochta.

## An Rialachas

Geallann an Rialtas Grúpa Stiúrtha Treochlár um Chuimsiú Sóisialta (SIRSG) a bhunú a mbeidh an tAire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí ina chathaoirleach air. Cuimseoidh an grúpa seo ionadaithe sinsearacha ó Ranna freagracha ar Leibhéal Rúnaí Cúnta a ainmneofar mar Oifigigh Freagrachta um an Ionchuimsiú Sóisialta (SIRO). Cinnteoidh sé seo go mbeidh an cur i bhfeidhm go daingean ar chlár oibre Bhord Bainistíochta gach Roinne. Beidh beirt bhall seachtracha, ar a laghad, sa Ghrúpa Stiúrtha.

Tá sé beartaithe go mbuailfidh an Grúpa Stiúrtha le chéile dhá uair sa bhliain le Rannán um Chuimsiú Sóisialta na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí ag soláthar na rúnaíochta agus ag comhordú gníomhaíochtaí a thuairiscíonn sna tréimhsí idir cruinnithe foirmiúla. Chomh maith leis an nGrúpa Stiúrtha, beidh an Treochlár faoi réir monatóireachta agus maoirseachta ar leibhéal na Comh-Aireachta, na hOifige Sinsearaí agus na Roinne.

### An tÚdarás Faireacháin ar leibhéal an Rialtais:

Beidh sé seo dílsithe don Choiste Comh-Aireachta atá freagrach as an mBeartas Sóisialta. Is ón Rialtas a fhaigheann Coistí Comh-Aireachta a n-údarás agus mar bhallraíocht bíonn beirt chomhaltaí nó níos mó ná sin de chuid an Rialtais orthu. Is é an Taoiseach a dhéanann an chathaoirleacht orthu. Tá sé mar aidhm ag obair an Choiste Comh-Aireachta a chinntiú go dtacaíonn beartais agus seirbhísí poiblí le sochaí atá uilechuimsitheach go sóisialta agus chun cuidiú leis an tseirbhís phoiblí a athnuachan agus a athrú.
Cuirfidh an tAire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, ina cháilíocht mar chathaoirleach an SIRSG, tuarascáil bhliantúil ar an dul chun cinn faoi bhráid an Choiste.

### Údarás Ranna chun Páirt a Ghlacadh:

Dílsítear é seo i nGrúpa na nOifigeach Sinsearach ag tuairisciú don Choiste Comh-Aireachta. Bunaíodh Grúpa na nOifigeach Sinsearach chun tacú le hobair an Choiste Comh-Aireachta. Is gnách go dtagann sé le chéile roimh chruinnithe an Choiste Comh-Aireachta ach is féidir leis comhordú trasrannach a sholáthar freisin ar shaincheisteanna ábhartha nach gá a mheas go foirmiúil ag Coiste Comh-Aireachta. Cuirfear na tuarascálacha bliantúla uile ar an dul chun cinn faoi bhráid an Ghrúpa lena bplé sula ndéanfaidh an Coiste Comh-Aireachta machnamh orthu.

# Caibidil 9: An Cur i bhFeidhm agus an

Féadfaidh an SIRSG tuarascálacha téamacha nó tréimhsiúla eile a mholadh ar chur i bhfeidhm an Treochláir lena mbreithniú ag an nGrúpa agus ag an gCoiste Comh-Aireachta, de réir mar is cuí.

Údarás um Monatóireacht agus Tuairisciú ar Dhul Chun Cinn an Treochlár ina iomláine:

Beidh sé seo dílsithe don Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Beidh an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí freagrach as monatóireacht agus tuairisciú ar dhul chun cinn don Treochlár ina iomláine, chomh maith le gníomhartha ábhartha aonair. Déanfaidh Rannán um Chuimsiú Sóisialta na Roinne monatóireacht agus tuairisciú ar dhul chun cinn, a bhfuil freagracht uirthi beartas laghdaithe bochtaineachta agus uilechuimsitheachta sóisialta agus a sholáthróidh an Rúnaíocht don SIRSG.

## Measúnú/Meastóireacht

Tá sé ríthábhachtach go bhfuil na sonraí agus na tacaíochtaí teicniúla riachtanacha i bhfeidhm chun forbairt, monatóireacht agus meastóireacht ar an Treochlár seo a chumasú agus freisin maidir le cuimsiú sóisialta agus laghdú bochtaineachta i mbeartas uile an rialtais. Oibreoidh an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí go dlúth le Ranna Rialtais eile agus leis an bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO) d’fhonn tomhas níos fearr ar thorthaí beartais a éascú agus chun comhoibrithe a fhorbairt tuilleadh. Beidh an saothar seo á threorú agus á threorú ag obair an Ghrúpa Comhairleach Teicniúil a thionólann agus a chathaoirleacht an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí trí huaire in aghaidh na bliana ar a laghad.

## An Tuairisciú agus an tAthbhreithniú

Leathnófar an Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn Bochtaineachta agus Cuimsithe Sóisialta (Monatóir um Chuimsiú Sóisialta) arna foilsiú ag an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, chun nuashonrú stádais a áireamh ar na tiomantais go léir sa Treochlár seo, chomh maith le dul chun cinn maidir leis na spriocanna a bhaint amach do gach ceann de na méadrachtaí atá liostaithe i gCaibidil 1. Chomh maith le bheith curtha faoi bhráid an Ghrúpa Stiúrtha agus an Rialtais, beidh sé foilsithe ar shuíomh Gréasáin an Rialtais (www.gov. Ie), agus cuirfear cóip de isteach i leabharlann an Oireachtais.

Féachfaidh an tAire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí leis an tuarascáil a chur i láthair agus a phlé leis an gComhchoiste Oireachtais ar Ghnóthaí Fostaíochta agus Cosaint Shóisialta

Faoi dheireadh, tabharfar faoi athbhreithniú meántéarmach neamhspleách ar an Treochlár in 2022.

## Córais Faireacháin agus Meastóireachta

Cé go dtuairisceofar forfheidhme na bearta atá sa Treochlár sa tuarascáil bhliantúil ar an dul chun cinn, tá sé tábhachtach córais a bheith i bhfeidhm chun an mhonatóireacht agus an mheastóireacht a dhéanamh ar fhorbairt agus ar éifeachtacht an bheartais fad a tréimhse feidhme. Tá an Rialtas tiomanta cheana féin do phróiseas profála buiséid agus beartais a fhorbairt mar bhealach chun an comhionannas a chur chun cinn, chun an bhochtaineacht a laghdú agus chun cur le cearta eacnamaíocha agus sóisialta. Beifear ag cur leis na córais atá ann cheana leis seo, an measúnú tionchair bochtaineachta, mar shampla.

# Caibidil 9: An Cur i bhFeidhm agus an

### Measúnú tionchair bochtaineachta (PIA):

Is é seo an próiseas trína ndéanann ranna rialtais, údaráis áitiúla agus gníomhaireachtaí Stáit measúnú ar bheartais agus ar chláir ag céimeanna dearaidh, cur chun feidhme agus athbhreithnithe maidir leis an tionchar dóchúil a bheidh acu, nó a bhí acu, ar bhochtaineacht. Tá Measúnuithe Tionchair Bochtaineachta fós ina gcuid thábhachtach den phróiseas measúnaithe tionchair rialála.

### An Comhionannas agus an Cruthúnas Inscne:

Agus Promhaidh Comhionannais agus Inscne á tabhairt isteach, táthar ag áirithiú go bhfuil socruithe institiúideacha curtha i bhfeidhm chun tacú leis an gcomhionannas agus an promhadh inscne, san oifig fhioscach neamhspleách agus buiséid agus laistigh de phríomh-ranna rialtais, agus tarraingíonn sé ar shaineolas Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC) tacú leis an bpróiseas profála. Dhírigh scóip an tionscnaimh seo ar inscne i dtosach ach leathnaíodh é go gnéithe eile den chomhionannas lena n-áirítear an bhochtaineacht, an neamhionannas socheacnamaíoch agus an míchumas. Tá Grúpa Sainghrúpa Comhairleach ar an mBuiséadú agus an Comhionannais ag tacú le forbairt an tionscnaimh.

### Dualgas Earnála Poiblí:

Tá sé de fhreagracht ar gach comhlacht poiblí in Éirinn an comhionannas a chur chun cinn, an t-idirdhealú a chosc agus cosaint a thabhairt do chearta daonna a chuid custaiméirí, a n-úsáideoirí seirbhíse agus gach uile dhuine a dtéann a gcuid beartas agus pleananna i bhfeidhm orthu. Chuir Dualgas Comhionannais agus Cearta an Duine na hEarnála Poiblí eolas leis an Treochlár seo agus é á fhorbairt.

### Measúnú Tionchair Shóisialta (SIA):

Is modheolaíocht fianaise-bhunaithe í seo a dhéanann meastachán ar na héifeachtaí dáileacháin dóchúla a bheidh ag beartais ar ioncaim teaghlaigh, ar theaghlaigh, ar an mbochtaineacht agus ar an rochtain ar phoist. Úsáideann sé samhail ionsamhlúcháin leasa cánach ar a dtugtar SWITCH[19], ar fhorbair an Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) é, chun tionchair dáileacháin agus bochtaineachta na mbeartas ar chineálacha éagsúla teaghlach, ar ghrúpaí saolré agus ar an inscne a thomhas. Tá an tsamhail in úsáid faoi láthair ag an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí; an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe; an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige; an Roinn Sláinte agus an Roinn Airgeadais.

Leanfaidh an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí ag foilsiú Measúnacht Tionchair Shóisialta chomhtháite, lena gcuimseofar na bearta leasa agus cánach dírí príomhúla sa bhuiséid gach uile bhliain. Is é an aidhm atá leis ná tuiscint an phobail a threorú ar éifeacht charnach na mbeartas buiséadach ar dháileadh ioncaim agus ar chomhionannas sóisialta. Foilseofar an Measúnú Tionchair Shóisialta ar gach Buiséad ar shuíomh Gréasáin an Rialtais (www.gov.ie).



19 Athruithe Leasa agus Athruithe Cánach Ioncaim a Ionsamhlú

75

# Caibidil 9: An Cur i bhFeidhm agus an

## Ráiteas na nGealltanas

Ag seo, sa tábla thíos, tá leagtha amach na gealltanais atá tugtha ag an Rialtais agus atá leagtha amach sa chaibidil seo, agus a bheidh ag teacht faoi réir monatóireachta agus tuairiscithe faoi phróiseas rialachais an Treochlár seo:

| Uimh. | Gealltanas | Ranna Freagracha | Amlíne |
|---|---|---|---|
| 64 | Grúpa Stiúrtha Treochlár um Chuimsiú Sóisialta a bhunú a mbeidh an tAire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí ina chathaoirleach air. | RGFCS | R1 2020 |
| 65 | Bainisteoir sinsearach ag leibhéal Rúnaí Cúnta a cheapadh mar Oifigeach Freagrach ar an Ionchuimsiú Sóisialta chun freastal ar an nGrúpa Stiúrtha. | Ranna a bhfuil gealltanais tugtha acu sa Treochlár | R1 2020 |
| 66 | Téigh i mbun oibre leis an bPríomh-Oifig Staidrimh agus le comhlachtaí ábhartha eile chun a chinntiú go bhfuil na sonraí sin ar fáil atá de dhíth chun an dul chun cinn a rianú agus chun tionchar a mheas. | RGFCS | R1 2020 |
| 67 | Tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ar an dul chun cinn atá déanta in éadan gach aon ghealltanas agus slat tomhais príomhúil. | RGFCS | Bliantúil |
| 68 | An tuarascáil a chur faoi bhráid an Chomhchoiste Oireachtais um Ghnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus plé a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta leis. | RGFCS | Bliantúil |
| 69 | Cárta tuairisce bliantúil a fhoilsiú ar an dul chun cinn atá déanta in éadan gach aon ghealltanas agus uaillmhian. | RGFCS agus Ranna a bhfuil gealltanais acu sa Treochlár | Bliantúil |

# Aguisíní:
# Cáipéisí Tacaíochta

**Aguisín 1:**

Liosta Iomlán na nGealltanas

Tá na cáipéisí tacaíochta seo a leanas ar fáil ar leathanach gréasáin na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí ar láithreán gréasáin an Rialtais (www.gov.ie).

**Aguisín 2:** Treochtaí sna Sonraí um an Ionchuimsiú Sóisialta don tréimhse 2010-2018

**Aguisín 3:** Gluais

**Aguisín 4:** Tionscnaimh AE agus tionscnaimh idirnáisiúnta

# Aguisín 1:
# Liosta Iomlán na nGealltanas



| Uimh. | Gealltanas | Ranna Freagracha | Amlíne^ |
|---|---|---|---|
| 1 | A chinntiú go ndéantar monatóireacht agus tuairisciú ar an dul chun cinn atá déanta maidir le Future Jobs Ireland; Fiontraíocht 2025; an Plean Gníomhaíochta um Printíseachtaí; agus ar an Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna mar chuid de chlár monatóireachta an Treochláir. | RGFCS; RGFN; ROS | Fós ar siúl |
| 2 | Straitéis nua um Breisoideachais agus Oiliúna a fhorbairt agus a fhoilsiú don tréimhse cúig bliana atá díreach le teacht, ó 2020 ar aghaidh lena chinntiú go mbeidh forálacha sonracha ann chun tacú le grúpaí atá eisiata go sóisialta chun rochtain a fháil ar thacaíochtaí oiliúna agus oideachais. | ROS | R1 2020 |
| 3 | Straitéis um sheirbhísí fostaíochta a fhorbairt agus a fhoilsiú le tabhairt isteach mar chomharba do Chonairí Chun Oibre, agus béim curtha sa straitéis sin ar an iarracht chun an rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a mhéadú agus aistrithe fostaíochta a fheabhsú. | RGFCS | R1 2020 |
| 4 | Athbhreithniú a dhéanamh ar chláir atá ann cheana mar chuid den straitéis um sheirbhísí fostaíochta nua, chun freastal ar riachtanais grúpaí imeallaithe/daoine atá eisiata go sóisialta. | RGFCS; ROS | R1 2020 |
| 5 | Comhairle Chomhairleach don Mhargadh Saothair a thionól chun comhairle a thabhairt maidir le forbairt plean le tabhairt isteach in ionad Chonairí chun Oibre. | RGFCS | R1 2020 |
| 6 | Feachtas cumarsáide a fhorbairt chun aird a tharraingt ar chumas daoine príomhshochair leasa a choinneáil agus iad ag tosach post a bheith acu. | RGFCS | R4 2019 |
| 7 | Tréimhse breise den tsaoire do thuismitheoirí íoctha d'aon choicís amháin breise a chur i bhfeidhm in 2019 agus é seo a shíneadh amach thar thréimhse seacht seachtaine sna trí bliana ina dhiaidh sin *(féach gealltanas 29 thíos freisin).* | RDCC; RGFCS | R4 2019 |
| 8 | Cuir an Scéim Náisiúnta um Chúram Leanaí nua i bhfeidhm, ar seoladh é i mí na Samhna 2019 *(féach gealltanas 30 thíos freisin).* | RLGÓ | R4 2019 |

| Uimh. | Gealltanas | Ranna Freagracha | Amlíne^ |
|---|---|---|---|
| 9 | Tabhairt faoi Mheasúnú ar Riachtanais na Cúramóirí laistigh d'eagraíochtaí cúraim sláinte pobail chun riachtanais chúramóirí teaghlaigh a mheas sna grúpaí cúraim uile. | RS | Beartaithe tús a bheith curtha leis an obair in 2020 |
| 10 | Scéim rialála reachtúil nua don chúram baile a thabhairt isteach atá saincheaptha chun tacú le cúramóirí teaghlaigh agus chun comhtháthú le seirbhísí sláinte agus le cúraim shóisialta eile. | RS | Beartaithe tús a bheith curtha leis an obair in 2019 |
| 11 | Scrúdaigh na roghanna atá ann chun tacú le cúramóirí ar mian leo cur leis an méid rannpháirtíochta atá acu san fhostaíocht, san oideachas nó san oiliúint lánaimseartha. | RGFCS | R2 2020 |
| 12 | Cód iompair reachtúil a chur i mbun chun stádas fostaíochta oibrithe a chinneadh. | RGFCS | R1 2020 |
| 13 | Forbair agus leathnaigh amach an fhoireann um an iniúchadh dírithe a bunaíodh chun cásanna inar dtugann oibrithe fógairt bhréige go bhfuil siad féinfhostaithe chun críocha árachais shóisialta a iniúchadh agus a ionchúiseamh de réir mar is cuí. | RGFCS | Fós ar siúl |
| 14 | Reachtaíocht a fhorfheidhmiú ina bhfuil foráil déanta do mhuirir úis a ghearradh ar íocaíochtaí ranníocaíochtaí árachais shóisialta déanacha sa chás go raibh oibrí dearbhaithe mar 'fhéinfhostaithe' ar bhonn bréagach mícheart. | RGFCS | Fós ar siúl |
| 15 | Rinne an Coimisiún, le tacaíocht a fuair sé ón gComhairle Chomhairleach um an Margadh Saothair, staidéar ar threochtaí i socruithe fostaíochta in Éirinn. | RGFCS | R2 2020 |
| 16 | Feachtas cumarsáide a fhorbairt agus a reáchtáil chun cur leis an fheasacht ar íocaíochtaí tacaíochta ioncaim do dhaoine atá ag obair le haghaidh teaghlaigh atá ar ioncaim ísle. | RGFCS | R4 2019 |
| 17 | Athbhreithniú débhliantúil a thionscnamh ar na tairseacha tuillimh a úsáidtear chun cáiliú le tacaíochtaí ioncaim do theaghlaigh atá ag obair agus atá ar ioncaim ísle. | RGFCS | R3 2020 |

| Uimh. | Gealltanas | Ranna Freagracha | Amlíne^ |
|---|---|---|---|
| 18 | Leanúint ar aghaidh ag díriú ar an bhochtaineacht i measc leanaí agus teaghlaigh ar ioncaim ísle a laghdú mar chuid den phróiseas buiséadach bliantúil. | RGFCS; RCPA | Fós ar siúl |
| 19 | Sprioc nua a bhunú don Bhochtaineacht Leanaí, agus tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtaca leis an sprioc sin, chun rangú na hÉireann a fheabhsú ón 20ú tír is fearr suas go dtí an 5ú tír is fearr, ar a laghad, faoi bhliain tuairiscithe SILC an AE le haghaidh 2025. Is ionann sin agus céatadán na leanaí atá faoi 18 mbliana d'aois atá i mbaol bochtaineachta agus eisiata shóisialta a laghdú síos ó 23.9% go dtí 16%. | RGFCS | R1 2020 – R4 2025^^ |
| 20 | Sprioc nua a leagadh síos chun rangú AE na hÉireann i dtéarmaí na 'bochtaineachta in-oibre' a fheabhsú tuilleadh, suas ón 3ú rangú go dtí an 2ú rangú trí ráta na bochtaineachta in-oibre a laghdú síos go dtí 2%, agus tuairisc a dhéanamh i ndáil leis an sprioc sin. | RGFCS | R1 2020 – R4 2025^^ |
| 21 | Athbhreithniú a dhéanamh ar roghanna atá ann chun an inniúlacht roimh an mbainistíocht airgeadais agus an tuiscint/rochtain ar an mbainistíocht airgeadais a fheabhsú i gcás daoine atá ar ioncaim ísle agus tuairisc a chur faoi bhráid an Rialtais agus moltaí maidir le cur chuige ann. | RGFCS; ROS; RFTP | R2 2020 |
| 22 | Cur chuige a thabhairt chun críche don Rialtas maidir le híocaíochtaí pinsin a thagarmharcáil go ndéanfaidh siad cinneadh ina leith. | RGFCS | R1 2020 |
| 23 | Faoi réir chinneadh an Rialtais, aon athruithe riachtanacha ar an reachtaíocht a fhorbairt agus a ullmhú chun cur chuige tagarmharcála a chur i bhfeidhm. | RGFCS | R1 2020 |
| 24 | Bain úsáid as an tagarmharc chun na hathruithe pinsin a choigeartú i mBuiséad 2021. | RGFCS; RCPA | R4 2020 |
| 25 | Déan machnamh ar na bealaí féideartha atá ann chur chuige tagarmharcála a chur i bhfeidhm maidir le híocaíochtaí leasa eile, agus ullmhú tuarascáil maidir leis sin le bheith curtha faoi bhráid an Rialtais. | RGFCS | R3 2020 |
| 26 | Leanúint ar aghaidh ag traenáil Dochtúirí Teaghlaigh agus foirne cúraim phríomhúil a dhéanann an néaltrú a bhainistiú faoin Oideachas Cúraim Phríomhúil agus faoi Chonairí agus Taighde sa Néaltrú Tionscadal (ULLMHÚ). | RS | Fós ar siúl |

| Uimh. | Gealltanas | Ranna Freagracha | Amlíne^ |
|---|---|---|---|
| 27 | 4,500 leaba cúraim chónaithe breise, idir leabaí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha, a sholáthar ar fud an chórais phoiblí in Aonaid Altranais Pobail agus in áiseanna eile chun tarraingt siar.8 [1] | RS | 2027 |
| 28 | Leanúint ar aghaidh leis an obair atá á déanamh in 90 aonad altranais pobail phoiblí agus saoráidí cúraim chónaithe fadtéarmacha do dhaoine aosta ar fud na tíre, idir iad a athchóiriú agus ionaid nua a thógáil ina n-ionad. | RS | Fós ar siúl |
| 29 | Tréimhse breise den tsaoire do thuismitheoirí íoctha d'aon choicís amháin breise a chur i bhfeidhm in 2019 agus é seo a shíneadh amach thar thréimhse seacht seachtaine sna trí bliana ina dhiaidh sin *(féach gealltanas 7 thuas freisin).* | RDCC; RGFCS | R4 2019 |
| 30 | Cuir an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí nua i bhfeidhm, ar seoladh é i mí na Samhna 2019 *(féach gealltanas 8 thuas freisin)* | RLGÓ | R4 2019 |
| 31 | Raon de bhearta a thabhairt isteach chun cáilíocht sheirbhísí fhoghlaim agus chúram na luath-óige a fheabhsú ionas go gcuirfear níos mó leis an eispéireas agus leis na torthaí dearfacha do naíonáin agus do leanaí óga, an méid cáilíochtaí dóibhsean a n-oibríonn i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óigea san áireamh, chomh maith le forbairt a chur le bonneagar na Forbartha Gairmiúla Leanúnaí (CPD) ó thaobh tacaíochtaí agus meantóireachta de. | RLGÓ; ROS | 2021 |
| 32 | Mar chuid den athchóiriú atá le déanamh ar an shamhail mhaoinithe do fhoghlaim agus cúram na luath-óige, forbair meicníocht oiriúnach chun táillí a ghearrtar ar thuismitheoirí a rialú mar chúiteamhar infheistíocht mhéadaithe Stáit a bheith curtha san inacmhainneacht, sa chaighdeán agus san inbhuanaitheacht. | RLGÓ | 2021 |
| 33 | Forbair sásanna chun tacaí breise a chur ar fáil do sheirbhísí Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige (ELC), i gcásanna ina bhfuil cionroinnt ard de na leanaí ann atá i mbaol bheith i mbochtaineacht chun tionchar an luath-mhíbhuntáiste a laghdú. Go sonrach, déan clár bunaithe ar an múnla DEIS chun an ELC a chur ar fáil i gcomhthéacs na míbhuntáiste | RLGÓ | 2021 |

[1] Le soláthar a dhéanamh dó faoin bPlean Forbartha Náisiúnta arna fhoilsiú mar chuid de thionscnamh beartais Thionscadal Éireann 2040

| Uimh. | Gealltanas | Ranna Freagracha | Amlíne^ |
|---|---|---|---|
| 34 | Déan torthaí ón triail phíolótach béilí scoile te don bhliain 2019/2020 a mheas agus togra a chur ar aghaidh chuig an Rialtas maidir leis an fhéidearthacht agus an inmhianaitheacht atá i gceist chun an triail phíolótach a leathnú amach chuig gach aon scoil *(féach gealltanas 63 thíos freisin).* | RGFCS; RCPA | R2 2021 |
| 35 | An Cúram Dochtúirí Teaghlaigh a leathnú amach gan táillí do leanaí idir 6 agus 12 bliana d'aois ar bhonn céimnithe dar tús in 2020. | RS | R4 2020 |
| 36 | Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras reatha chun an duine fásta tánaisteach sa teaghlach a rangú mar 'dhuine fásta cleithiúnach' d'fhonn íocaíochtaí agus tacaíochtaí leasa a phearsanú. | RGFCS | R2 2020 |
| 37 | Taighde agus sonraí atá cothrom le dáta a úsáid chun na cinntí a dhéantar maidir le leibhéal na neamhshuime ioncaim a threorú chun a bheith cinnte de nach mbeidh tuismitheoirí aonair faoi mhíbhuntáiste má théann siad leis an obair pháirtaimseartha. | RGFCS | Fós ar siúl |
| 38 | Bearta agus gníomhaíochtaí ar leith a shainaithint lenar féidir cur leis an ráta fostaíochta i measc tuismitheoirí aonair mar chuid den straitéis nua um sheirbhísí fostaíochta. | RGFCS | R4 2020 |
| 39 | Leanúint ar aghaidh le cur i bhfeidhm Phlean DEIS 2017. | ROS | Fós ar siúl |
| 40 | Leanúint ar aghaidh ag tuairisciú ar an dul chun cinn atá déanta in éadan na sprice náisiúnta chun líon na leanaí atá ag maireachtáil sa bhochtaineacht sheasta a laghdú faoi dheireadh 2020 agus sprioc nua a leagan síos don tréimhse suas go dtí deireadh 2025 i gcomhréir le haon spriocanna athbhreithnithe den AE don tréimhse a bhíonn ann. | RGFCS; RLGÓ; ROS; RS | Fós ar siúl |
| 41 | Tá sé geallta ag an Rialtas chun leanúint leis an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais a chur i bhfeidhm chomh maith leis an Straitéis um an Fhostaíocht Chuimsitheach agus go ndéanfar an t-athbhreithniú orthu in 2021. | RDCC | R4 2021 |

| Uimh. | Gealltanas | Ranna Freagracha | Amlíne^ |
|---|---|---|---|
| 42 | Táthar chun spriocanna laghdaithe bochtaineachta agus fostaíochta ar leith a leagadh síos do dhaoine faoi mhíchumas: An ráta AROPE a laghdú ó 36.9% ag tús báire, síos go 28.7% (2025) agus síos go dtí 22.7% ina dhiaidh sin (2030); agus an ráta fostaíochta a mhéadú ó 22.3% ag tús báire suas go dtí 25% (2021) agus suas go dtí 33% ina dhiaidh sin (2027). | RGFCS | Fós ar siúl |
| 43 | Togra 'dréachtsmaointe' a fhorbairt chun íocaíochtaí fadtéarmacha míchumais a athstruchturú chun an córas a shimpliú agus na hábhair imní a cuireadh in iúl sa tuarascáil Make Work Pay, a chur san áireamh ann, agus dul i mbun comhairle le páirtithe leasmhara maidir leis. | RGFCS | R4 2020 |
| 44 | Staidéar ar chostas an mhíchumais a choimisiúnú agus tuarascáil deiridh a fhoilsiú agus moltaí inti. | RGFCS; RCPA | An Coimisiún R2 2019<br><br>Tuarascáil R1 2020 |
| 45 | Plean forfheidhmithe a fhorbairt chun na cuspóirí a bhaineann le dul i ngleic le uaigneas agus aonrú a bhaint amach. | RS | Cuireadh tús leis in 2019; ag leanúint ar aghaidh in 2020 |
| 46 | Spriocanna nua sonracha a leagan síos lenar féidir forbairt bheartais agus straitéisí ábhartha an Rialtais a threorú: ráta na Saoránachta Gníomhaí a mhéadú suas go 17% agus an Rannpháirtíocht san Obair Dheonach suas go 34%. | Na Ranna Uile | Fós ar siúl |
| 47 | Comharba an Phlean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe a thabhairt chun críche agus a fhoilsiú. | RFTP | R1 2020 |
| 48 | Straitéis Náisiúnta um an Obair Deonach a thabhairt chun críche agus a fhoilsiú. | RFTP | R1 2020 |
| 49 | An t-athbhreithniú ar an Ionchuimsiú Sóisialta a thabhairt chun críche leis an Fhostaíocht Phobail agus aon mholtaí a thagann suas ann a chur i bhfeidhm. | RGFCS | R2 2020 |

| Uimh. | Gealltanas | Ranna Freagracha | Amlíne^ |
|---|---|---|---|
| 50 | Cuir na bearta atá sa Bheartas Náisiúnta Spóirt, 2018-2027, i bhfeidhm (ina bhfuil béim ar leith curtha air go dtabharfar aghaidh ar éagothroime shonracha sa rannpháirtíocht (is é sin le rá grúpaí mionlacha eitneacha, daoine faoi mhíchumas, srl.)). | RITAS | Fós ar siúl |
| 51 | Conradh a dhámhachtain chun an Plean Náisiúnta Leathanbhanda a chur i bhfeidhm. | RCGAC | R4 2019 |
| 52 | An córas agus an leibhéal rannpháirtíochta idir comhlachtaí Rialtais agus an earnáil pobail agus dheonach a athnuachan agus a athbheochan. | Na Ranna Uile | Fós ar siúl |
| 53 | A chinntiú go gcoinnítear teidlíochtaí cómhalartacha thuaidh-theas ar shochair leasa, scéim taistil in aisce na nOileán go léir agus rochtain ar oideachas agus cúram sláinte tar éis Brexit a chur i bhfeidhm. | RGET; RGFCS; ROS; RS | Fós ar siúl |
| 54 | Sláintecare a chur i bhfeidhm trí phleananna gníomhaíochta bliantúla a chur i bhfeidhm agus tuairisc a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme an straitéise Sláintecarechomh maith le beartais sláinte eile ar nós Smile agus Sláinte. | RS | Ag leanúint ar aghaidh go dt 2026. |
| 55 | Beartas Sláinte um an Ionchuimsiú a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais chúram sláinte grúpaí atá eisiata go sóisialta a bhíonn thíos leis mar gheall ar an éagothroime níos mó ná daoine eile. | RS | Beartaithe tús a bheith curtha leis an obair in 2019 |
| 56 | Athbhreithniú a dhéanamh ar an bhféidearthacht an cur chuige Smile agus Sláinte a oiriúnú do sheirbhísí cúraim phríomhúil eile, lena n-áirítear seirbhísí oftalmacha. | RS | R2 2021 |
| 57 | Athbhreithniú a dhéanamh ar oibriúchán na scéime Sochair Cóireála agus machnamh a dhéanamh ar na roghanna atá ann chun an tionchar atá ag an scéim sin ar an díothacht agus an bochtaineacht a laghdú. | RGFCS | R3 2020 |

| Uimh. | Gealltanas | Ranna | Amlíne^ |
|---|---|---|---|
| 59 | Faoi Atógáil Éireann, tabhair 50,000 teach sóisialta nua tríd an tógáil, an athchóiriú, an éadáil agus an léasú, agus 12,000 teach breise tithíochta sóisialta a sheachadadh gach uile bhliain, trí chláir tógála, athchóirithe, éadála agus léasaithe. | RTPRA | 50,000 faoi dheireadh 2021; 12,000 in aghaidh na bliana ina dhiaidh sin |
| 60 | Déan athbhreithniú ar bhealaí chun feabhas a chur ar an gcaoi a ndíríonn na scéimeanna reatha bochtaineachta fuinnimh ar na daoine is mó atá i ngátar, mar chuid den Phlean Gníomhaíochta ar Son na hAeráide. | RCGAC | R4 2019 |
| 61 | Clár cuimsitheach oibre a fhorbairt chun iniúchadh breise a dhéanamh ar spreagthaí na bochtaineachta bia agus chun gníomhaíochtaí maolaitheacha a aithint. | RS; RGFCS; RFTP; RCPA; ROS; RLGÓ | R2 2021 |
| 62 | Clár béilí a chur ar thriail i láithreáin fhoghlaim agus chúram na luath-óige chun aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht bia do leanaí óga. | RLGÓ | R4 2020 |
| 63 | Tabhair isteach clár thrialach um béilí scoile teo.<br><br>Athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár trialach (RGFCS le cuidiú ón ROS) agus tuairisc a chur faoi bhráid an Rialtais, agus moltaí áirithe ann. *(féach gealltanas 34 thuas freisin)*. | RGFCS<br><br>RGFCS; ROS; RCPA | R3 2019<br><br>R2 2021 |
| 64 | Grúpa Stiúrtha Treochlár um Chuimsiú Sóisialta a bhunú a mbeidh an tAire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí ina chathaoirleach air. | RGFCS | R1 2020 |
| 65 | Bainisteoir sinsearach ag leibhéal Rúnaí Cúnta a cheapadh mar Oifigeach Freagrach ar an Ionchuimsiú Sóisialta chun freastal ar an nGrúpa Stiúrtha. | Ranna a bhfuil gealltanais tugtha acu sa Treochlár | R1 2020 |
| 66 | Téigh i mbun oibre leis an bPríomh-Oifig Staidrimh agus le comhlachtaí ábhartha eile chun a chinntiú go bhfuil na sonraí sin ar fáil atá de dhíth chun an dul chun cinn a rianú agus chun tionchar a mheas. | RGFCS | R1 2020 |
| 67 | Tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ar an dul chun cinn atá déanta in éadan gach aon ghealltanas agus slat tomhais príomhúil. | RGFCS | Bliantúil |

| Uimh. | Gealltanas | Ranna Freagracha | Amlíne^ |
|---|---|---|---|
| 68 | An tuarascáil a chur faoi bhráid an Chomhchoiste Oireachtais um Ghnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus plé a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta leis. | RGFCS | Bliantúil |
| 69 | Cárta tuairisce bliantúil a fhoilsiú ar an dul chun cinn atá déanta in éadan gach aon ghealltanas agus uaillmhian. | RGFCS agus Ranna a bhfuil gealltanais acu sa Treochlár | Bliantúil |

Nóta:
Tá 66 gealltanas ar leith luaite sa tábla, trí cinn acu atá le feiceáil i roinnt caibidlí, mar gheall ar struchtúr an Treochláir.

^ I roinnt cásanna, cuirfear tús le cur i bhfeidhm na nGealltanas in 2019 agus leanfaidh sé ar aghaidh go dtí 2020 (nó ina dhiaidh sin).

^^ Tá sé dóchúil go maith go mbeidh na sonraí ábhartha SILC ar fáil faoi 2026/27.

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland